Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

# AN PLEAN NÁISIÚNTA BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

## LE HAGHAIDH GEILLEAGAR CIORCLACH 2024-2030



IMLEABHAR III

**TREOCHLÁR SEACHADTA**

REGIONAL WASTE MANAGEMENT PLANNING OFFICES

# CLÁR ÁBHAR


## BROLLACH

## Cuid A: Tionchar Rialála, Bonneagair agus Aeráide

**1 RÉAMH-MHEASTACHÁIN AGUS IDIRGHABHÁLACHA 9**
1.1 Réamh-mheastacháin DSB agus Idirghabhálacha 9
1.2 Réamh-mheastacháin agus Idirghabhálacha i dtaca le Dramhaíl Tógála agus Scartála 17
1.3 Achoimre 21

**2 CUMAIS AGUS EASNAIMH 22**
2.1 Bailiú Dramhaíola 22
2.2 Cóireáil Dramhaíola Soladaí Bardasaí Iarmharaí 23
2.3 Cóireáil Dramhaíola T&S 26
2.4 Achoimre ar Acmhainneacht agus Easnaimh 27

**3 RIACHTANAIS BONNEAGAIR 28**
3.1 Acmhainneacht Cóireála Bhreise 28
3.2 Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach 30
3.3 Treoir maidir le Suíomh 31
3.4 Bonneagar Teagmhais 32
3.5 Achoimre ar Bhonneagar 32

Achoimre ar Thorthaí Inréadaithe Chuid A 33

## Cuid B: Eagrúchán, Rannpháirtíocht agus Acmhainní

**4 EAGRÚCHÁN 35**
4.1 Socruithe Eagraíochtúla Inmheánacha 35
4.2 Socruithe Eagraíochtúla Molta 36
4.2.1 Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil 36
4.2.2 Colúin Eagraíochtúla Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil 37
4.2.3 Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha 38
4.3 Socruithe Eagraíochtúla Seachtracha 39
4.3.1 Na Príomh-chomhpháirtithe 39
4.3.2 Socruithe Reatha 39
4.3.3 Socruithe Seachtracha Molta 39
4.3.4 Grúpaí Cumasúcháin 40
4.4 Achoimre ar Eagrúchán 40

**5 RANNPHÁIRTÍOCHT 41**
5.1 Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara i bhForbairt an Phlean 41
5.2 Leanúnachas Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara 42
5.2.1 Na Príomh-chomhpháirtithe 43
5.2.2 Príomhpháirtithe Leasmhara Eile 43
5.3 Rannpháirtíocht Phoiblí 44
5.4 Achoimre ar Rannpháirtíocht 45

**6 ACMHAINNÍ 46**
6.1 Forbhreathnú 46
6.2 Leanúnachas Gnó 46
6.3 Acmhainní Breise 48
6.3.1 Cumarsáid 48
6.3.2 Rannpháirtíocht 49
6.3.3 Rialáil 51
6.3.4 Infheistíocht (Poiblí) 52
6.3.5 Infheistíocht (Príobháideach) 52
6.4 Samhail Maoinithe 53

Achoimre ar Thorthaí Inréadaithe Chuid B 55

## Cuid C: Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Maoirseacht

**7 STRAITÉIS FORFHEIDHMITHE 57**
7.1 Forbhreathnú 57
7.2 Plean Oibre Ilbhliantúil Straitéiseach 57
7.3 An Earnáil Rialtais Áitiúil – Plean Oibre Bliantúil 58
7.4 Pleananna Oibre Colúin Eagrúcháin 58
7.5 Meastóireacht ar an bPlean Oibre 59
7.6 Achoimre ar Chur i bhFeidhm 59

**8 MONATÓIREACHT 60**
8.1 Forbhreathnú 60
8.2 Táirgeadh Náisiúnta Dramhaíola 60
8.3 Acmhainneacht Cóireála 61
8.4 Monatóireacht ar mhaithe le Méadrachtaí Nua 62
8.5 Tuairisciú 63
8.6 Achoimre Monatóireachta 65

**9 MAOIRSEACHT 66**
9.1 Forbhreathnú 66
9.2 Maoirseacht Náisiúnta 66
9.3 Maoirseacht Réigiúnach 67
9.4 Achoimre ar Mhaoirseacht 68

Achoimre ar Thorthaí Inréadaithe Chuid C 68

**ACHOIMRE AR AN TREOCHLÁR SEACHADTA 69**

## Táblaí

Tábla 1.1: Tionchar na mBeart Polasaí ar Chosc DSB 9

Tábla 1.2: Laghdú measta sa Táirgeadh DSB ó Bhearta Polasaí ar an gCosc 10

Tábla 1.3: Bearta chun an Ráta Athchúrsála DSB a mhéadú 13

Tábla 1.4: Méadú Measta ar an Athchúrsáil DSB le Bearta atá ann cheana 15

Tábla 1.5: Réamh-mheastacháin i dtaca le Cosc Dramhaíola T&S 18

Tábla 2.1: Athruithe a bhfuiltear ag dúil leo i dtaca le hAcmhainneacht Cóireála DSB Iarmharach 24

Tábla 2.2: Acmhainneacht Cóireála DSB a fhad le 2030 25

Tábla 6.1: Acmhainní Breise leis an Aistriú i dtreo Geilleagar Ciorclach a thabhairt i gcrích (€milliún) 54

Tábla 8.1: Méadrachtaí chun Tacú leis an Uaillmhian, an Aidhm agus na Spriocanna Náisiúnta a Rianú 64

## Fíoracha

Fíor 1.1: Táirgeadh Réamh-mheasta DSB 'Gach Rud mar is Gnách' i gcoinne Idirghabhálacha (fás ard daonra) 12

Fíor 1.2: Táirgeadh Réamh-mheasta DSB Iarmharach agus Athchúrsála DSB (fás ard daonra) 17

Fíor 1.3: Táirgeadh Réamh-mheasta T&S agus Ithreach agus Cloiche (le hidirghabhálacha) 21

Fíor 2.1: Táirgeadh réamh-mheasta DSB iarmharach agus Acmhainneacht Cóireála atá ar fáil 26

Fíor 3.1: Achoimre ar Chroí-Thorthaí Inréadaithe do Chuid A 33

Fíor 4.1: Colúin Eagraíochtúla do sheachadadh fheidhmeanna dramhaíola an LGS 37

Fíor 4.2: Struchtúr NCGWCE 40

Fíor 5.1: Feabhsuithe Molta i dtaca le Rannpháirtíocht 45

Fíor 6.1: Samhail Maoinithe d'Acmhainní Bliantúla Breise 54

Fíor 6.2: Achoimre ar Chroí-Thorthaí Inréadaithe do Chuid B 55

Fíor 9.1: Achoimre ar Chroí-Thorthaí Inréadaithe do Chuid C 68

Tabhair faoi deara go bhfuil Gluais agus liosta iomlán Giorrúchán do théarmaí a úsáidtear sa Phlean seo in Aguisín 1 d'Imleabhar IV Doiciméadú Tacaíochta.

# BROLLACH

Is é seo **Imleabhar III** den Phlean Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030 agus tá leagtha amach ann na riachtanais ó na príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara chun an uaillmhian, na spriocanna, na polasaithe agus na gníomhartha atá leagtha amach in **Imleabhar II** a réadú, mar aon leis na croí-thorthaí inréadaithe chun polasaithe agus gníomhartha a éascú.

Tá athdhearbhú san imleabhar seo ar na dúshláin a sainaithníodh in **Imleabhar I An Staid Reatha agus Dúshláin** i dtaca le táirgeadh réamh-mheasta dramhaíola agus tá leagtha amach ann tionchar féideartha na n-idirghabhálacha a eascraíonn as forfheidhmiú an Phlean seo, an Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (WAPCE) agus an Achta um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 (an tAcht um Gheilleagar Ciorclach). Tá na hidirghabhálacha seo ag teastáil chun na bearta geilleagair chiorclaigh atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sholáthar.

Chun cur le huaillmhian an Phlean seo agus a chuid spriocanna agus chun an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú, tá gá le breisiúchán ar an tsamhail seachadta reatha le haghaidh réadú polasaí. Bíonn an tsamhail seachadta reatha ag brath ar an spreagadh reachtaíochta agus rialála ón rialtas le haghaidh sholáthar na seirbhísí agus na dtionscnamh dramhaíola, mar aon leis an tarraingt oideachasúil agus feasachta chun an rannpháirtíocht le seirbhísí agus tionscnaimh dramhaíola a chur chun cinn.

Meastar an tsamhail mhalartach chomhoibritheach a úsáideadh agus an Plean seo á fhorbairt a bheith ina croí-thoisc le haghaidh réadú rathúil na spriocanna, na bpolasaithe agus na ngníomhartha agus tá leagtha amach san imleabhar seo mar a chothófar an rannpháirtíocht seo le páirtithe leasmhara.

Le gur féidir pleananna dramhaíola a éabhlóidiú ó phleananna réigiúnacha go pleananna náisiúnta, teastaíonn freagairt eagraíochtúil ón earnáil rialtais áitiúil (LGS), go hinmheánach agus go seachtrach, sa chaoi a bpléann an earnáil le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara, agus tá leagtha amach san imleabhar seo freagairt struchtúrtha mholta don dúshlán seo.

Tá an tsamhail maoinithe reatha chun tacú le feidhmeanna dramhaíola éagsúla na hearnála rialtais áitiúil casta agus tá an staid bhunlíne airgeadais leagtha amach in **Imleabhar I**. Soláthraítear tacaíocht airgeadais ón rialtas ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus cuimsíonn na tacaíochtaí seo gníomhaíochtaí caipitiúla agus oibríochtúla lena n-áirítear gealltanais shuntasacha d'fheachtais oideachasúla, feasachta agus dramhaíola agus aistrithe chiorclaigh. Tacaíonn an LGS le feasacht agus forfheidhmiú dramhaíola ag an leibhéal áitiúil agus soláthraíonn bonneagar éigeantach dramhaíola ag ionaid fág anseo agus ag ionaid fóntas poiblí. Chun leanúnachas gnó a chinntiú ó thaobh sholáthar fheidhmeanna dramhaíola an rialtais áitiúil de, tá gá le tacaíocht airgeadais leantach ón rialtas láir agus ón rialtas áitiúil.

Is suntasach na hacmhainní daonna a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí dramhaíola ar fud na hearnála rialtais áitiúil agus tá sé seo leagtha amach in **Imleabhar I** agus tá an earnáil tar éis socruithe seirbhísí comhroinnte a chruthú i gcomhair soláthar éifeachtach éifeachtúil na pleanála, an fhorfheidhmithe agus na rialála dramhaíola. Le gur féidir an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a réadú, beidh gá le hacmhainní breise daonna agus airgeadais de bhreis ar na gealltanais atá déanta cheana agus tá leagtha amach san imleabhar seo na háiteanna a mbeidh na hacmhainní breise seo ag teastáil.

Bainfear cur i bhfeidhm an Phlean seo amach trí sholáthar na bpolasaithe agus na ngníomhartha atá leagtha amach in **Imleabhar II** agus trí réadú na gcroí-thorthaí inréadaithe atá leagtha amach san imleabhar seo.

Tá an t-imleabhar seo leagtha amach ina thrí chuid mar seo a leanas:

- **Cuid A – Tionchar Rialála, Bonneagair agus Aeráide**

  Tá athdhearbhú i gCuid A ar an dúshlán a bhaineann leis an táirgeadh réamh-mheasta dramhaíola agus ar thionchar féideartha an Phlean, WAPCE agus an Achta um Gheilleagar Ciorclach. Tá breithniú freisin i gCuid A ar easnaimh bailithe agus cóireála agus sainaithnítear na croí-thorthaí inréadaithe a theastaíonn chun dul i ngleic leis na heasnaimh seo d'fhonn comhlíonadh ghealltanais aeráide na hearnála a éascú. Tá Cuid A leagtha amach ina thrí chaibidil mar seo a leanas agus na croí-thorthaí inréadaithe iomchuí aibhsithe síos tríd:
  - Caibidil 1 – Réamh-mheastacháin agus Idirghabhálacha;
  - Caibidil 2 – Cumais agus Easnaimh; agus
  - Caibidil 3 – Riachtanais Bhonneagair.

- **Cuid B – Eagrúchán, Rannpháirtíocht agus Acmhainní**

Tá leagtha amach i gCuid B freagairt eagraíochtúil mholta na hearnála rialtais áitiúil do na dúshláin a sainaithníodh in **Imleabhar I** agus na polasaithe agus gníomhartha bainteacha atá leagtha amach in **Imleabhar II**. Tá leagtha amach i gCuid B freisin na socruithe le haghaidh rannpháirtíocht chomhoibritheach leis na croí-pháirtithe leasmhara agus tionchar féideartha an Phlean ar acmhainní daonna agus airgeadais. Tá leagtha amach i g**Caibidil 6** leibhéal na n-acmhainní a theastaíonn chun leanúnachas gnó a chinntiú mar aon leis na hacmhainní breise a theastaíonn leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a bhrostú. Tá an chuid seo leagtha amach ina thrí chaibidil mar seo a leanas agus na croí-thorthaí inréadaithe iomchuí aibhsithe síos tríd:
  - Caibidil 4 – Eagrúchán
  - Caibidil 5 – Rannpháirtíocht; agus
  - Caibidil 6 – Acmhainní.

- **Cuid C – Cur i bhfeidhm, Monatóireacht agus Maoirseacht**

Tá leagtha amach i gCuid C an próiseas trína gcuirfear polasaithe agus gníomhartha an Phlean i bhfeidhm. Cuimsíonn na croí-thorthaí inréadaithe pleananna bliantúla oibre agus socruithe tuairiscithe. Tá leagtha amach i gCuid C freisin socruithe monatóireachta agus maoirseachta. Tá an chuid seo leagtha amach ina thrí chaibidil mar seo a leanas agus na croí-thorthaí inréadaithe iomchuí aibhsithe síos tríd:
  - Caibidil 7 – Forfheidhmiú;
  - Caibidil 8 – Monatóireacht; agus
  - Caibidil 9 – Maoirseacht.

Tá achoimre ar na croí-thorthaí inréadaithe a sainaithníodh i ngach ceann de na trí chuid le léamh ag deireadh gach coda.

Nuair is iomchuí, tá faisnéis níos mionsonraithe chun tacú leis na sonraí a cuireadh ar fáil san imleabhar seo ar fáil in **Imleabhar IV (Faisnéis Tacaíochta)**.





CUID A:

# TIONCHAR RIALÁLA, BONNEAGAIR AGUS AERÁIDE

# 1 RÉAMH-MHEASTACHÁIN AGUS IDIRGHABHÁLACHA

Tá forbhreathnú sa chaibidil seo ar tháirgeadh réamh-mheasta dramhaíola agus ar thionchar na n-idirghabhálacha polasaí ar chruthú na dramhaíola. Tá na rátaí réamh-mheasta táirgthe le haghaidh DSB agus T&S bunaithe ar an gcás 'gach rud mar is gnách' atá leagtha amach in **Imleabhar I Caibidil 6**. Rinneadh na réamh-mheastacháin a choigeartú chun léiriú a thabhairt ar thionchar féideartha na bpríomh-idirghabhálacha reachtaíochta agus rialála a chuirfí i bhfeidhm agus atá beartaithe don earnáil sa Phlean seo, sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (WAPCE) agus san Acht um Gheilleagar Ciorclach.

Tá sainaitheanta sa chaibidil seo freisin na croí-thorthaí inréadaithe a theastaíonn chun idirghabhálacha a éascú chun fás sa táirgeadh dramhaíola a mhaolú, chun an ráta náisiúnta athchúrsála a mhéadú agus chun na bearta geilleagair chiorclaigh atá sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sheachadadh.

## 1.1 RÉAMH-MHEASTACHÁIN DSB AGUS IDIRGHABHÁLACHA

Tá tuartha leis an gcás DSB 'gach rud mar is gnách' atá leagtha amach in **Imleabhar I** go dtiocfaidh fás leantach ar an táirgeadh DSB sa ghearrthréimhse go sroichfidh sé suas le 3.5 milliún tonna faoi dheireadh thréimhse an Phlean in 2030 (méadú 10% ó bhí 2020 ann). Níor cuireadh san áireamh san anailís idirghabhálacha beartaithe polasaí a ceapadh chun táirgeadh DSB a chosc agus tá nuashonrú san anailís atá leagtha amach san imleabhar seo ar na réamh-mheastacháin agus tionchar na bpolasaithe seo san áireamh.

Tá le sonrú i d**Tábla 1.1** liosta de na hidirghabhálacha náisiúnta polasaí agus reachtaíochta a cuireadh i bhfeidhm le déanaí nó atá beartaithe le linn thréimhse an Phlean mar aon le tionchar féideartha na mbeart ar rátaí tuartha táirgthe dramhaíola.

Tábla 1.1: Tionchar na mBeart Polasaí ar Chosc DSB

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe |
|---|---|
| **Praghsáil Dhreasaithe don Earnáil Tráchtála** (Alt 26 den Acht um Gheilleagar Ciorclach lenar leasaíodh Alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, I.R. Uimh. 104 de 2023) | Tá d'acmhainn ag forfheidhmiú na praghsála dreasaithe don earnáil tráchtála tionchar suntasach a bheith aici ar rátaí táirgthe DSB. Foilsíodh rialacháin chun an beart seo a chur i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023[1] agus thug siad seo isteach córas éigeantach leithscartha agus dreasaithe le haghaidh dramhaíl tráchtála a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2023. Ba cheart gurb é a eascróidh as an mbeart seo ná tairbhe dhéach an choiscthe dramhaíola agus an leithscartha fheabhsaithe, rud a mhéadóidh rátaí athchúrsála, don dramhaíl tráchtála. Is é an toimhde choimeádach a ghabhann leis an anailís go n-eascróidh 1% de laghdú ar tháirgeadh dramhaíola tráchtála as an mbeart (17,000 tonna ar an meán gach bliain bunaithe ar tháirgeadh réamh-mheasta na dramhaíola tráchtála sa tréimhse seo) le haghaidh gach bliana de thréimhse an Phlean 2024 go 2030. |
| **Tobhach ar Chupaí Caife Aon Úsáide** (Alt 11 den Acht um Gheilleagar Ciorclach) | Cuirfear tobhach 20c ar chupaí caife indiúscartha ar an tuairim is 200 milliún cupa caife a úsáidtear gach bliain sa Stát. Tuairiscíodh i suirbhé ar shaintréithiú dramhaíola 2022 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil[2] go gcruthaíonn cupaí cumaisc dí (ach ní na cupaí inmhúirínithe) 7,434 tonna de dhramhaíl tráchtála (thart ar 0.5% den dramhaíl tráchtála). Ag glacadh leis go n-éireoidh go geal leis an bhforfheidhmiú, mar a d'éirigh le tobhach na málaí plaisteacha, meastar go laghdóidh an beart seo faoina leath úsáid na gcupaí caife agus go n-eascróidh laghdú as ar tháirgeadh na dramhaíola tráchtála de suas le 3,500 tonna sa bhliain. Tráth foilsithe an Phlean seo, 2024, tá dáta an fhorfheidhmithe sceidealaithe le haghaidh 2024, mar sin, cuireadh páirt-éifeacht san áireamh le haghaidh 2024 (50% nó 1,750 tonna de chosc) agus méid iomlán de 3,500 tonna sa bhliain de chosc le haghaidh gach ceann de na blianta eile i dtréimhse an Phlean ó 2025 go 2030. |

[1] I.R. Uimh. 104 de 2023 Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú) (Uimh. 2) 2023

[2] Nasc: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/2022-commercial-municipal-waste-characterisation-report.php

Tábla 1.1: Tionchar na mBeart Polasaí ar Chosc DSB (ar lean)

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe |
|---|---|
| **Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025** (Alt 15 den Acht um Gheilleagar Ciorclach) | Faoin Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia, 2023-2025[3] gheall an Stát go laghdófaí an dramhbhia 50% faoi 2030 i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, le spriocanna AE agus le spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Baineann an laghdú seo le leibhéil miondíola agus tomhaltóra agus beidh téarmaí tagartha níos leithne ann chun caillteanais bia a laghdú ar feadh slabhraí táirgthe agus soláthair, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte. Mheas an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháirg Éire 480,400 tonna de dhramhbhia sa bhonnbhliain 2020[4] ó na hearnálacha miondíola agus tomhaltóra. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gurbh ionann an méid dramhbhia ón earnáil miondíola agus tomhaltóra in 2021 agus 482,000 tonna[5], rud nach léiríonn aon athrú bríoch ó leibhéil 2020.<br><br>Ag oibriú ar an mbonn go mbeidh laghdú de 0 tonna ann in 2022 agus go n-ardóidh sé sin go dtí laghdú de 240,200 tonna in 2030 (50% de 480,400 tonna) agus gur laghdú líneach a bheidh ann i rith thréimhse an Phlean, laghdófar an táirgeadh de mhéid carnach de thart ar mhilliún tonna de dhramhbhia sa tréimhse 2024 go 2030. |
| **Feachtais Feasachta** | Tá roinnt feachtais feasachta ann i láthair na huaire atá dírithe ar an iompraíocht a athrú d'fhonn an dramhaíl a chosc. Féachann an Plean seo leis na teachtaireachtaí a chomhordú chun a thuilleadh feasachta a mhúscailt d'fhonn dul chun cinn bríoch a dhéanamh i dtaca le táirgeadh DSB a chosc i gcomhréir le Spriocanna an Phlean. Tá toimhde coimeádach ann go bhféadtar, leis na bearta seo, laghdú 1% i dtáirgeadh na dramhaíola teaghlaigh a bhaint amach gach bliain i rith thréimhse an Phlean. Is ionann sin agus meánráta de 17,500 tonna gach bliain bunaithe ar an táirgeadh réamh-mheasta dramhaíola sa tréimhse seo. |

Tábla 1.2: Laghdú measta sa Táirgeadh DSB ó Bhearta Polasaí ar an gCosc

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe (i dtonnaí ach amháin má shonraítear a mhalairt) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | **Laghdú Carnach** |
| **Praghsáil Dhreasaithe don Earnáil Tráchtála** | 17,000 | 17,000 | 17,000 | 17,000 | 17,000 | 17,000 | 17,000 | **119,000** |
| **Tobhach ar Chupaí Caife Aon Úsáide** | 1,750 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | **22,750** |
| **Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025** | 60,050 | 90,075 | 120,100 | 150,125 | 180,150 | 210,175 | 240,200 | **1,050,875** |
| **Feachtais Feasachta** | 17,500 | 17,500 | 17,500 | 17,500 | 17,500 | 17,500 | 17,500 | **122,500** |
| **Laghdú Carnach** | **96,300** | **128,075** | **158,100** | **188,125** | **218,150** | **248,175** | **278,200** | **1,315,125** |
| **Laghdú i gCoibhneas leis an mBunlíne** | **3%** | **4%** | **5%** | **5%** | **6%** | **7%** | **8%** | |

[3] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/23306-treochlar-naisiunta-na-heireann-um-chosc-ar-dhramhbhia-2023-2025/?
[4] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/food/
[5] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/food/

Ach éifeachtaí toimhdithe na mbeart atá leagtha amach i d**Tábla 1.1** a chur i bhfeidhm ar an gcás 'gach rud mar is gnách' atá leagtha amach in **Imleabhar I Caibidil 6**, is féidir leibhéil fhéideartha an choiscthe dramhaíola a d'fhéadfaí a bhaint amach leis na hidirghabhálacha seo a mheas i rith thréimhse an Phlean. Tá na laghduithe meastа seo leagtha amach i d**Tábla 1.2** agus léiríonn siad laghdú 3% sna rátaí táirge in 2024, ag ardú go laghdú 8% in 2030 i gcomhréir le laghduithe forchéimnitheacha faoin Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia agus idirghabhálacha eile.

Úsáideadh na laghduithe measta seo chun réamh-mheastachán leasaithe táirgthe DSB a fhorbairt, mar atá léirithe i bh**Fíor 1.1** (le haghaidh chás ardfháis na Príomh-Oifige Staidrimh). Léiríonn na réamh-mheastacháin i bh**Fíor 1.1** fás bliantúil leantach sa táirgeadh DSB faoin gcás 'gach rud mar is gnách' (thart ar 3.53 milliún tonna faoi 2030) ach d'fhéadfadh sé go bhféadfaí an fás seo a mhaolú leis na hidirghabhálacha beartaithe (thart ar 3.25 milliún tonna faoi 2030). Tugann na torthaí le tuiscint go bhfuil gá ann i gcónaí le hathrú suntasach iompraíochta san earnáil teaghlaigh agus san earnáil tráchtála chun an táirgeadh dramhaíola a laghdú a thuilleadh agus chun an táirgeadh dramhaíola a dhícheangal ón ngníomhaíocht eacnamaíoch agus ó rachmas. Tá sé seo léirithe i gCroí-Pholasaí CP5 den Phlean seo, lena bhféachtar le tionchar a imirt ar fheabhsúcháin iompraíochta i dteaghlaigh agus gnólachtaí agus iad a spreagadh trí fheachtais chomhordaithe ilghníomhaireachta.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 1

**Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025**

**Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an dramhbhia ó na hearnálacha miondíola agus tomhaltóra a laghdú 50% faoi 2030 i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.**

As na hidirghabhálacha beartaithe i d**Tábla 1.1**, is le laghdú an dramhbhia ón earnáil miondíola agus tomhaltóra faoina leath a thagann na féidearthachtaí is mó ó thaobh chosc an dramhbhia de. Rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia a ullmhú mar ghealltanas faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Tá leagtha amach sa Treochlár na gníomhartha tosaíochta chun an dramhbhia a chosc ar fud na bpríomh-earnálacha sa slabhra soláthair agus beidh soláthar an Treochláir éigeantach chun an sprioc choiscthe uaillmhianach seo a bhaint amach.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 2

**Forfheidhmiú na Praghsála Dreasaithe le haghaidh Dramhaíl nach Dramhaíl Teaghlaigh í Non-Household Waste**


**Déanfaidh an Earnáil Rialtais Áitiúil rialú agus monatóireacht ar fhorfheidhmiú na praghsála dreasaithe don dramhaíl nach dramhaíl teaghlaigh í do bhailitheoirí príobháideacha.**

Aithnítear ar bhonn ginearálta go bhfuil an phraghsáil dhreasaithe dramhaíola ar cheann de na spreagthaigh is mó le haghaidh athrú iompraíochta níos leithne, mar a n-íocann an truaillitheoir bunaithe ar mhéid na dramhaíola a tháirgtear. D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide rialacháin i mí an Mhárta 2023 chun an beart seo a chur i bhfeidhm le haghaidh dramhaíl tráchtála. Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta trí rialú (ceadú), forfheidhmiú agus monatóiriú na mbailitheoirí príobháideacha dramhaíola ar gá dóibh cur isteach ar an gcóras praghsála seo.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 3

**Feachtais Leantacha Coiscthe Dramhaíola Campaigns**

**Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil tar éis feachtais chomhordaithe náisiúnta agus áitiúla coiscthe dramhaíola a sheachadadh thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leanfaidh díobh seo le tacaíocht ón Roinn sin agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.**




Fíor 1.1: Táirgeadh Réamh-mheasta DSB 'Gach Rud mar is Gnách' i gcoinne Idirghabhálacha (fás ard daonra)

Tá toimhde san anailís i d**Tábla 1.2** de laghdú measartha beag 1% sa táirgeadh dramhaíola ón earnáil tráchtála ach ag brath ar an gcur i bhfeidhm agus ar an tsamhail airgeadais a mbainfear feidhm as, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar na praghsála dreasaithe níos feiceálaí agus go bhféadfaí laghduithe níos suntasaí a bhaint amach.

Leagadh síos sa Treoir um Chreat Dramhaíola (WFD) sprioc athchúrsála 50% le haghaidh dramhaíl bhardasach a bhí le baint amach faoi 2020, ach tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nár bhain Éire amach ach ráta athchúrsála de 41% in 2020 agus gur baineadh amach an ráta céanna arís in 2021. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht freisin nár réadaigh an Stát aon mhéadú suntasach sa ráta athchúrsála le deich mbliana anuas.

Tá spriocanna todhchaí athchúrsála níos uaillmhianaí leagtha amach i dTreoir (AE) 2018/851 mar seo a leanas:

- **Faoi 2025,** déanfar ullmhúchán i gcomhair athúsáid agus athchúrsáil na dramhaíola bardasaí a mhéadú go dtí 55% ar a laghad de réir meáchain;
- **Faoi 2030,** déanfar ullmhúchán i gcomhair athúsáid agus athchúrsáil na dramhaíola bardasaí a mhéadú go dtí 60% ar a laghad de réir meáchain;
- **Faoi 2035,** déanfar ullmhúchán i gcomhair athúsáid agus athchúrsáil na dramhaíola bardasaí a mhéadú go dtí 65% ar a laghad de réir meáchain;

Ó bhunlíne 2021 agus ráta athchúrsála bardasaí de 41% ann, ní dócha go mbainfidh Éire na spriocanna todhchaí seo amach. Beidh gá le hidirghabhálacha suntasacha chun ráta athchúrsála an Stáit a mhéadú go héifeachtach le go mbeimid i ngar do na spriocanna seo.

Ar an téad chéanna leis an gcosc, tá roinnt idirghabhálacha beartaithe ann arb é is aidhm leo an ráta náisiúnta athchúrsála a mhéadú agus a chinntiú go gcuirtear codáin níos airde d'acmhainní ar fáil i gcomhair córais chiorclacha. Tá le sonrú i d**Tábla 1.3** an liosta d'idirghabhálacha polasaí agus reachtaíochta atá beartaithe le linn thréimhse an Phlean mar aon le tionchar féideartha na mbeart ar rátaí athchúrsála ach iad a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

Tabhair faoi deara go mbaineann leibhéal éiginnteachta leis an tionchar tuartha a thiocfaidh le roinnt de na hidirghabhálacha agus, sna cásanna sin, go bhfuil an tionchar leagtha amach mar raon.

Tábla 1.3: Bearta chun an Ráta Athchúrsála DSB a mhéadú

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe |
|---|---|
| **Praghsáil Dhreasaithe don Earnáil Tráchtála** (Alt 26 den Acht um Gheilleagar Ciorclach lenar leasaíodh Alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola agus I.R. Uimh. 104 de 2023) | De bhreis ar an gcosc dramhaíola a mhéadú, tá d'acmhainn ag Rialacháin Mhárta 2023[6] ar an bpraghsáil dhreasaithe don earnáil tráchtála leithscaradh níos fearr ag an bhfoinse a chur chun cinn trí 'leithscaradh mícheart' na dramhaíola a rialú. Táirgeadh 1.5 milliún tonna de dhramhaíl tráchtála in 2019 (1.4 milliún tonna in 2020 agus arís in 2021) ach níl aon sonraí ar fáil maidir leis an méid a rinneadh an t-ábhar seo a athchúrsáil (seachas an ráta athchúrsála 41% d'iomlán na dramhaíola bardasaí gach bliain). In éagmais tacar stóinsithe sonraí, glactar leis sa mheasúnacht seo go bhféadfadh sé go méadódh athchúrsáil na dramhaíola tráchtála go dtí leibhéal sa raon 1% go 3% le haghaidh gach bliana ó 2024 go 2030 ach a n-éireoidh le cur i bhfeidhm na praghsála dreasaithe. |
| **Forfheidhmiú na bhFodhlíthe** | Tá údaráis áitiúla tar éis fodhlíthe a thabhairt isteach maidir le leithscaradh, stóráil agus toirbhirt na dramhaíola bardasaí atá i bhfeidhm do gach teaghlach, árasán agus áitreabh tráchtála. Le forfheidhmiú níos déine na bhfodhlíthe (Gníomhartha Tosaíochta GT1.5 agus GT2.5), déanfaidh an earnáil rialtais áitiúil an t-athrú iompraíochta is gá a spreagadh chun leithscaradh níos fearr ag an bhfoinse a chur chun cinn. Arís eile, in éagmais cainníochtóir stóinsithe, tá toimhde san anailís seo go dtiocfaidh méadú eile de 0.5%-1.0% ar rátaí athchúrsála ó theaghlaigh (lena n-áirítear árasáin) agus ón earnáil tráchtála ó 2024 go 2030. Tá plé ar na hacmhainní breise a theastaíonn chun tacú leis an iarracht forfheidhmithe seo i g**Caibidil 6**. |
| **Tobhach Aisghabhála Dramhaíola** (Alt 29 den Acht um Gheilleagar Ciorclach agus I.R. 406 de 2023) | Tá foráil in Alt 29 den Acht um Gheilleagar Ciorclach le gur féidir tobhach inmhuirir a shocrú maidir le gníomhaíochtaí aisghabhála dramhaíola nó onnmhairiú na dramhaíola le haghaidh aisghabhála. Foilsíodh rialacháin chun an tobhach seo a údarú i mí Lúnasa 2023[7] agus sonraíodh an tobhach mar €10 in aghaidh an tonna de dhramhaíl bhardasach a nglactar léi le haghaidh aisghabhála. Is é an cuspóir atá leis an tobhach ná an réasúnaíocht eacnamaíoch a d'fhágfadh gurb iad athchúrsáil agus athúsáid an chéad rogha réamhshocraithe agus daoine ag plé le dramhaíl, a fheabhsú. Sonraíodh sa Tuarascáil maidir leis an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar an mBille um an nGeilleagar Ciorclach, 2021[8], nach dócha gur leor tobhach €5/tonna (mar a moladh sa WAPCE) chun an fócas a aistriú ón aisghabháil go dtí an athchúrsáil ach ní dhearnadh aon anailís rialála mhionsonraithe chun an tionchar a chainníochtú. Dá réir sin, tugtar le tuiscint, leis an tobhach aisghabhála €10/tonna reachtaithe, gur beag tionchar a bheidh ar rátaí athchúrsála sa ghearrthréimhse agus tá toimhde de 1-3% in aghaidh na bliana don tréimhse 2024 go 2030 san anailís seo. Dá mbeifí leis an tobhach seo a mhéadú go suntasach, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ní ba shuntasaí ar an ráta athchúrsála le linn shaolré an Phlean seo. |
| **Tobhach Líonta Talún** (I.R. 298 de 2023) | In 2021, chuireadh 504,305 tonna de dhramhaíl bhardasach chuig láithreáin líonta talún lena diúscairt (16% den DSB iomlán). Ní mór d'Éirinn cloí le sprioc AE de níos lú ná 10% den dramhaíl bhardasach a dhiúscairt i láithreáin líonta talún faoi 2035, rud ar sprioc é freisin sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Foilsíodh rialacháin[9] i mí Lúnasa 2023 chun an Tobhach Líonta Talún a mhéadú de €10 in aghaidh an tonna go dtí €85 in aghaidh an tonna ón 1 Meán Fómhair 2023 chun a thuilleadh atreoraithe ar shiúl ón líonadh talún a éascú. Meastar go gcabhróidh an méadú seo chun an dramhaíl a atreorú ó dhiúscairt go haisghabháil ach níltear ag súil le haon mhéadú suntasach sa ráta athchúrsála.<br><br>Tá tiomantas freisin sa WAPCE chun anailís a dhéanamh ar thionchar na díolúine ón Tobhach Líonta Talún le haghaidh bithdhramhaíola. Dá mbeifí leis an díolúine seo agus sruth na bith-dhramhaíola a atreorú chuig oibríochtaí athchúrsála (amhail múiríniú nó díleá anaeróbach), dhéanfaí na rátaí athchúrsála a mhéadú. Bhí an t-athbhreithniú fós sa siúl tráth foilsithe an Phlean seo. |

[6] I.R. Uimh. 104 de 2023 Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú) (Uimh. 2) 2023

[7] I.R. Uimh. 406 de 2023 Rialacháin um Gheilleagar Ciorclach (Tobhach Aisghabhála Dramhaíola) 2023

[8] Nasc: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/joint_committee_on_environment_and_climate_action/reports/2021/2021-12-16_report-on-the-pre-legislative-scrutiny-of-the-circular-economy-bill-2021_en.pdf

[9] I.R. Uimh. 398 de 2023 Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) (Leasú) 2023

Tábla 1.3: Bearta chun an Ráta Athchúrsála DSB a mhéadú (ar lean)

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe |
|---|---|
| **Scéim Éarlaise agus Aisíoca** | Seoladh an Scéim Éarlaise agus Aisíoca (DRS) le haghaidh buidéil phlaisteacha agus cannaí alúmanaim i mí na Samhna 2022 agus tháinig sí i bhfeidhm i mí Feabhra 2024. Ceapadh an scéim chun cabhrú le bailiú agus, sa deireadh thiar thall, athchúrsáil na sruthanna dramhaíola seo. Meastar go n-úsáidtear thart ar 1.9 billiún buidéal agus canna dí gach bliain in Éirinn (dar mais mheasta de thart ar 30,000-60,000 tonna, ag glacadh leis go bhfuil 15-30g meáchain i ngach canna/buidéal). Meastar go ngabhtar 55% den sruth seo, i láthair na huaire, san araid athchúrsála agus is é is rún leis an scéim cainníocht an bhailiúcháin leithscartha seo a uasmhéadú. Tugann réamh-mheastacháin le haghaidh na scéime le tuiscint go méadóidh an ráta ceaptha go dtí 80% in 2024 (méadú 15,000 tonna) agus go n-ardóidh sé 2% in aghaidh na bliana go sroichfidh sé 90% faoi 2030 (méadú 21,000 tonna). |
| **Leathnú Ghréasán Bailithe na nAraidí Donna** | Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia agus Bithdhramhaíl Teaghlaigh), 2015, tá gach teaghlach atá i gceirtleán daonra >500 duine i dteideal seirbhís Athchúrsála Dramhbhia óna mbailitheoir dramhaíola (clúdaíonn sé seo thart ar 67% den daonra). Baineadh an tairseach seo ar shiúl trí reachtaíocht i mí Eanáir 2024 chun rolladh amach níos leithne na haraide doinne chuig pobail a dhreasú, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí níos mó dramhbhia a leithscaradh. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháinig méadú de thart ar 64,000 ar líon na dteaghlach a raibh araid dhonn acu in 2020 go dtí 882,249 agus gur bailíodh, dá réir seo, 40,000 tonna de dhramhbhia. Le baint ar shiúl na tairsí, tá toimhde san anailís seo go bhféadfaí araid athchúrsála dramhbhia a chur ar fáil do 64,000 teaghlach eile, ar a laghad (agus go mbainfidís úsáid as) ach d'fhéadfaí é seo a bhrostú go dtí 64,000 teaghlach in aghaidh na bliana. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh rolladh amach leathnaithe an chórais trí araid rátaí athchúrsála a mhéadú go dtí leibhéal measta de 40,000 go 80,000 tonna sa bhliain, i gcomhréir leis na treochtaí is déanaí. |



Tábla 1.4: Méadú Measta ar an Athchúrsáil DSB le Bearta atá ann cheana

| **Beart** | **Éifeacht Thoimhdithe (i dtonnaí ach amháin má shonraítear a mhalairt)** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
| **Cás Íseal-Athchúrsála** | | | | | | | |
| **Praghsáil Dhreasaithe don Earnáil Tráchtála** | 16,256 | 16,776 | 17,111 | 17,454 | 17,803 | 18,159 | 18,522 |
| **Forfheidhmiú na bhFodhlíthe** | 16,744 | 17,085 | 17,334 | 17,587 | 17,842 | 18,102 | 18,364 |
| **Tobhach Aisghabhála Dramhaíola** | 33,488 | 34,171 | 34,669 | 35,173 | 35,685 | 36,203 | 36,729 |
| **Scéim Éarlaise agus Aisíoca** | 15,000 | 16,000 | 17,000 | 18,000 | 19,000 | 20,000 | 21,000 |
| **Leathnú Ghréasán Bailithe na nAraidí Donna** | 40,000 | 40,000 | 40,000 | 40,000 | 40,000 | 40,000 | 40,000 |
| **Méadú Carnach Bliantúil** | 121,488 | 124,032 | 126,114 | 128,214 | 130,330 | 132,464 | 134,615 |
| **Méadú i gCoibhneas leis an mBunlíne** | **4%** | | | | | | |
| **Cás Ard-Athchúrsála** | | | | | | | |
| **Praghsáil Dhreasaithe don Earnáil Tráchtála** | 48,767 | 50,328 | 51,334 | 52,361 | 53,408 | 54,476 | 55,566 |
| **Forfheidhmiú na bhFodhlíthe** | 33,488 | 34,171 | 34,669 | 35,173 | 35,685 | 36,203 | 36,729 |
| **Tobhach Aisghabhála Dramhaíola** | 100,465 | 102,512 | 104,006 | 105,520 | 107,054 | 108,610 | 110,186 |
| **Scéim Éarlaise agus Aisíoca** | 15,000 | 16,000 | 17,000 | 18,000 | 19,000 | 20,000 | 21,000 |
| **Leathnú Ghréasán Bailithe na nAraidí Donna** | 80,000 | 80,000 | 80,000 | 80,000 | 80,000 | 80,000 | 80,000 |
| **Méadú Carnach Bliantúil** | 277,720 | 283,011 | 287,009 | 291,054 | 295,147 | 299,289 | 303,481 |
| **Méadú i gCoibhneas leis an mBunlíne** | **9%** | | | | | | |

Tá le sonrú i d**Tábla 1.4** na méaduithe measta sna méideanna de DSB a athchúrsálfar i rith thréimhse an Phlean, bunaithe ar fhorfheidhmiú na mbeart atá leagtha amach i d**Tábla 1.3**. Tá méaduithe measta leagtha amach le haghaidh cás ina mbeadh athchúrsáil íseal ann agus tionchar níos lú leis na bearta, agus cás ard-athchúrsála mar a mbeadh tionchar na mbeart níos suntasaí.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 4
### Forfheidhmiú na bhFodhlíthe

**Cuireann an Plean seo ceanglas ar an Earnáil Rialtais Áitiúil fodhlíthe a chur i bhfeidhm maidir le leithscaradh, stóráil agus toirbhirt na dramhaíola bardasaí.**

I gcás gach tionchair atá leagtha amach i d**Tábla 1.3** agus atá measta i d**Tábla 1.4**, tá leibhéal ard éiginnteachta ann agus tá na réamh-mheastacháin ag brath ar an amscála agus ar rathúlacht an fhorfheidhmithe. D'fhéadfadh sé go méadódh comhthionchar na n-idirghabhálacha ar fad in éineacht a chéile an méid DSB a d'athchúrsálfaí idir 4% agus 9% in aghaidh na bliana, ag brath ar rathúlacht an fhorfheidhmithe. Tá an fhéidearthacht ann go méadódh sé seo an ráta athchúrsála go dtí leibhéal sa raon 45-50% faoi dheireadh thréimhse an Phlean.

## RÁTA ATHCHÚRSÁLA NÁISIÚNTA:

Ag brath ar rathúlacht na n-idirghabhálacha atá beartaithe, d'fhéadfaí an ráta athchúrsála náisiúnta a mhéadú 4% ar a laghad agus 9% ar a mhéad agus ráta féideartha gar do 50% ann faoi dheireadh thréimhse an Phlean in 2030.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 5
### Cur i bhfeidhm an Tobhaigh Aisghabhála chun Cur leis an Athchúrsáil

**Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil freagrach as bailiú agus forfheidhmiú an tobhaigh aisghabhála, rud a chabhróidh chun níos mó ábhar a atreorú lena n-athchúrsáil, ag cur leis an ráta athchúrsála.**

**Tugann an anailís seo le tuiscint, i bhfianaise thionchar toimhdithe na n-idirghabhálacha thuas, nach mbainfidh an Stát amach na spriocanna náisiúnta athchúrsála le haghaidh 2025, 2030 ná 2035, gan idirghabhálacha breise.**

D'fhéadfaí tacú a thuilleadh leis an ráta athchúrsála trí fheachtais dhírithe athraithe iompraíochta ach d'fhéadfadh gur idirghabháil níos bríche a bheadh i méadú ar an tobhach aisghabhála reachtaithe de €10 in aghaidh an tonna.


Beidh sé ina chroí-thosaíocht ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (féach **Rannán 4.3.3**) na hidirghabhálacha breise a theastaíonn a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun an bhearna idir na rátaí athchúrsála tuartha leis na hidirghabhálacha reatha agus rátaí athchúrsála an AE le haghaidh 2025, 2030 agus 2035, a thabhairt isteach.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 6
### Bailiúchán na hAraide Doinne

**Beidh bailitheoirí dramhaíola údaraithe de dhíth ar an Earnáil Rialtais Áitiúil chun na rialacháin bia agus bith-dhramhaíola a chur i bhfeidhm.**

Tá an fás tuartha seo ar na leibhéil athchúrsála don dá chás, ráta íseal athchúrsála (45%) agus ráta ard athchúrsála (50%) agus an tionchar ar rátaí táirgthe DSB iarmharach le sonrú i bh**Fíor 1.2**.

I gcás an ráta ísil athchúrsála, léiríonn na réamh-mheastacháin codán méadaitheach athchúrsála mar aon le cobhsú na rátaí táirgthe DSB iarmharach a fhad le 2030.




Fíor 1.2: Táirgeadh Réamh-mheasta DSB Iarmharach agus Athchúrsála DSB (fás ard daonra)

**DSB:**

**Léiríonn na réamh-mheastacháin fás leantach sa táirgeadh DSB, ag cur san áireamh tionchar measta na n-idirghabhálacha beartaithe chun cosc na dramhaíola agus athchúrsáil níos fearr a dhreasú. Tá sé riachtanach go gcuirfear na hidirghabhálacha agus na croí-thorthaí inréadaithe a bhfuil cuntas orthu i bhfeidhm go héifeachtach agus go gasta chun athrú bríoch a réadú i dtaca leis an táirgeadh DSB, an athchúrsáil agus, i ndeireadh báire, an gá atá le cóireáil DSB iarmharach.**

Leis an ráta ard athchúrsála, léiríonn na réamh-mheastacháin fás láidir san athchúrsáil mar aon le laghdú suntasach ar tháirgeadh na dramhaíola iarmharaí agus na rátaí a bheag nó a mhór comhionann ag deireadh thréimhse an Phlean.

## 1.2 RÉAMH-MHEASTACHÁIN AGUS IDIRGHABHÁLACHA I DTACA LE DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

Léiríonn na réamh-mheastacháin i dtaca le táirgeadh dramhaíola T&S atá leagtha amach in **Imleabhar I** fás suntasach ar an sruth ábhar seo i gcomhréir le haschur méadaithe réamh-mheasta na hearnála. Tá ardacmhainn chiorclach ag baint leis an sruth ábhar seo agus eascróidh laghduithe suntasacha ar rátaí todhchaí táirgthe as roinnt idirghabhálacha sainiúla.

Tá le sonrú i d**Tábla 1.5** liosta de na hidirghabhálacha polasaí agus reachtaíochta a cuireadh i bhfeidhm le déanaí nó atá beartaithe le linn thréimhse an Phlean mar aon le tionchar féideartha na mbeart ar rátaí tuartha táirgthe dramhaíola. Baineann éiginnteacht nach beag le tionchar na mbeart seo agus beidh go leor ag brath ar uainiú agus ar nádúr na n-idirghabhálacha seo.

Tábla 1.5: Réamh-mheastacháin i dtaca le Cosc Dramhaíola T&S

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe | Tionchar |
|---|---|---|
| **Critéir Náisiúnta Fotháirge le haghaidh Ithir agus Cloch ó Láithreáin Úrnua agus Asfalt ó Phlánáil Bóithre** | D'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil critéir náisiúnta Fotháirgí le haghaidh dhá shruth dramhaíola tógála:<br>• Ithir agus cloch ó láithreáin úrnua a úsáidtear i bhforbraíochtaí a mbeadh cead pleanála faighte acu nó díolúine faighte acu ón riachtanas cead pleanála a fháil, rud a d'éascódh úsáid an ábhair fotháirge seo. Foilsíodh tacar de Chritéir agus Nóta Miniúcháin[10] agus cuireadh an cinneadh seo i bhfeidhm go luath in 2024; agus<br>• Asfalt ó phlánáil bóithre lena úsáid mar amhábhar i monarchana Pábhála Asfailt Athshlánaithe chun meascáin bhiotúmanacha a mhonarú,[11] rud a cuireadh in iúl don AE, agus cuireadh an cinneadh seo i bhfeidhm i dtreo dheireadh 2023.<br><br>Tá d'acmhainn ag na cinntí náisiúnta seo a fhágáil nach ndéanfar dramhaíl de mhéideanna suntasacha d'ábhair.<br><br>In 2021, tháirg Éire 9 milliún tonna de dhramhaíl T&S, ar ithir agus cloch 85% di (7.6 milliún tonna). Ba mheascáin bhiotúmanacha iad 1% eile den dramhaíl T&S a táirgeadh in 2021 (87,343 tonna).<br>In 2021, fuair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil fógraí fotháirgí maidir le thart ar 0.5 milliún tonna d'ábhar ithreach agus cloiche ach roimh Covid-19, fuarthas fógraí fotháirge maidir le thart ar 3 mhilliún tonna d'ithir agus cloch in 2018 agus 2019. Meastar na figiúirí níos luaithe réamh-Covid seo a bheith níos ionadaíche don éileamh ar a leithéid de chinntí in earnáil tógála atá ag fás.<br><br>Tugann na sonraí le tuiscint go dtáirgtear thart ar 10 milliún tonna d'ithir agus cloch ar bhonn bliantúil agus nach gcuirtear síos ach don cheathrú cuid den ábhar seo gur fotháirge é.<br><br>Ag glacadh leis go bhfuil gá fós le dearbhuithe fotháirge agus glacadh suntasach leis an bpróiseas cinnidh náisiúnta, glactar leis go bhféadfaí suas le 50% den ithir agus den chloch ó láithreáin úrnua a tháirgtear a stopadh de bheith ag dul isteach sa sruth dramhaíola trí Rialachán 27[11]. Tá toimhde ann de 5 mhilliún tonna d'fhotháirge ithreach agus cloiche ó 2024 i leith, ag ardú de 10% sa bhliain i rith thréimhse an Phlean go dtí 2030.<br><br>Mar an gcéanna, is féidir asfalt ó phlánáil bóithre a úsáid mar fhotháirge, rud a laghdódh an 1% (87,343 tonna) de dhramhaíl ó mheascáin bhiotúmanacha a tháirgfí ó 2024 go 2030 ach bheadh an laghdú seo fánach i gcomparáid leis an acmhainn ó thaobh ithreach agus cloiche de. | **-30%/bliain**<br><br>**Laghdú de thart ar 17 milliún tonna de dhramh-ithir/ dramh-chloch 2024-2030**<br><br>(2.8 milliún tonna sa bhliain, ar an meán, trína chur síos don ábhar seo gur fotháirge é) |

[10] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/draft-national-by-product-criteria-greenfield-soil-and-stone-.php
[11] Nasc: https://www.epa.ie/media/epa-2020/licensing-amp-permitting/waste/Proposed-National-By-Product-Criteria-Ref.-No.-BP-N0012023.pdf

Tábla 1.5: Réamh-mheastacháin i dtaca le Cosc Dramhaíola T&S (ar lean)

| Beart | Éifeacht Thoimhdithe | Tionchar |
|---|---|---|
| **Cinneadh Náisiúnta ar Rialachán 28 (Cumascáin)** | Cé go bhfuil cinntí Rialachán 28 cáis aonair ag ceithre fhiontar phríobháideacha le haghaidh cumascáin athchúrsáilte, rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na critéir náisiúnta dheiridh dramhaíola le haghaidh cumascáin athchúrsáilte a fhorbairt i mí Mheán Fómhair 2023[12] agus tá siad oscailte le haghaidh clárúcháin.<br><br>In 2021, táirgeadh thart ar 608,000 tonna de dhramh-choncréit, dramhbhrící agus dramhghipseam.<br><br>Bhí toiliú ag dhá oibreoir ábhar nach dramhaíl a thuilleadh iad chun cumascáin a athchúrsáil ina dtáirge in 2021 agus d'athchúrsáil siad thart ar 50,000 tonna. Le cinneadh náisiúnta agus dhá fhiontar phríobháideacha eile, tá toimhde choimeádach ann go leanfar de phróiseáil an chodáin seo agus go ndéanfar 50,000 tonna eile a phróiseáil mar ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad gach bliain i rith thréimhse an Phlean, 2024-2030. | **-0.5%/bliain**<br>**Laghdú de 300,000 tonna idir 2024-2030**<br>(50,000 tonna toimhdithe sa bhliain de bhreis ar an mbunlíne) |
| **Dea-chleachtas** | Féachann Beartas BS8.3 le Treoirlínte Dea-Chleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Pleananna Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola a ullmhú do Thionscadail Tógála & Scartála a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Is féidir gur cabhair é forfheidhmiú rathúil an dea-chleachtais seo chun dramhaíl T&S a chosc agus glactar leis go dtiocfaidh laghdú beag de 1%, bunaithe ar an treoir seo. | **1%/bliain**<br>**Laghdú de 600,000 tonna idir 2024-2030**<br>(100,000 tonna in aghaidh na bliana ar an meán) |

[12] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/-national-end-of-waste-criteria-recycled-aggregates.php

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 7

**Cinntí Náisiúnta – Rialachán 27**

**D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cinntí náisiúnta i dtaca le Rialachán 27 lena scaoilfear an fhéidearthacht i dtaca le laghdú ar mhéideanna suntasacha dramhaíola agus méadú ar rátaí ciorclaíochta ar bhonn bliantúil.**

Ach éifeachtaí toimhdithe na mbeart atá leagtha amach i d**Tábla 1.5** a chur i bhfeidhm ar an gcás 'gach rud mar is gnách' atá leagtha amach in **Imleabhar I Caibidil 6**, faightear réamh-mheastacháin leasaithe i dtaca le táirgeadh T&S mar atá léirithe i bh**Fíor 1.3**.

Léiríonn na sonraí roinnt luaineachta le blianta beaga anuas idir 2020 agus 2022 mar gheall ar thionchar Covid-19 agus ansin laghdú ar tháirgeadh iomlán T&S in 2024, ag oibriú ar an mbonn gur cuireadh cinneadh náisiúnta Rialachán 27 i dtaca le hithir agus cloch ó láithreáin úrnua i bhfeidhm.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 8

**Cinneadh Náisiúnta – Rialachán 28**

**D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cinneadh náisiúnta i dtaca le Rialachán 28 lena scaoilfear an fhéidearthacht i dtaca le laghdú ar mhéideanna suntasacha de dhramh-chumascáin bhrúite ar bhonn bliantúil.**

Méadaíonn an ráta táirgthe dramhaíola réamh-mheasta foriomlán ó 9 milliún tonna a tomhaiseadh in 2021 go dtí thart ar 10 milliún tonna in 2023 sula dtiocfaidh laghdú air tar éis 2024 le forfheidhmiú an chinnidh náisiúnta fotháirge maidir le hithir agus cloch ó láithreáin úrnua. In 2024, is ionann é seo agus laghdú tuartha de thart ar 2.4 milliún tonna ón réamh-mheastachán 'gach rud mar is gnách' le haghaidh 2024, ag ardú go dtí laghdú de 5 mhilliún tonna faoi 2030.

Cuimsíonn an laghdú réamh-mheasta, go príomha, ithir agus cloch ó láithreáin úrnua a atreoraíodh mar fhotháirge mar aon leis na hidirghabhálacha eile a sonraíodh i d**Tábla 1.5**.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 9

**Treoirlínte Dea-Chleachtais T&S**

**Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta do rolladh amach agus cur chun cinn threoirlínte dea-chleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh tionscadail T&S.**


Tugann an treocht le tuiscint go n-ardóidh an dramhaíl T&S trí chéile go forchéimnitheach ó 2024 go 2030 de réir mar a éiríonn tionchar na n-idirghabhálacha cobhsaí agus a fhásann an earnáil ó 2024. Faoi 2030, táthar ag súil le go n-ardóidh táirgeadh iomlán na dramhaíola T&S go dtí 10 milliún tonna, rud a bheidh ag teacht le leibhéil ionchais 2023 agus a léiríonn an gá atá le níos mó idirghabhálacha chun an uaillmhian de 0% d'fhás dramhaíola a réadú.

Léiríonn **Fíor 1.3** freisin tionchar an chinnidh náisiúnta ar dhramhaíl agus fotháirge ithreach agus cloiche. In 2021, táirgeadh thart ar 10 milliún tonna d'ithir agus cloch agus bainistíodh trí cheathrú di mar dhramhaíl.

Meastar go ndéanfar 50% den ithir agus cloch a bhainistiú mar fhotháirge nuair a chuirfear na cinntí náisiúnta i bhfeidhm agus go n-ardóidh an codán seo de 10% in aghaidh na bliana a fhad le 2030.

## DRAMHAÍL T&S:

**I bhfianaise an fháis láidir atá réamh-mheasta in earnáil na tógála sa ghearrthréimhse go meántréimhse, tá tuartha go leanfaidh táirgeadh na dramhaíola tógála de bheith ag fás i rith thréimhse an Phlean. Tá an gá atá le hidirghabháil shuntasach san earnáil seo le hábhair a bhfuil acmhainn ard chiorclach ag baint leo breá soiléir. Tá sé éigeantach go gcuirfear i bhfeidhm na hidirghabhálacha beartaithe ar fhotháirgí, ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad agus an dea-chleachtas, gan mhoill. Is ag beart na bhfotháirgí, go háirithe, a thagann an acmhainn is mó chun táirgeadh na dramhaíola laistigh den earnáil a mhaolú ach é a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí agus an earnáil glacadh leis ar bhonn forleathan.**




Fíor 1.3: Táirgeadh Réamh-mheasta T&S agus Ithreach agus Cloiche (le hidirghabhálacha)

## 1.3 ACHOIMRE

Tá tuartha go gcuirfidh an fás daonra agus na spreagthaigh eacnamaíocha do na hearnálacha tráchtála agus tógála le táirgeadh na dramhaíola seo le linn shaolré an Phlean seo. Is féidir go gcabhródh na hidirghabhálacha atá luaite sa Phlean seo, sa WAPCE agus san Acht um Gheilleagar Ciorclach táirgeadh na dramhaíola a mhaolú i gcomhréir leis an uaillmhian d'fhás dramhaíola 0%.

Beidh an fócas príomha ar chosc na dramhaíola agus ar iompraíochtaí a athrú sna hearnálacha ar fad (de réir Chroí-Pholasaí CP5) lárnach chun an táirgeadh dramhaíola a dhícheangal a thuilleadh ó na spreagthaigh seo. Tá raon agus rathúlacht na n-idirghabhálacha beartaithe deacair a thuar i bhfianaise na spleáchas agus na nithe anaithnide éagsúla atá i gceist agus ba cheart breathnú ar na réamh-mheastacháin sa chomhthéacs seo. Tá gá le córas monatóireachta leanúnach chun an dul chun cinn a rianú agus réamh-mheastacháin a leasú.

Meastar cur i bhfeidhm rathúil an chórais praghsála dreasaithe le haghaidh dramhaíl tráchtála agus bhardasach agus cinneadh náisiúnta Rialachán 27 le haghaidh ithir agus cloch ó láithreáin úrnua a bheith ar na príomhspreagthaigh agus ar na croí-thorthaí inréadaithe chun an treocht a laghdú agus tacaítear leo leis an bPlean seo.

Ar an téad chéanna leis an gcosc, tá roinnt idirghabhálacha beartaithe ann arb é is aidhm leo ráta náisiúnta athchúrsála na dramhaíola bardasaí a mhéadú agus a chinntiú go gcuirtear codáin níos airde d'acmhainní ar fáil i gcomhair córais chiorclacha. Tá réamh-mheasta go n-eascróidh méadú ar ráta athchúrsála na dramhaíola bardasaí as comhthionchar na n-idirghabhálacha ar fad in éineacht lena chéile go dtí 45-50% faoi dheireadh thréimhse an Phlean.

Le córas monatóireachta an Phlean (féach **Cuid C**), déanfar rianú ar sheachadadh agus rathúlacht na n-idirghabhálacha a bhfuil cuntas orthu sa réimse seo chun fás dramhaíola de 0% in aghaidh an duine a bhaint amach i rith thréimhse an Phlean, i gcomhréir le huaillmhian an Phlean seo.

Léiríonn an uaillmhian seo dícheangal na rátaí táirgthe dramhaíola ón ngníomhaíocht eacnamaíoch chun treochtaí reatha agus réamh-mheasta san fhás dramhaíola le blianta beaga anuas a mhaolú.

# 2 CUMAIS AGUS EASNAIMH

Tá breithniú sa chaibidil seo ar acmhainneacht an mhargaidh dramhaíola maidir le hábhair a bhailiú, a athchúrsáil, a aisghabháil agus a dhiúscairt agus sainaithnítear croí-thorthaí inréadaithe chun dul i ngleic leis na heasnaimh. Tá athbhreithniú le sonrú ar an acmhainneacht chóireála shuiteáilte agus toilithe chun an t-easnamh ó thaobh na hacmhainneachta atá ar fáil laistigh den Stát a shainaithint. Tugadh faoi na heasnaimh a sainaithníodh sna Beartais Spriocdhírithe le haghaidh bonneagair (Réimsí Fócais 11 go 16) atá le sonrú in **Imleabhar II**. Sainaithníodh croí-thorthaí inréadaithe nuair ab iomchuí chun dul i ngleic le bearnaí nó easnaimh a sainaithníodh sa mhargadh.

## 2.1 BAILIÚ DRAMHAÍOLA

Tá cur síos in **Imleabhar I Rannán 5.2** den Phlean seo ar chórais bonneagar bailithe atá ann faoi láthair sa Stát lena n-áirítear bailiúcháin cois cosáin, ionaid fág anseo, ionaid fóntas poiblí, ionaid Íoc-le-hÚsáid, scéimeanna tabhair-ar-ais agus bailiúcháin aon uaire.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 10**
**Rannpháirteachas**

**Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta don rannpháirteachas uasta leis na seirbhísí údaraithe dramhaíola agus cuirfear an rannpháirteachas chun cinn trí fheasacht agus forfheidhmiú dírithe.**

Ó thaobh na mbailiúchán teaghlaigh cois cosáin de, tá an clúdach éagsúil agus léiríonn na sonraí go dtéann céatadán na dteaghlach ar chóras bailithe cois cosáin ó níos mó ná 90% sna ceantair uirbeacha níos mó go dtí rud beag níos mó ná 50% i gcontaetha tuaithe.

Clúdaíonn bailiúcháin cois cosáin dhá thrian de bhailiúchán na dramhaíola teaghlaigh agus tacaíonn an Plean seo le príomhacht an bhailiúcháin cois cosáin mar an modh optamach chun dramhaíl teaghlaigh leithscartha a cheapadh.

Tá rolladh amach leantach na haraide orgánaí do gach teaghlach agus oibreoir tráchtála éigeantach chun acmhainn chiorclaíochta an tsrutha dramhaíola seo a uasmhéadú agus an truailliú féideartha a laghdú agus chun comhlíontacht ábhair na n-araidí eile a mhéadú.

Tá gá le cleachtais fheabhsaithe i measc teaghlach, lucht úsáide measctha agus táirgeoirí dramhaíola tráchtála i dtaca le leithscaradh agus toirbhirt na dramhaíola lena bailiú. D'fhéadfaí na feabhsúcháin seo a bhaint amach trí athrú iompraíochta chun leithscaradh na dramhaíola ag an bhfoinse a fheabhsú agus trí fhorfheidhmiú níos mó, mar shampla, leis na fodhlíthe dramhaíola. Léirigh suirbhéanna ar shaintréithiú dramhaíola na Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2022 droch-chleachtais leantacha leithscartha sna haraidí teaghlaigh agus tráchtála agus sainaithníodh leibhéil arda truaillithe agus droch-chomhlíontacht ábhar.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 11**
**Comhlíontacht Ábhar**

**Déanfaidh an Earnáil Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil grúpa cumasúcháin a bhunú chun seachadadh sprioc an phlean i dtaca leis an gcomhlíontacht ábhar a chomhordú.**

Laghdaíonn droch-leithscaradh caighdeán na n-ábhar a bhíonn ar fáil le haghaidh athchúrsála mar aon le hacmhainn chiorclaíocchta an ábhair seo. Tá sé riachtanach an méid a uasmhéadú agus cáilíocht na n-ábhar a chuirtear san araid athchúrsála agus san araid orgánach a chothú chun bunábhar glan

iontaofa a chinntiú do roghanna cóireála ciorclacha.

Tá tagairt don chroí-phrionsabal in uaillmhian an Phlean seo trí 'feabhas a chur ar ghabháil na dramhaíola ar fad ag barrfheabhsú ciorclaíochta'.

Tá gealltanas sa Phlean seo maidir le sprioc chomhlíontachta le haghaidh araidí dramhaíola in-athchúrsáilte agus iarmharaí chun caighdeáin íosta a bhaint amach agus an truailliú le dramhaíl eile a laghdú. Is éard a bheith sa ghrúpa cumasúcháin atá beartaithe don toradh inréadaithe seo ná foghrúpa de chuid an Ghréasáin Náisiúnta um Shonraí Dramhaíola atá ann cheana, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Earnáil Rialtais Áitiúil mar chomh-chathaoirligh ar an ngrúpa.

Le hAlt 26 den Acht um Gheilleagar Ciorclach, éascaítear tabhairt isteach na rialachán[13] le haghaidh córas dreasaithe praghsála dramhaíola d'oibreoirí tráchtála (tá reachtaíocht i bhfeidhm cheana d'oibreoirí teaghlaigh). D'fhéadfadh sé gurbh é a d'eascródh as an mbeart seo ná tairbhe dhéach an choiscthe dramhaíola mhéadaithe agus an leithscartha fheabhsaithe, rud a laghdódh an truailliú agus a mhéadódh rátaí athchúrsála.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 12**
**Bonneagar Athúsáide**

**Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta d'éascú na hathúsáidte ag 10% de na hionaid fóntas poiblí atá ann cheana agus ag gach ceann de na Suíomhanna Ardleibhéil a sainaithníodh le linn phróiseas athbhreithnithe na Suíomhanna Fóntas Poiblí, faoi réir tacaíocht ón rialtas.**

San 'Athbhreithniú Náisiúnta ar Ionaid Fóntas Poiblí' in 2020[14] rinneadh sraith moltaí chun líonra bonneagair bailithe dramhaíola poiblí comhtháite, neartaithe agus comhordaithe a fhorbairt a fhreagraíonn go hinbhuanaithe do riachtanais tomhaltóirí, do dhúshláin rialála agus bheartais, agus don gheilleagar ciorclach. Soláthraíonn an líonra seo de 96 suíomh laistigh den Stát rogha mhalartach údaraithe áitiúil ar an mbailiúchán cois cosáin.

Is ionann na hIonaid Fóntas Poiblí freisin agus deis chun tacaíocht a chur ar fáil don mhargadh athúsáide agus athchóirithe níos leithne agus, ag an am céanna, feasacht a mhúscailt. Ar an gcúis seo, is gealltanas é faoin bPlean seo líonra na nIonad Fóntas Poiblí a bhreisiú chun bonneagar athúsáidte a chuimsiú, chun ionchur ciorclach do phobail a éascú.

Léiríodh le roinnt ionstraimí reachtaíochta agus polasaí an gá atá le córais bailithe faoi leith le haghaidh sruthanna acmhainní amhail an bhith-dhramhaíl, dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh agus teicstílí, ar tacaíodh leo go léir laistigh den Phlean seo.

## 2.2 CÓIREÁIL DRAMHAÍOLA SOLADAÍ BARDASAÍ IARMHARAÍ

In **Imleabhar I Caibidil 5**, tá forbhreathnú ar acmhainneacht cóireála DSB iarmharach atá suiteáilte agus ar feitheamh laistigh den Stát. Is féidir achoimre a thabhairt ar an acmhainneacht cóireála atá ar fáil agus a bhfuil toiliú iomlán aici in 2023 mar seo a leanas:

- **Aisghabháil – Cóireáil Theirmeach Thiomnaithe**
  Dhá shaoráid dramhaíl go fuinneamh: 910,000 tonna (úsáid iomlán);
- **Aisghabháil – Comhphróiseáil**
  Ceithre mhonarcha stroighne ghníomhacha: 482,875 tonna (is iondúil nach n-úsáidtear ach 64% d'acmhainneacht nó thart ar 310,000 tonna mar gheall ar riachtanais roghnaithe le haghaidh cineál dramhaíola agus luachanna calracha ach tá tuartha ag an tionscal stroighne go méadóidh sé seo go dtí 400,000 tonna de Bhreosla Athshlánaithe Soladach ar bhonn bliantúil faoi 2030); agus
- **Diúscairt – Líonadh Talún**
  Trí láithreán líonta talún DSB ghníomhacha: 458,000 tonna ar fáil le haghaidh cóireáil DSB.

Is ionann an acmhainneacht cóireála DSB

**BAILIÚ DRAMHAÍOLA:**
**Ach cainníocht agus cáilíocht na n-ábhar a bhailítear trí gach modh údaraithe a mhéadú, tagann tairbhí comhfhreagracha i dtaca le leibhéil comhlíontachta bailithe agus acmhainn chiorclach na n-ábhar a bhailítear. Tá croí-thorthaí inréadaithe a bheadh dírithe ar fheabhsú na gcóras údaraithe bailithe éigeantach san aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus chun tacú leis an ngníomh ar son na haeráide.**

[13] I.R. Uimh. 104 de 2023 Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú) (Uimh. 2) 2023
[14] Nasc: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2021/02/National-Review-of-Civic-Amenity-Sites.pdf

Tábla 2.1: Athruithe a bhfuiltear ag dúil leo i dtaca le hAcmhainneacht Cóireála DSB Iarmharach

| Saoráid | Athrú Acmhainneachta |
|---|---|
| **Glanpower Ltd.** (W0282-01) | Monarcha pirealaithe ag a bhfuil acmhainneacht DSB iarmharach de 65,000 tonna i nDoire Cluthar, Co. Uíbh Fhailí, ag a bhfuil toiliú pleanála agus ceadúnaithe ach nach bhfuil iomlán tógtha go fóill (d'fhéadfadh sé go mbeadh an acmhainneacht thoimhdithe ar fáil faoi lár 2025). |
| **Indaver, Rinn an Scidígh** (ní hann d'aon tagairt ceadúnais nó níor taisceadh aon iarratas) | Acmhainneacht de thart ar 216,000 tonna de DSB iarmharach ag an monarcha dramhaíl go fuinneamh i Rinn an Scidígh i gContae Chorcaí nach bhfuil aon iarratas taiscthe fós aici ar phleanáil ná ar cheadúnú (ní dócha go dtiocfaidh an acmhainneacht de réir amscála an Phlean seo faoi 2030). |
| **Láithreán Líonta Talún Bhaile na gCrann** (W0165-02) | Imíonn an cead pleanála reatha don láithreán líonta talún ag Baile na gCrann in éag i mí an Mheithimh 2026 agus ní bheidh fáil níos mó, i ndiaidh an dáta sin, ar an acmhainneacht diúscartha de 150,000 tonna de BSD iarmharach ach gurb é go ndéanfaí iarratas úr a chur isteach. |
| **Láithreáin Líonta Talún an Droichid** (W0201-03) | Tá cead ag an láithreán líonta talún ag an Droichead glacadh le 120,000 tonna de BSD iarmharach agus tá beartaithe go ndúnfar é in 2028. I mí an Mheithimh 2023, taisceadh iarratas leis an mBord Pleanála (tagairt: PA09.317292) le haghaidh síneadh ar an tsaoráid atá ann faoi láthair. Sa chás ina mbronnfaí cead pleanála, bheadh gá freisin le hathbhreithniú ceadúnais d'fhoinn oibríochtaí a éascú tar éis 2028. Níl an acmhainneacht mheasta tar éis 2028 san áireamh i réamh-mheastacháin an Phlean seo nó níl ceachtar de na toilithe iomchuí faighte ag an acmhainneacht seo go fóill. |

iarmharach atá ar fáil faoi láthair in 2023 agus thart ar 1.68 milliún tonna, bunaithe ar na hacmhainneachtaí atá leagtha amach agus ar rátaí úsáidte tomhaiste. Tá sé seo tar éis méadú go suntasach os cionn na hacmhainneachta de 1.47 milliún tonna a bhí ar fáil in 2022. Tugann na réamh-mheastacháin do tháirgeadh DSB iarmharach atá léirithe i bh**Fíor 1.2** le tuiscint go bhfuil easnamh de thart ar 200,000 tonna san acmhainneacht cóireála faoi láthair in 2023 agus an acmhainneacht cóireála a bheidh ar fáil ag laghdú sa tréimhse go 2030.

Léiríonn staitisticí dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh 2021 go ndearnadh thart ar 400,000 tonna de DSB iarmharach a onnmhairiú le haghaidh cóireáil deiridh, rud a léiríonn go bhfuil an t-easnamh san acmhainneacht cóireála á bainistiú trí onnmhairí. Níl sé inbhuanaithe a bheith ag brath ar an leibhéal seo d'onnmhairí agus níl sé ag teacht le prionsabail na neamhthuilleamaíochta agus na gaireachta agus tugann an anailís le tuiscint go bhfuil gá le hacmhainneacht cóireála bhreise laistigh den Stát.

Tá roinnt forbairtí agus athruithe ar na bacáin a bhféadfadh sé go gcuirfidís leis an acmhainneacht bhreise mar chabhair chun dul i ngleic leis an easnamh seo agus tá siad seo leagtha amach i d**Tábla 2.1**.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 13
**Acmhainneacht Aisghabhála Teirmí**

**Tacaíonn an Earnáil Rialtais Áitiúil le soláthar na hacmhainneachta aisghabhála teirmí breise agus tá treoir sa Phlean seo maidir leis an acmhainneacht atá ag teastáil.**

Tá léirithe sa tábla an acmhainneacht reatha de 1.68 milliún tonna agus an fhéidearthacht ann go méadófaí í seo go dtí 1.74 milliún tonna in 2025 ach go laghdófaí arís í le dúnadh láithreán líonta talún Bhaile na gCrann ó 2027 agus láithreán an Droichid ó 2028. Tabhair faoi deara go bhfuil foráil sna réamh-mheastacháin d'úsáid mhéadaithe líneach na hacmhainneachta toilithe ag na monarchana stroighne go sroichfidh sí acmhainneacht de 400,000 tonna faoi 2030.

clarity required on placement of text in NOTA column

Tábla 2.2: Acmhainneacht Cóireála DSB a fhad le 2030

| Bliain | Cóireáil Theirmeach Thiomnaithe (tonnaí) | Comhphróiseáil ag Monarchana Stroighne (tonnaí) | Diúscairt ag Láithreáin Líonta Talún (tonnaí) | Acmhainneacht Iomlán (tonnaí) | Nóta |
|---|---|---|---|---|---|
| 2020 | 820,000 | 225,000 | 358,000 | 1,403,000 | - |
| 2021 | 820,000 | 225,000 | 358,000 | 1,403,000 | - |
| 2022 | 820,000 | 289,040 | 358,000 | 1,467,040 | Méadú ag Platin Cement (Comhphróiseáil). |
| 2023 | 910,000 | 310,000 | 458,000 | 1,678,000 | Méadú ag Cnoc Urlaithe (Diúscairt) Méadú ag an Rinn (Aisghabháil) Méadú ag Mungret Cement (Comhphróiseáil ag 64% d'acmhainneacht). |
| 2024 | 910,000 | 322,857 | 458,000 | 1,690,857 | - |
| 2025 | 942,500 | 335,714 | 458,000 | 1,736,214 | Tosú ag Glanpower (ag glacadh leis go dtosófar i lár na bliana) |
| 2026 | 975,000 | 348,571 | 383,000 | 1,706,571 | Acmhainneacht laghdaithe ag Baile na gCrann (imíonn cead pleanála in éag i mí an Mheithimh) |
| 2027 | 975,000 | 361,429 | 308,000 | 1,644,429 | Stad ag Baile na gCrann |
| 2028 | 975,000 | 374,286 | 308,000 | 1,657,286 | - |
| 2029 | 975,000 | 387,143 | 188,000 | 1,550,143 | Stad ag an Droichead (ag glacadh leis nach mbeidh aon síneadh ann) |
| 2030 | 975,000 | 400,000 | 188,000 | 1,563,000 | - |

Ní leor an acmhainneacht réamh-mheasta a bheadh ar fáil agus atá le sonrú i d**Tábla 2.2** chun riar ar an easnamh in acmhainneacht cóireála DSB iarmharach agus tá sé seo léirithe i bh**Fíor 2.1** le haghaidh chás an ráta athchúrsála de 45% agus cás an ráta athchúrsála de 50%.

Léiríonn an fhíor seo gurb amhlaidh, ag glacadh leis go soláthrófar gach athrú acmhainneachta atá ar feitheamh, go mbeidh easnamh fós ann san acmhainneacht cóireála de thart ar 200,000 tonna faoi 2030 (ag glacadh leis go n-éireoidh leis na hidirghabhálacha coiscthe agus leis an réimse de thionchair athchúrsála). Mura n-éiríonn leis na hidirghabhálacha seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh an t-easnamh san acmhainneacht cóireála chomh hard le 300,000 tonna faoi 2030.


## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 14
### Acmhainneacht Diúscartha

**Tacaíonn an Earnáil Rialtais Áitiúil le coimeád na hacmhainneachta reatha diúscartha ag láithreáin líonta agus féachfar le hacmhainneacht theagmhasach a chinntiú, faoi réir údarú.**

I láthair na huaire, déantar an bhearna san acmhainneacht náisiúnta cóireála a thabhairt isteach trí onnmhairí ach is amhlaidh, áfach, go dtagann creat leis an bPlean seo le haghaidh neamhthuilleamaíochta trí bhonneagar inmharthana cóireála a chur ar fáil laistigh den Stát.

Tá an acmhainneacht reatha líonta talún fós éigeantach don mhargadh. Déantar an acmhainneacht todhchaí líonta talún a rialú trí pholasaí SP15.1 lena sonraítear nach dtacaítear lena leithéid d'fhorbairt ach amháin i gcomhthéacs chomhlíonadh sprioc an AE maidir le diúscairt chuig líonadh talún nach mó ná 10% de DSB faoi 2035.

## CÓIREÁIL DSB IARMHARACH:
Bunaithe ar fhás réamh-mheasta sa DSB iarmharach agus ar athbhreithniú ar an acmhainneacht cóireála atá ar fáil, tá réamh-mheasta go mbeidh easnamh leantach suntasach san acmhainneacht cóireála laistigh den Stát dar méid 200,000 go 300,000 tonna. Tá an spleáchas leantach ar onnmhairiú DSB iarmharach lena cóireáil neamh-inbhuanaithe agus tá gá le bonneagar breise dúchasach cóireála chun riar ar an éileamh reatha gan teacht salach ar chuspóir an Phlean seo i dtaca le cosc na dramhaíola, athúsáid/deisiúchán ábhar agus an chéad ghlúin eile de spriocanna athchúrsála lena mbeifí ag cloí le prionsabail gaireachta agus neamhthuilleamaíochta.




Fíor 2.1: Táirgeadh réamh-mheasta DSB iarmharach agus Acmhainneacht Cóireála atá ar fáil

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 15**
**Aisghabháil Ithreach**

**Spreagfaidh an Earnáil Rialtais Áitiúil dáileachán feabhsaithe na saoráidí aisghabhála ithreach (neamhghuaiseach, ó láithreáin úrnua) ar bhonn náisiúnta chun freagairt do thorthaí na gcinntí náisiúnta.**

## 2.3 CÓIREÁIL DRAMHAÍOLA T&S

Díríodh aird in **Imleabhar I** ar na nithe seo a leanas bunaithe ar Thuarascáil Náisiúnta 2020 ar an Dramhaíl T&S[15].

Tá acmhainneacht shuntasach ann fós sna saoráidí toilithe aisghabhála ithreach agus d'fhéadfadh sé, le cinneadh náisiúnta Rialachán 27 in 2024 ar ithir agus cloch ó láithreáin úrnua, go ndéanfaí an t-éileamh ar an acmhainneacht seo a laghdú.

Tá molta sa Tuarascáil go bhfuil gá le scaipeadh geografach níos fearr de shaoráidí ceadúnaithe nó i láthair na huaire, tá 80% den acmhainneacht atá ar fáil suite i Réigiún an Oirthir-Láir Tíre. Tá sainmhíniú le sonrú i bPolasaí SP 14.3 ar an ngá atá le monatóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht na Saoráide Aisghabhála Ithreach lena chinntiú go bhfuil údaruithe leordhóthanacha agus iomchuí i bhfeidhm, i ngach réigiún, chun an gá atá le hacmhainneacht aisghabhála ithreach a shásamh.

I bhfianaise pholasaí an Phlean Forbartha Náisiúnta i dtaca le níos mó forbartha ar láithreáin athfhorbraíochta, tá easnamh acmhainneachta i dtaca le saoráidí ina ndéanfaí dramhaíl neamh-thámh neamhghuaiseach a chóireáil. Ar an gcúis sin, tá sé d'aidhm le SP14.4 dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar sholáthar na hacmhainneachta cóireála le haghaidh sruthanna dramhaíola T&S neamhghuaiseacha lena chinntiú go ndéantar an dramhaíl a íoslaghdú agus go ndéantar an acmhainneacht aisghabhála agus ciorclaíochta a uasmhéadú.

**CÓIREÁIL DRAMHAÍOLA T&S:**

**Tá bearna sheanbhunaithe san acmhainneacht cóireála le haghaidh sruthanna dramhaíola neamhghuaiseacha T&S nó níor cheart go gceadófaí a thuilleadh go mbeadh an sruth seo san iomaíocht leis an DSB i dtaca le spás folamh i láithreáin líonta talún DSB. Tá gá práinneach méadaitheach le bonneagar breise don sruth seo lena chinntiú go ndéantar slabhra soláthar rialaithe do thionscal na tógála chun an dramhaíl seo a bhainistiú.**

[15] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/c305a-construction-and-demolition-cd-waste/?

## 2.4 ACHOIMRE AR ACMHAINNEACHT AGUS EASNAIMH

Tá leagtha amach i g**Caibidil 1** den imleabhar seo an fás tuartha todhchaí sa táirgeadh DSB agus T&S i rith thréimhse an Phlean. Tá curtha san áireamh sna tuartha seo tionchar toimhdithe idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm le déanaí nó atá beartaithe chun an cosc dramhaíola a chur chun cinn, an athchúrsáil a mhéadú agus níos mó bainistiú acmhainní ciorclacha a éascú. Is é an bhuntreocht atá ann ná leibhéal statach táirgthe dramhaíola don dá shruth (i.e., 0% d'fhás dramhaíola) ach braitheann sé seo go mór ar a fheabhas a éireoidh le forfheidhmiú na n-idirghabhálacha.

Tá sainaitheanta sa chaibidil seo, i gcomhthéacs an táirgthe mhéadaithigh DSB agus méadú measartha beag sa ráta athchúrsála, go bhfuil ag fás ar an ngá atá le hacmhainneacht cóireála DSB iarmharach ach go bhfuil infhaighteacht na hacmhainneachta cóireála, den chuid is mó, statach agus go dtiocfaidh laghdú uirthi sa mheántréimhse. Dá réir sin, ar na croí-thorthaí inréadaithe a theastaíonn, tá acmhainneacht cóireála DSB iarmharach leantach agus sínte laistigh den Stát le gur féidir aistriú i dtreo na neamhthuilleamaíochta agus an spleáchas ar onnmhairiú a laghdú. Ní mór a chinntiú le haon fhorbairt todhchaí acmhainneachta nach dtiocfaidh bonneagar úr aisghabhála salach ar bheartais chiorclacha níos leithne maidir le cosc, athúsáid/deisiúchán agus athchúrsáil.

Cé go bhfuiltear ag dúil le go dtiocfaidh laghdú ar iomlán na dramhaíola T&S sa ghearrthréimhse go meántréimhse (ag brath ar rathúlacht na gcinntí náisiúnta ar Rialachán 27 & 28), tá easnamh náisiúnta acmhainneachta ann i gcónaí i dtaca le dramhaíl T&S neamhghuaiseach. Cé go bhféadfaí an dramhaíl seo a bhainistiú ag láithreáin líonta talún DSB, d'fhág an gá le spás folamh a choimeád sna láithreáin líonta seo don DSB gur tháinig laghdú ar an acmhainneacht le haghaidh na sruthanna seo le blianta beaga anuas. Ní mór go dtacófaí le saoráidí tiomnaithe don sruth seo agus iad a leathnú chun riar ar na heasnaimh réamh-mheasta.



# 3 RIACHTANAIS BONNEAGAIR

Léiríonn na bearnaí acmhainneachta a sainaithníodh i g**Caibidil** 2 den imleabhar seo an gá atá le croí-thorthaí inréadaithe bonneagair chun freastal ar chiorclaíocht agus neamhthuilleamaíocht mhéadaithe agus baint den riosca agus den spleáchas ar onnmhairí dramhaíola. Cuimsíonn na riachtanais bonneagair seo tacaíochtaí chun tionscnaimh athúsáide, deisiúcháin agus athchúrsála a fhorbairt mar aon le bonneagar aisghabhála níos traidisiúnta a theastaíonn sa ghearrthréimhse go meántréimhse.

In ainneoin an ghá atá le bonneagar, éilítear le croíbheartais de chuid an Phlean seo i dtaca leis an gcosaint comhshaoil (CB1) agus aeráide (CB2) go mbeadh cosaint an chomhshaoil agus an gníomhú ar son na haeráide lárnach maidir le suíomh, scála, dearadh agus oibriú aon bhonneagair nó tionscnaimh úir a d'fhorbrófaí faoi pholasaithe an Phlean seo. Beidh an treoir maidir le láithreánú a forbraíodh sna sála ar an RWMP roimhe seo agus atá san áireamh sa Phlean seo (**Aguisín 9 Imleabhar IV Faisnéis Tacaíochta**) ríthábhachtach maidir le cosaint comhshaoil a chinntiú.

De bhreis ar bhonneagar nua a fhorbairt, tá gá le croí-acmhainneacht bonneagair atá ann cheana a chosaint lena chinntiú go gcothaítear an chobhsaíocht mhargaidh do na sruthanna dramhaíola sin a mbaineann riosca acmhainneachta leo (sainaithníodh i **gCaibidil 2** iad).

Sainaithníodh in **Imleabhar I** na critéir a bhaineann le bonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach agus tacaíonn Croí-Bheartas CB12 leis an ngá go gcothódh an bonneagar seo margadh dramhaíola feidhmiúil.

## 3.1 ACMHAINNEACHT CÓIREÁLA BHREISE

Tá an earnáil athúsáide agus deisiúcháin in Éirinn tar éis fás le blianta beaga anuas agus ceannródaithe na hearnála amhail Líonra Acmhainní Pobail Éireann (CRNI) ag cumasú a gcuid ball chun méideanna

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 16**
**Tacú le hAthúsáid agus Deisiúchán**

**Tacóidh an Earnáil Rialtais Áitiúil le gníomhaíochtaí Athúsáidte agus Deisiúcháin tríd an nuálaíocht a spreagadh, trí mhargaí a shainaithint agus tríd an oiliúint a chomhordú.**

níos mó de ghníomhaíocht athúsáidte agus deisiúcháin a sheachadadh agus a thaifeadadh. Is amhlaidh, áfach, gur earnáil dlúthshaothair í seo, rud a mhéadaíonn na costais oibríochtúla agus a laghdaíonn staid iomaíochta na gcleachtóirí athúsáidte/deisiúcháin.

Tá gá le hidirghabhálacha níos mó faoi riocht na hoiliúna agus an mhaoinithe chun tacú leis na tionscnaimh seo chun níos mó lúb acmhainní ciorclacha a éascú.

Le hAlt 9(4) den WFD, tagann ceanglas i dtaca le monatóireacht ar chur i bhfeidhm na dtionscnamh athúsáide tríd an athúsáid a thomhas le modheolaíocht choiteann (Cur i bhFeidhm Cinneadh (AE)2021/19).

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 17**
**Monatóireacht a dhéanamh ar Athúsáid agus Deisiúchán**

**Tacóidh an Earnáil Rialtais Áitiúil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun sonraí monatóireachta athúsáide a sholáthar agus sonraí deisiúcháin a fhorbairt chun tacú leis an ngníomhaíocht seo.**

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freagrach as an monatóireacht seo agus baineadh feidhm as na sonraí seo chun bunlíne stóinsithe don athúsáid a bhunú. Baineadh feidhm as an mbunlíne freisin mar bhonn eolais don sprioc athúsáide sa Phlean seo agus éascóidh sé rianú an dul chun cinn agus an gá a bheadh le hidirghabhálacha breise chun tacú leis an earnáil seo.

Féachann an Plean seo le bheith ag cur leis an gcóras monatóireachta seo agus sprioc stóinsithe a bhunú chun fás na gníomhaíochta athúsáidte a chur chun cinn. Ní hann dá chómhaith de riachtanas monatóireachta i dtaca le gníomhaíochtaí deisiúcháin ach féachann an Plean seo le córas monatóireachta agus tuairiscithe den chineál céanna a bhunú mar a mbeadh spriocanna don athúsáid agus don deisiúchán araon chun an t-aistriú a rianú.

Cé go bhfuil acmhainneacht dhúchasach athchúrsála éigin ag Éirinn, déantar sciar suntasach d'ábhair a onnmhairiú lena n-athchúrsáil i Stáit eile (mar shampla, níor athchúrsáladh in Éirinn ach 18% den dramhaíl phacáistithe a táirgeadh in 2021). I bhfianaise spriocanna uaillmhianacha an AE lena gcuirtear de cheangal ar an Stát rátaí athchúrsála pacáistithe a mhéadú, ní féidir leanúint den spleáchas ar onnmhairí nó fágann caillteanas na n-acmhainní luachmhara ón Stát mar aon leis na hastaíochtaí iompair go bhfuil an cleachtas seo neamh-inbhuanaithe. Féachann an Plean seo le bheith ag tacú le forbairt na hacmhainneachta athphróiseála agus athchúrsála laistigh den Stát nuair a bheadh an acmhainneacht seo praiticiúil ar bhonn teicniúil, eacnamaíoch agus comhshaoil (Beartas Spriocdhírithe BS13.1).

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 18
### Ceadúnú Dramhaíola

**Tacaíonn an Earnáil Rialtais Áitiúil leis an athbhreithniú ar shocruithe reatha ceadúnaithe Dramhaíola le go gcuimseofaí amscálaí éigeantacha i dtaca le ceaduithe.**

Cé gurb é aidhm an Phlean an Stát a aistriú chuig geilleagar ciorclach agus fócas príomha ar an gcosc, an athúsáid, an deisiúchán agus an athchúrsáil, tá gá níos práinní fós ann le réitigh amhail aisghabháil chun cabhrú la maolú na n-easnamh reatha acmhainneachta (go háirithe don DSB iarmharach).

Trí iompraíochtaí a athrú chun an dramhaíl a chosc agus an leithscaradh a fheabhsú agus forbairt na réiteach ardleibhéil a éascú, tógfaidh sé am chun aistriú bríoch a bhaint amach.

Éilíonn na heasnaimh reatha acmhainneachta a sainaithníodh don DSB iarmharach gur gá acmhainneacht bhreise a sholáthar sa ghearrthréimhse go meántréimhse agus, dá réir, cuimsíodh an polasaí lena dtacaítear le cóireáil theirmeach bhreise mar chuid den Phlean (Beartas Spriocdhírithe BS14.2).

Níor ceapadh scála na haisghabhála teirmí a bhfuiltear ag tacú leis chun acmhainneacht iomlán cóireála a sholáthar don easnamh réamh-mheasta nó d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh a leithéid de sholáthar as do thionscnaimh choiscthe dramhaíola agus/nó forbairt na roghanna cóireála ar leibhéal níos airde. Éascaíonn scála na haisghabhála a bhfuiltear ag tacú leis laghdú iarbhír ar an riosca acmhainneachta agus é fós ina spreagthach le haghaidh cosc, athúsáid, deisiúchán agus athchúrsáil níos mó chun an fás réamh-mheasta sa dramhaíl a bhainistiú.



Dhéanfaí soláthar na hacmhainneachta breise aisghabhála a fheabhsú le córas feabhsaithe ceaduithe maidir le ceadúnú dramhaíola lena n-áireofaí amscálaí éigeantacha maidir le hathbhreithniú agus bronnadh na gceadúnas dramhaíola.

Cé go bhfuil an diúscairt ag láithreáin líonta talún ag an leibhéal is ísle d'ordlathas na dramhaíola, tá riachtanas oibríochtúla ann i gcónaí maidir le láithreáin líonta reatha laistigh den Stát a chothú chun cabhrú leis an easnamh reatha san acmhainneacht cóireála DSB iarmharach, nach bhfuil aon ionaid mhalartacha ann faoina gcoinne faoi láthair, a bhainistiú.

Le Treoir (AE)2018/550[16], leasaíodh an Treoir um Líonadh Talún agus cuireadh de cheangal ar an Stát 'na bearta iomchuí a dhéanamh lena chinntiú, faoi 2035, go laghdaítear an méid dramhaíola bardasaí a chuirtear chuig láithreáin líonta talún a laghdú go 10% nó níos lú de mhéid iomlán na dramhaíola bardasaí a tháirgtear (de réir meáchain).' Déanann sé seo úsáid an líonta talún mar rogha cóireála a theorannú agus tá sé seo léirithe i mbeartas spriocdhírithe BS15.1: 'Ní thacaítear le hacmhainneacht bhreise diúscartha do dhramhaíl neamhghuaiseach ach amháin i gcomhthéacs chomhlíonadh sprioc an AE maidir le diúscairt nach mó ná 10% den dramhaíl bhardasach chuig líonadh talún faoi 2035'.

## 3.2 BONNEAGAR ATÁ TÁBHACHTACH AR BHONN NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACH

Le blianta beaga anuas, tá an Bord Pleanála ag tagairt d'easpa saoráidí ainmnithe cóireála dramhaíola ar scála náisiúnta sa bheartas náisiúnta mar bhacainn sa chinnteoireacht i dtaca le bonneagar tábhachtach. Féachann an Plean seo leis an mbearna seo a dhúnadh trí na critéir ábhartha a shainaithint don chineál saoráide arbh ionann é agus 'bonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach' agus trí bheith ag tacú leis an ngá leis an mbonneagar seo le Croí-Bheartas (CB12). Soláthraítear an fhaisnéis seo chun cabhrú leis an mBord Pleanála, le húdaráis phleanála agus le forais bhainteacha eile sa chinnteoireacht maidir le toilithe d'iarratais todhchaí ar bhonneagar dramhaíola agus saoráidí.

Le hAlt 22(6)(b)(ii) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, tá ceanglas ann go gcuimseodh an Plean sonraí ar 'mórshuiteálacha diúscartha agus aisghabhála atá ann cheana' agus tá fardal de gach suiteáil dramhaíola faoi iamh in **Imleabhar IV (Faisnéis Tacaíochta)**. Cuimsíonn an fardal gach suiteáil dramhaíola ar gach scála a bhfuil ceadú ó údaráis áitiúla acu (Aguisín 6) agus ceadúnú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (**Aguisín 7**).

### CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 19

**Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach (Critéir)**

**Rachaidh an Earnáil Rialtais Áitiúil i gcomhairle leis an mBord Pleanála, le húdaráis pleanála agus le comhlachtaí ábhartha eile maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar i dtaobh Bonneagair atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach.**

Chun an bhearna bheartais seo a réiteach do shuiteálacha 'tábhachtacha', cuimsíonn **Imleabhar I** sainmhíniú ar an mbonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach mar seo a leanas: ***'suiteálacha atá den chineál agus den scála a meastar é a bheith riachtanach chun margadh dramhaíola feidhmiúil a choimeád laistigh den Stát'.***

[16] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2018/850/oj/eng?locale=ga

I bhfianaise na bhfadhbanna acmhainneachta a sonraíodh i g**Caibidil 2**, baineann an sainmhíniú seo go príomha le suiteálacha den scála a d'oirfeadh do chóireáil DSB iarmharach agus na dramhaíola tógála.

Leis na critéir agus na tairseacha do shuiteálacha atá liostaithe in **Imleabhar II**, sainaithnítear na haicmí forbraíochta a ndéantar tosaíocht díobh mar bhonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach faoin bPlean seo.

Ní thiteann ach suiteálacha ar scála faoin sainmhíniú; nó is lena leithéid de shuiteálacha a thagann an acmhainn is mó chun feidhmiúlacht an mhargaidh a choimeád. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí na critéir seo a leasú de réir mar is gá chun freagairt d'athruithe sna dálaí margaidh agus/nó riachtanais acmhainneachta a thiocfadh chun cinn.

**BONNEAGAR ATÁ TÁBHACHTACH AR BHONN NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACH:**

Chun soiléire agus trédhearcacht a chur ar fáil do rialaitheoirí agus forbróirí araon, tá leagtha amach sa Phlean critéir chun cur síos a dhéanamh ar bhonneagar a gcuirtear síos dó go bhfuil sé tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Tacaíonn agus seasann an Plean seo leis an ngá atá leis an mbonneagar seo.

## 3.3 TREOIR MAIDIR LE SUÍOMH

Leasaíodh Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola), 2020 (I.R. Uimh. 323 de 2020) agus anois éilíonn Alt 22(6)(b)(vi) go gcuirfidh an Plean **'faisnéis leordhóthaineach ar fáil maidir le critéir suímh do shainaitheantas láithreáin agus i dtaobh acmhainneacht na saoráidí diúscartha nó mórathshlánaithe amach anseo'.**

Ba é aidhm an RWMP roimhe seo ná **'cinntiú go bhfuil cur chuige leanúnach ann i leith chosaint an chomhshaoil agus na bpobal trí údarú láithreán do chóireáil dramhaíola'.** Chun seo a chur i bhfeidhm, leagadh gníomhaíocht beartais amach chun 'treoirlínte suímh a réiteach do shaoráidí dramhaíola agus athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir ghinearálta cosanta comhshaoil faoi mar a leagtar amach iad sa phlean dramhaíola'.

Ina dhiaidh sin, d'fhorbair an LGS, faoi stiúir an RWMPO **'Bonneagar Bainistíochta Dramhaíola - Treoir chun Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola a Shuíomh'**. Áirítear le scóip an doiciméid critéir leathana suite a théann i ngleic le rioscaí comhshaoil (truailliú nó núis a d'fhéadfadh a bheith ann, etc.), ceisteanna eacnamaíochta, ceisteanna pleanála (criosuithe, sonruithe úsáide talún, etc.) agus ceisteanna sóisialta (sláinte agus folláine). Áirítear sna critéir leathana seo prionsabail ghinearálta maidir le saoráidí dramhaíola a shuí ar gá d'fhorbróirí agus rialaitheoirí glacadh leo.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 20**
**Treoir maidir le Suíomh**

**Rachaidh an LGS i mbun comhairle leis an mBord Pleanála, leis na húdaráis phleanála agus le comhlachtaí ábhartha eile maidir leis an Treoir chun Saoráidí Dramhaíola a Shuíomh a chur i bhfeidhm.**

Chomh maith leis na critéir ghinearálta, cuirtear treoir saoráidoiriúnaithe i láthair lena breithniú agus na cineálacha seo a leana saoráidí á suíomh:

- Saoráidí Fág Anseo (Ionaid Fág Anseo agus Ionaid Íoc-le-hÚsáid) agus Ionaid Fóntas Poiblí (CAS);
- Saoráidí cóireála bitheolaíochta;
- Saoráidí réamhchóireála do dhramhaíl bardais, tógála agus scartála;
- Saoráidí athshlánaithe d'ithir agus clocha;
- Saoráidí cóireála údaraithe d'Fheithiclí Ré Caite (ELVanna);
- Saoráidí stórála dramhaíola; agus
- Saoráidí aisghabhála teirmí.

Tá an treoir seo maidir le suíomh comhtháite sa Phlean seo agus dá réir sin cuireadh faoi réir phróisis an SEA agus AA í. Tá an doiciméad san áireamh in **Aguisín 9 d'Imleabhar IV (Faisnéis Tacaíochta)**. Anuas air sin, gealltar go sonrach i mBeartas Spriocdhírithe BS11.1 go gcuirfear an treoir seo i bhfeidhm agus gealltar freisin go leabófar an treoir seo i bPleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil.

## TREOIR MAIDIR LE SUÍOMH:

**Chun an gá dlíthiúil le critéir suímh do shainaitheantas láithreáin saoráidí dramhaíola a chomhlíonadh, forbraíodh sraith critéir suite le cur chuige leanúnach agus trédhearcach a chinntiú i leith forbairt bonneagair dramhaíola.**

## 3.4 BONNEAGAR TEAGMHAIS

Luaitear in **Imleabhar I Rannán 5.8** gur luadh riachtanas faoi leith le Beartas E10 den RWMP maidir le bonneagar a fhorbairt agus a choimeád le cabhrú leis an mbainistíocht dramhaíola sa chás go gcuirtear isteach ar an margadh gan choinne:

> *Aithnítear sa phlean dramhaíola an gá go mbeadh acmhainneacht diúscartha leantach ar fáil chun freagairt do theagmhais lena dtiocfadh baol don timpeallacht agus/nó sláinte daoine agus beostoic. Déanfaidh na húdaráis áitiúla i ngach réigiún monatóireacht, ar bhonn bliantúil, ar an acmhainneacht theagmhasach a bhíonn ar fáil.*

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 21

**Acmhainneacht Theagmhasach**

**Tá an LGS tiomanta do shaoráid teagmhais dramhaíola náisiúnta a sholáthar le tacaíocht ón rialtas.**

Tá an gá le bonneagar teagmhais ábhartha fós don Phlean seo i bhfianaise na ndeacrachtaí leanúnacha acmhainne a luadh i g**Caibidil 2**, a léiríonn nach bhfuil teagmhas suntasach ar bith sa chóras le freastal ar imeachtaí nach mbítear ag súil leo.

Dá bhrí sin, sainordaítear sa Phlean seo an gá le bonneagar teagmhais a sheachadadh trí Bheartas BS15.2, a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go soláthrófar acmhainneacht dramhaíola theagmhasach iomchuí mar fhreagairt ar chur isteach ar an margadh agus/nó ar imeachtaí a chruthaíonn riosca don chomhshaol agus/nó do shláinte daoine agus beostoic.

Tá an LGS i ndiaidh tabhairt faoi Staidéar Indéantachta chun na rioscaí seo a bhainistiú, staidéar a léirigh gurb é an íosacmhainneacht theagmhasach a theastaíonn ná 150,000 tona. Is riachtanais de chuid an Phlean seo é bonneagar cuí den scála seo a sheachadadh.

## ACMHAINNEACHT THEAGMHASACH:

**Tá gá soiléir agus práinneach ann go fóill le bonneagar teagmhais laistigh den Stát chun riar ar theagmhais nó cur isteach gan choinne ar úsáid na roghanna cóireála deiridh dramhaíola eile (i.e. onnmhairiú agus cóireáil theirmeach).**

## 3.5 ACHOIMRE AR BHONNEAGAR

Chun an t-aistriú fadtéarmach chuig geilleagar ciorclach a chumasú, tá réamh-mheas déanta sa Phlean le sraith riachtanas bonneagair a sheachadadh chun saincheisteanna acmhainneachta níos giorra a réiteach agus chun bonneagar dramhaíola agus acmhainní ag céim níos airde níos fadtéarmaí a spreagadh. Forbraíodh an beartas tacaíochta bonneagair a léirítear in **Imleabhar II** bunaithe ar easnaimh reatha agus réamh-mheasta in acmhainneacht an mhargaidh. Síltear an bonneagar seo a bheith riachtanach le margadh feidhmiúil dramhaíola agus margadh ciorclach atá ag dul i méid a chinntiú.

Le tacú leis an bpróiseas pleanála do bhonneagar dramhaíola, tá gá le critéir thrédhearcacha a fhorbairt le cur síos a dhéanamh ar bhonneagar a shíltear a bheith tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Chun an bhearna seo sa bheartas a dhruid, tá sraith critéar den chineál seo leagtha amach sa Phlean seo a léiríonn go soiléir cineál agus scála an bhonneagair a thagann leis an sainmhíniú atá ar thábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Is féidir rialaitheoirí agus forbróirí araon na critéir seo a úsáid le bonn eolais a chur faoin bpróiseas pleanála agus forbartha.

Is croíbheartas de chuid an Phlean é an bonneagar seo a fhorbairt laistigh den Stát ach gan cur isteach ar chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil. Mar sin, cuireadh soláthar treorach maidir le suíomh

do shaoráidí dramhaíola san áireamh laistigh den Phlean le cabhrú le rialaitheoirí, ar nós an Bhoird Pleanála agus na n-údarás pleanála, agus le forbróirí araon ó thaobh suíomhanna oiriúnacha do bhonneagar den chineál seo a shainaithint. Cinnteoidh an treoir seo go leabaítear cosaint sheasmhach comhshaoil sna próisis pleanála agus roghnaithe suímh do gach bonneagar amach anseo.

## ACHOIMRE AR THORTHAÍ INRÉADAITHE CHUID A

Sainaithnítear **in Imleabhar III, Cuid A, Tionchar Rialála, Bonneagair agus Aeráide**, raon de chroí-thorthaí inréadaithe a theastaíonn chun na beartais agus gníomhartha tosaíochta bonneagair a leagtar amach in **Imleabhar II** den Phlean seo a chumasú. Tá na Croí-Thorthaí Inréadaithe ailínithe leis na príomh-chomhpháirtithe chun beartas dramhaíola a sheachadadh ag leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach maidir le forbairt an Phlean agus ag cur béim ar thábhacht na comhúinéireachta maidir le huaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach.

Léiríonn **Fíor 3.1** cás ina bhfuil gníomhaíocht shonrach (A) ag teastáil ó phríomh-chomhpháirtí nó i gcás ina bhfuil tacaíocht (S) ag teastáil ó phríomh-chomhpháirtí le go mbainfear amach an croí-thoradh inréadaithe. Tá innéacs iomlán de na Croí-Thorthaí Inréadaithe faoin bPlean seo in **Aguisín 11 d'Imleabhar IV** agus déantar na torthaí inréadaithe seo a mhapáil de réir na spriocanna, na mbeartas agus na ngníomhartha atá liostaithe in **Imleabhar II**. I g**Cuid B agus Cuid C** den imleabhar seo leagtar socruithe eagraíochtúla, rannpháirtíochta, monatóireachta agus forfheidhmithe amach le bonn eolais a chur faoi bhaint amach na gcroí-thorthaí inréadaithe a sainaithníodh do thionchar margaidh agus aeráide.

| Beart | Toradh Inréadaithe | Na Príomh-chomhpháirtithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Earnáil Rialtais Áitiúil | | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | | An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | |
| 1 | Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025 | | | Beart | | | |
| 2 | Forfheidhmiú na Praghsála Dreasaithe le haghaidh Dramhail nach Dramhail Teaghlaigh í | Beart | | | Tacaíocht | | |
| 3 | Feachtais Leantacha Coiscthe Dramhaíola | Beart | | | Tacaíocht | | Tacaíocht |
| 4 | Forfheidhmiú na bhFodhlíthe | Beart | | | | | |
| 5 | Cur i bhfeidhm an Tobhaigh Aisghabhála chun Cur leis an Athchúrsáil | Beart | | | Tacaíocht | | |
| 6 | Bailiúchán na hAraide Doinne | | Tacaíocht | | | | |
| 7 | Cinneadh Náisiúnta – Rialachán 27 | | | | | Beart | |
| 8 | Cinneadh Náisiúnta – Rialachán 28 | | | | | Beart | |
| 9 | Treoirlínte Dea-Chleachtais T&S | Beart | | | | | |
| 10 | Rannpháirteachas | Beart | | | | | |
| 11 | Comhlíontacht Ábhar | Beart | | | | | Tacaíocht |
| 12 | Bonneagar Athúsáide | Beart | | | | | |
| 13 | Acmhainneacht Aisghabhála Teirmí | | Tacaíocht | | | | |
| 14 | Acmhainneacht Diúscartha | | Tacaíocht | | | | |
| 15 | Aisghabháil Ithreach | Beart | | | | | |
| 16 | Tacaíocht d'Athúsáid agus Deisiúchán | | Tacaíocht | | | | |
| 17 | Monatóireacht ar Athúsáid agus Deisiúchán | | Tacaíocht | | | Beart | |
| 18 | Ceadúnú Dramhaíola | | Tacaíocht | | | | |
| 19 | Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach (Critéir) | Beart | | | | | |
| 20 | Treoir maidir le Suíomh | Beart | | | | | |
| 21 | Acmhainneacht Theagmhasach | Beart | | | | | |

Fíor 3.1: Achoimre ar Chroí-Thorthaí Inréadaithe do Chuid A



# CUID B:
# EAGRÚCHÁN, RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS ACMHAINNÍ

# 4 EAGRÚCHÁN

Tugtar forbhreathnú in **Imleabhar I Caibidil 7** ar an socruithe eagraíochtúla atá ann faoi láthair sna geilleagair dramhaíola agus chiorclacha in Éirinn. Sainaithnítear grúpaí san LGS a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le dramhaíl acu agus déantar cur síos ar phríomhróil. Sainaithnítear freisin príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara i seachadadh beartas dramhaíola, mar shampla an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus an tionscal, agus déantar cur síos ar a bpríomhróil.

D'éirigh go maith leis na socruithe eagraíochtúla reatha maidir le margadh dramhaíola feidhmiúil rialaithe a sheachadadh agus a chothabháil i rith thréimhse na RWMPanna ó 2015 go dtí an lá inniu. Ach éilíonn an dúshlán nua a bhaineann le brostú an aistrithe i dtreo geilleagar ciorclach freagairt eagraíochtúil iomchuí ó earnáil na n-údarás áitiúil agus óna cuid príomh-chomhpháirtithe.

Éilíonn an t-aistriú chuig plean náisiúnta amháin don bhainistíocht dramhaíola, agus na struchtúir cur chun feidhme réigiúnacha á gcoimeád ag an am céanna, comhtháthú níos mó idir feidhmeanna dramhaíola na hearnála údarás áitiúil d'fhonn comhoibriú éifeachtach le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara a éascú.

Ní mór go gcuirfí san áireamh leis na socruithe eagraíochtúla ról na hearnála údarás áitiúil, ar ról é atá á fhorbairt, laistigh den tírdhreach dramhaíola níos leithne agus an earnáil ag leanúint den aistriú ó bhunús na seirbhísí a sholáthar go díreach go dtí ról a bheadh bunaithe níos mó ar an bpleanáil agus rialáil. I gcás chéad ghlúin na bpleananna bainistíochta dramhaíola, bhí leibhéal úinéireachta agus rialú díreach ag an LGS thar chórais bailithe agus cóireála agus bhí an scóip acu fíorathrú oibríochtúil a dhéanamh trí chur i bhfeidhm plean. Le linn na tréimhse seo, bhí an LGS i gceannas ar rolladh amach córas bailithe leithscartha, soláthar saoráidí aisghabhála agus laghdú ar spleáchas ar láithreán líonadh talún.

Ó bhí na chéad phleananna ann, tá forbairt shuntasach tagtha ar ról na n-údarás áitiúil, ó 'úinéir/oibritheoir' go heintiteas a phleanálann agus a rialaíonn tionscail dramhaíola atá faoi úinéireacht agus feidhmiú príobháideach den chuid is mó. Tá an Plean seo aireach ar chumas an LGS aistriú go geilleagar ciorclach a sheachadadh ina aonair agus aithnítear ann an gá le socruithe comhoibríocha eagraíochtúla a bhfuil gach páirtí leasmhar páirteach iontu.

Sa chaibidil seo léirítear socruithe eagraíochtúla molta a thugann aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le plean náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara.

## 4.1 SOCRUITHE EAGRAÍOCHTÚLA INMHEÁNACHA

Seachadtar feidhmeanna dramhaíola an LGS trí mheascán de sheirbhísí comhroinnte agus go díreach trí ghníomhaíochtaí údarás áitiúil aonair. Áirítear leis na seirbhísí comhroinnte:

- **Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO)**

Faoi choimirce na bPríomhúdarás Pleanála Bainistíochta Dramhaíola a bunaíodh le freastal ar dhualgais pleanála bainistíochta dramhaíola na hearnála. Tá na RWMPOnna freagrach do na Grúpaí Stiúrtha um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach agus don Chumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA). Tá Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola ann le comhleanúnachas a chinntiú sna réigiúin dramhaíola.

- **Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA)**

Bunaíodh iad le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na hearnála a chomhordú agus a fheabhsú. Tá na WERLAnna freagrach do na Grúpaí Stiúrtha Forfheidhmithe Dramhaíola Réigiúnacha agus don CCMA. Tá Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um

Fhorfheidhmiú Dramhaíola ann le comhleanúnachas a chinntiú thar na réigiúin dramhaíola.

- **Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO)**

Bunaíodh an Oifig seo mar sheirbhís chomhroinnte i gComhairle Contae Uíbh Fhailí le córas ceadaithe bailithe dramhaíola a riar, lena n-áirítear sonraí maidir le córais bainistíochta dramhaíola, thar ceann na hearnála agus tá sí freagrach do Bhord Tionscadail de chuid an CCMA.

- **Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO)**

Bunaíodh í le freastal ar dhualgais loingsithe dramhaíola trasteorann an LGS agus tá sí freagrach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

- **Comhordaitheoir Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPC)**

Bunaíodh é chun comhordú a dhéanamh ar shocruithe seirbhísí comhroinnte an LGS mar aon le gníomhaíochtaí dramhaíola na n-údarás áitiúil aonair. Tá sé freagrach don CCMA.

Cuireann údaráis áitiúla aonair seirbhísí dramhaíola ar fáil go díreach trí ghníomhaíochtaí feasachta/oideachais dramhaíola, forfheidhmithe agus trí fheidhmiú na saoráidí dramhaíola, lena n-áirítear ionaid fóntas poiblí agus ionaid fág anseo.

Pléann na seirbhísí comhroinnte leis na húdaráis áitiúla de réir mar is gá agus le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara ag brath ar fheidhm na seirbhíse comhroinnte. Bíonn na seirbhísí comhroinnte i mbun plé leis an CCMA freisin, a phléann go díreach le príomh-chomhpháirtithe lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Is féidir le socruithe eagraíochtúla reatha cur le roinnt rannpháirtíochtaí agus bíonn dúbláil iarrachta ann mar thoradh air sin. Teastaíonn rannpháirtíocht eagraíochtúil le cinntiú gur féidir leis an earnáil dul i ngleic le dúshláin an Phlean seo ar bhealach comhtháite chun dúbláil, neamhleanúnachais agus earráidí a sheachaint.

## 4.2 SOCRUITHE EAGRAÍOCHTÚLA MOLTA

Sna rannáin seo a leanas leagtar amach socruithe molta an LGS a theastaíonn le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh in **Imleabhar I** agus do na beartais agus gníomhartha a leagadh amach in **Imleabhar II**.

### 4.2.1 Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 22**

**Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCG)**

**Bunóidh an LGS Grúpa Comhordaithe Cláir Dramhaíola le comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na hearnála ar dhúshláin atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo.**

Bunófar Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCG) chun feidhmeanna na socruithe seirbhísí comhroinnte atá ann cheana a chomhordú, mar aon le feidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil aonair, ar an gcaoi sin ag feabhsú sheachadadh na seirbhíse agus na dtograí dramhaíola agus ag láidriú áit na hearnála ina rannpháirtíocht le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara.

Oibreoidh an LAWPCG go comhoibríoch ar fheabhsuithe leanúnacha ar Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil, ag baint leas as deiseanna agus ag cur an dea-chleachtas i bhfeidhm.

Déanfaidh Comhordaitheoir Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPC) cathaoirleacht ar an ngrúpa, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), agus beidh sé freagrach don Choiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN).

Áirítear ar chuspóirí an LAWPCG iad seo a leanas:

- Seachadadh an **Phlean** seo a chomhordú;
- **Ceisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach** leo a shainaithint agus gníomhartha cuí a mholadh;
- Páirt a ghlacadh i **bhforbairt beartas náisiúnta** trí aighneachtaí;

- **Tosaíochtaí pleanála agus forfheidhmithe** dramhaíola náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a shainaithint agus tacú le húdaráis áitiúla sa mhéid a bhaineann siad amach;
- **Timpeallacht chuí rialála** a thacaíonn le clár dramhaíola na n-údarás áitiúil a mhaoirsiú agus a choimeád ag imeacht;
- Monatóireacht a dhéanamh ar leithdháileadh acmhainní ar Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil agus **riachtanais acmhainní agus oiliúna a shainaithint;**
- **Dul i mbun comhairle le seirbhísí comhroinnte ábhartha eile** maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide agus ar an méid a chuireann an chiorclaíocht leis an laghdú carbóin go háirithe; agus
- **Cur leis an athbhreithniú ar shocruithe seirbhísí comhroinnte reatha** agus moltaí a dhéanamh le hailíniú barrmhaith a chinntiú le dúshláin reachtúla agus bheartais.

Beidh an LAWPC, Comhordaitheoirí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí, Comhordaitheoirí Forfheidhmithe Dramhaíola Réigiúnacha, an NWCPO, an NTFSO agus ionadaí ó Choiste CATCEN de chuid an CCMA ina mball den LAWPCG. Moltar go dtiocfaidh an grúpa le chéile go ráithiúil.


### 4.2.2 Colúin Eagraíochtúla Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil

Tá feidhmeanna dramhaíola an LGS éagsúil agus déantar iad a sheachadadh go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil. Is féidir na feidhmeanna a rangú go leathan mar seo a leanas:

- **Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** trí chur ar fáil an chreata a theastaíonn le dramhaíl a bhainistiú agus le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar tháirgeadh dramhaíola agus acmhainneacht cóireála agus trí chomhairle a thabhairt ina leith sin;
- **Forfheidhmiú Dramhaíola** ag leibhéal an údaráis áitiúil aonair agus arna chomhordú ag an WERLA;
- **Feasacht agus Oideachas Comhshaoil** leis an gcosaint agus feasacht chomhshaoil a chur chun cinn trí rannpháirtíocht an phobail;
- **Rialáil Dramhaíola** trí chomhlíonadh reachtaíochta dramhaíola agus comhshaoil, go sonrach trí ról an NWCPO i gceadú bailithe dramhaíola agus sa bhainistíocht sonraí, agus ról an NTFSO maidir le loingsiú dramhaíola a rialú; agus ag leibhéal an údaráis áitiúil aonair do cheadú agus clárú saoráidí dramhaíola; agus
- **Oibríochtaí Dramhaíola** lena n-áirítear ionaid fóntas poiblí agus ionaid fág anseo.

Beidh comhordú na bhfeidhmeanna éagsúla seo níos comhtháite mar gheall ar bhunú an LAWPCG. Anuas air sin, bunófar dhá phríomhcholún eagraíochtúla faoi choimirce an LAWPCG le tuilleadh soiléire agus trédhearcachta a chruthú do sheachadadh feidhmeanna.

Bainfidh an chéad cheann den dá cholún le pleanáil, ciorclaíocht agus bonneagar dramhaíola agus tabharfaidh an dara colún gníomhaíochtaí reachtúla agus forfheidhmithe na hearnála le chéile. Léirítear i bh**Fíor 4.1** na colúin eagraíochtúla atá á moladh agus na dualgais a bhaineann leo.




Fíor 4.1: Colúin Eagraíochtúla do sheachadadh fheidhmeanna dramhaíola an LGS

**Colún Eagraíochtúil 1 (CE1) – Pleanáil, Ciorclaíocht agus Bonneagar**

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 23**
**CE1**
**Pleanáil, Ciorclaíocht agus Bonneagar**

**Bunóidh an LGS Colún Eagraíochtúil 1 (CE1) Pleanáil, Ciorclaíocht agus Bonneagar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an aistrithe go geilleagar ciorclach.**

Trí chruthú CE1, Pleanáil, Ciorclaíocht agus Bonneagar, bunaítear ardán leis an gclár ciorclaíochta a bhrostú ag an am céanna agus a chuirtear na beartais agus gníomhartha atá sa Phlean seo i bhfeidhm. Áirítear chomh maith le CE1 feasacht agus oideachas dramhaíola ag leibhéal na n-údarás áitiúil agus cumasaíonn sé leanúnachas an phlé ciorclaíochta ag an leibhéal sin, a fhad is a chumasaíonn bonneagar dramhaíola na n-údarás áitiúil an fhéidearthacht maidir leis an gciorclaíocht a éascú trí bhonneagar dramhaíola na n-údarás áitiúil.

Beidh Comhordaitheoirí Pleanála Dramhaíola Réigiúnacha, Oifigigh Coiscthe Dramhaíola, Oifigigh Theicniúla agus Oifigigh Feasachta Comhshaoil ainmnithe, nó páirtithe eile de réir mar is gá, ina mball de CE1. Moltar go dtiocfaidh an colún le chéile go ráithiúil agus go ndéanfaidh an LAWPC cathaoirleacht air.

**Colún Eagraíochtúil 2 (CE2) – Rialáil agus Forfheidhmiú**

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 24**
**CE2**
**Rialáil agus Forfheidhmiú**

**Bunóidh an LGS Colún Eagraíochtúil 2 (CE2) Rialáil agus Forfheidhmiú le gníomhaíochtaí comhlíonta dramhaíola a neartú agus a ailíniú.**

Tugann cruthú CE2, Rialáil agus Forfheidhmiú, le chéile na príomhghníomhaíochtaí ó thaobh ghné comhlíontachta an LGS de agus cruthaíonn sé deis d'ailíniú feabhsaithe. Tagann CE2 le RMCEI freisin mar cheann de na príomhtháscairí feidhmíochta sa réimse seo.

Beidh Comhordaitheoirí Forfheidhmithe Dramhaíola Réigiúnacha, an NWCPO, an NTFSO agus Oifigigh Forfheidhmithe Comhshaoil ainmnithe ina mball de CE2, de réir mar is gá.

Moltar go dtiocfaidh an colún le chéile go ráithiúil agus go ndéanfaidh an LAWPC cathaoirleacht air.

Trí fheidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil a scaradh ina dhá cholún eagraíochtúla cabhróidh sé sin le comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara (féach **Rannán 4.3**). Mar shampla, cruthóidh comhoibriú maidir le forfheidhmiú dramhaíola le hOifig Forfheidhmithe Comhshaoil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, nó comhoibriú maidir le pleanáil acmhainneachta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi cholúin éagsúla, deis do chomhordú níos struchtúrtha.

Tá comhoibriú suntasach ar bun i réimsí amhail an chumarsáid, acmhainneacht, acmhainní tógála agus forfheidhmiú ach éilíonn scála an dúshláin a leagtar amach sa Phlean seo tuilleadh feabhsuithe ar shocruithe eagraíochtúla.

**SOCRUITHE EAGRAÍOCHTÚLA INMHEÁNACHA EARNÁIL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL:**
**Trí Ghrúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCG) a mbaineann dhá cholún eagraíochtúil faoi leith leis a bhunú, feabhsófar seachadadh na seirbhíse agus na dtograí dramhaíola agus neartófar áit an LGS ina rannpháirtíocht le príomh-chomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara.**

### 4.2.3 Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha

Coimeádfar comhghrúpaí stiúrtha oibríochtúla réigiúnacha agus tascghrúpaí ag imeacht ag leibhéal réigiúnach chun críche rannpháirtíocht leantach a chinntiú le húdaráis áitiúla agus foirne aonair a bhfuil ról tábhachtach acu i seachadadh seirbhísí arb ann dóibh cheana féin agus in éascú an aistrithe go geilleagar ciorclach.

Déanann socruithe eagraíochtúla réigiúnacha nasc tábhachtach le Comhaltaí Tofa agus le Baill de Ghrúpaí Beartas Straitéiseach a chur ar fáil.

## 4.3 SOCRUITHE EAGRAÍOCHTÚLA SEACHTRACHA

Ní beartas dramhaíola amháin a dhéanann an LGS a sheachadadh, mar sin, tá gá le socruithe éifeachtúla eagraíochtúla le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara chun tosaíochtaí, freagrachtaí, pleananna oibre agus tacaíochtaí a aontú.

### 4.3.1 Na Príomh-chomhpháirtithe

Is é an chéad phríomh-chomhpháirtí seachtrach atá ag an LGS, ó thaobh beartas agus maoinithe de, ná an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Leagann an Roinn comhthéacs beartas síos don údarás áitiúil agus don earnáil dramhaíola i gcoitinne tríd an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (WAPCE). Cuireann an Roinn tacaíocht mhaoinithe ar fáil d'fheidhmeanna faoi leith dramhaíola an LGS freisin, agus do na tionscnaimh agus tionscadail a bhíonn mar bhonn leis na feidhmeanna seo.

Bíonn clár dramhaíola na n-údarás áitiúil i mbun idirphlé leis an dara príomh-chomhpháirtí, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ar roinnt leibhéal, ina measc sin cláir coiscthe/ feasachta, ceadúnú, forfheidhmiú, monatóireacht agus bailiú sonraí. Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil monatóireacht ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil ag baint úsáid as córas RMCEI agus tá sí lárnach san aistriú go geilleagar ciorclach agus freagrach as Clár an Gheilleagair Chiorclaigh (CEP).

### 4.3.2 Socruithe Reatha

Rinneadh cur i bhfeidhm na bpleananna bainistíochta dramhaíola reatha a chomhordú tríd an gcoiste náisiúnta comhordaithe don phleanáil dramhaíola agus is é an coiste stiúrtha náisiúnta um fhorfheidhmiú dramhaíola a thug faoi mhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola ag leibhéal réigiúnach.

Tá rannpháirtíocht comhoibríoch ar bun fós idir an LGS, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (trí Ghrúpaí na Tionscal Tógála agus tríd an nGrúpa Stiúrtha um Acmhainneacht Dramhaíola, mar shampla). Mar sin féin, tá gá le hailíniú níos fearr na bpleananna oibre agus na dtosaíochtaí idir na príomh-chomhpháirtithe maidir le seachadadh beartas dramhaíola le tacú leis an aistriú go geilleagar ciorclach a bhrostú.

Trí Phlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola aonair a réiteach mar fhreagra ar an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach, agus ag an am céanna glacadh le Clár an Gheilleagair Chiorclaigh, dearbhaítear na comhpháirteanna eagraíochtúla riachtanacha do sheachadadh éifeachtúil beartas mar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an LGS agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

### 4.3.3 Socruithe Seachtracha Molta

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 25**
**Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach**

**Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, LGS agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an NCGWCE a bhunú i gcomhar lena chéile chun críche pleananna oibre, tosaíochtaí agus tacaíochtaí a aontú agus a ailíniú le leanúnachas gníomhaíochtaí a choimeád agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach a bhrostú.**

Is iad an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, LGS agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na príomh-chomhpháirtithe do sheachadadh an bheartais dramhaíola. Moltar go mbunófar Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (NCGWCE) a mbeidh na príomh-chomhpháirtithe seo mar chuid de le comhordú a dhéanamh ar sheachadadh na mbeart agus na ngníomhartha atá sa WAPCE, sa Phlean seo, agus sa CEP.

Is é príomhchuspóir an ghrúpa seo ná pleananna oibre na bpríomh-chomhpháirtithe a chomhordú agus tosaíochtaí bliantúla agus ilbhliantúla a aontú a léireofar i gcláir oibre bhliantúla gach príomh-chomhpháirtí.

Is príomhbhuntáiste de chuid an tsocraithe seo é cur chuige comhordaithe agus comhtháite a chinntiú maidir le seoladh teachtaireachtaí, acmhainní agus

seachadadh. Síltear go mbuailfidh an NCGWCE go foirmiúil ar bhonn leathbhliantúil (earrach/fómhar) le pleananna oibre agus tosaíochtaí a bhunú agus a aontú.

Beidh sé ina chroí-thosaíocht ag an NCGWCE na hidirghabhálacha breise a theastaíonn a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun an bhearna idir na rátaí athchúrsála tuartha leis na hidirghabhálacha reatha agus rátaí athchúrsála an AE le haghaidh 2025, 2030 agus 2035, a thabhairt isteach.

### 4.3.4 Grúpaí Cumasúcháin

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 26**
**Grúpaí Cumasúcháin**

**Le linn Bhliain 1 den Phlean, déanfaidh an NCGWCE athbhreithniú ar na grúpaí/ socruithe cumasúcháin ar fad agus cuirfidh siad moltaí ar fáil.**

Beidh grúpaí cumasúcháin le bunú le tacú le hobair an NCGWCE, chomh maith le, nó in ionad, grúpaí cumasúcháin/grúpaí oibre reatha.

I ndiaidh bhunú an NCGWCE agus laistigh de bhliain ó fhoilsiú an Phlean seo, tabharfaidh an NCGWCE faoi athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceann de na grúpaí cumasúcháin arb ann dóibh leis an ngá leis na grúpaí seo a leasú, a ionadú nó a neartú de réir thosaíochtaí an NCGWCE a shainaithint.

Moltar go mbeadh na grúpaí cumasúcháin a bhunaíonn an LGS amach anseo ailínithe leis na Réimsí Fócais a shainaithnítear in **Imleabhar II**.

**SOCRUITHE EAGRAÍOCHTÚLA SEACHTRACHA:**

Trí Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (NCGWCE) a mbeidh an LGS, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar chuid de a bhunú, cuirfear soiléire ar fáil maidir le róil, freagrachtaí, tosaíochtaí agus tacaíochtaí agus cinnteofar seachadadh comhtháite na mbeartas, na mbeart agus na ngníomhartha atá sa WAPCE, sa Phlean seo, sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus sa CEP.


## 4.4 ACHOIMRE AR EAGRÚCHÁN

Ní dhéanfaidh an tsamhail seachadta 'gach rud mar is gnách' an t-aistriú go geilleagar ciorclach a bhrostú, mar sin, leagtar amach sa chaibidil seo sraith socruithe eagraíochtúla inmheánacha agus seachtracha a mholtar le dul i ngleic leis na dúshláin a sainaithníodh in **Imleabhar I** agus leis na beartais agus gníomhartha in **Imleabhar II**.

**Treoróidh na socruithe molta an próiseas athbhreithnithe ar sheirbhísí comhroinnte ar bhonn inmheánach laistigh den LGS, rud a shocróidh na struchtúr eagraíochtúla inmhianaithe chun freagairt na hearnála i leith an dúshláin dramhaíola agus ciorclaíochta a chothabháil.**

Tacaíonn an cur chuige seo le Croí-Bheartas CB6 a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil feidhmeanna pleanála, rialála agus forfheidhmithe an LGS ailínithe go cuí agus eagraithe trí oifig an LAWPC chun dul i ngleic le dúshláin atá ann cheana féin agus chun tacú leis an aistriú go geilleagar ciorclach.

Léiríonn **Fíor 4.2** caidreamh idir príomh-chomhpháirtithe agus réimsí oibre a mholtar faoin nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach.




Fíor 4.2: Struchtúr NCGWCE

# 5 RANNPHÁIRTÍOCHT

Leag an tuarascáil ar mheastóireacht an RWMP (**Aguisín 3 d'Imleabhar IV**) béim ar na nithe seachadta ar éirigh leo agus ar na ceisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu sa Phlean seo. Ar cheann de na príomhnithe ar éirigh leo agus a sainaithníodh sa mheastóireacht bhí bunú, bainistiú agus seachadadh an mhór-chomhoibrithe idir príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara, rud a chabhraigh go mór leis an bhfreagairt ar dhúshláin faoi leith, paindéim Covid-19 san áireamh. Tá sé riachtanach go leantar leis na rannpháirtíochtaí seo agus go bhforbraítear tuilleadh iad i rith shaolré an Phlean le hathrú fiúntach a chumasú tuilleadh agus le cabhrú leis an aistriú go geilleagar ciorclach.

Leag an tuarascáil meastóireachta béim freisin ar dhul chun cinn teoranta maidir le trí phríomhsprioc straitéiseacha RWMP a bhaint amach lena gcumhdaítear cosc, athchúrsáil agus líonadh talún. Luadh sa mheastóireacht, cé gur faoin LGS atá sé an struchtúr agus an creat a chur ar fáil do sheachadadh na spriocanna sa phlean, nach rialaíonn an earnáil na tiomántóirí ar fad a theastaíonn leis na spriocanna seo a bhaint amach agus dá réir sin go bhfuil gá le comhoibriú agus rannpháirtíocht réamhghníomhach. Ní hí an earnáil amháin atá freagrach as baint amach spriocanna agus léiríodh sa mheastóireacht an gá le samhail úinéireachta comhroinnte don Phlean seo agus do na spriocanna a bhaineann leis.

Ghlac na RWMPOnna leis an tsamhail úinéireachta comhroinnte i bhforbairt an Phlean agus bhí sraith dianchomhairliúcháin théamacha le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara i gceist mar chuid de sin le bonn eolais a chur faoi ábhar an Phlean. Chabhraigh an cur chuige seo leis na beartais agus na gníomhartha atá in **Imleabhar II** a chur le chéile agus chumasaigh sé sainaitheantas na gcroí-thorthaí inréadaithe atá ann le tacú le baint amach uaillmhian an Phlean seo.

Sa chaibidil seo tugtar moltaí maidir le tacú le rannpháirtíocht rathúil leanúnach le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara, ag tógáil ar an rannpháirtíocht a chuir bonn eolais faoi fhorbairt an Phlean seo.

## 5.1 RANNPHÁIRTÍOCHT NA BPÁIRTITHE LEASMHARA I BHFORBAIRT AN PHLEAN

Tosaíodh forbairt an Phlean seo le cur chuige soiléir comhoibríoch agus struchtúrtha maidir le tosaíochtaí dramhaíola agus ciorclaíochta a leagan síos le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara. Bhí an rannpháirtíocht seo riachtanach chun braistint úinéireachta comhroinnte a fhorbairt in uaillmhian, spriocanna, beartais, gníomhartha agus croí-thorthaí inréadaithe an Phlean.

Cuireadh tús le rannpháirtíocht leis an bPlean go déanach in 2021 le sraith ceardlanna comhúinéireachta a thionóil na RWMPOnna le tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara a fháil maidir le tosaíochtaí, rioscaí agus deiseanna atá roimh an earnáil dramhaíola níos leithne agus atá ábhartha don Phlean. Cuireadh na rannpháirtíochtaí seo ar bun ar bhonn téamach le dhá cheardlann ar gach ceann de na téamaí seo a leanas:

- **Tomhaltas**
  (treochtaí i bpatrúin tomhaltais agus táirgeadh dramhaíola);
- **Gabháil**
  (béim ar chórais agus rátaí bailithe dramhaíola); agus
- **Comhlíontacht**
  (rialáil agus forfheidhmiú).

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 27**
**Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**

**Tá an LGS tiomanta do rannpháirtíocht leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara de réir na sainréimsí a shainaithnítear sa Phlean.**

Cuireadh bunlínte do gach téama i láthair sa chéad cheardlann chun ceisteanna a shainaithint. Sa dara ceardlann fuarthas aiseolas ar an gcaoi a bhféadfadh na beartais agus gníomhartha sa Phlean athrú a chur i bhfeidhm sna réimsí seo. Rinneadh aiseolas na bpáirtithe leasmhara a thaifeadadh agus a úsáid le bonn eolais a chur faoi fhorbairt na spriocanna, polasaithe agus gníomhartha a leagtar amach in **Imleabhar II**.

Chomh maith le ceardlanna téamacha, cuireadh sraith rannpháirtíochtaí dírithe ar bun le páirtithe leasmhara faoi leith maidir le príomhréimsí béime. I measc na rannpháirtíochtaí seo bhí cruinnithe le scéimeanna comhlíontachta, cleachtóirí athúsáide agus grúpaí tionscail a d'fhág gurbh fhéidir plé níos mionsonraithe a dhéanamh ar thopaicí príomhréimse béime faoi leith le bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean.

Rinne na RWMPOnna sraith cruinnithe rannpháirtíochta dírí a thionól le linn fhorbairt an Phlean, agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar phríomh-chomhpháirtithe. Clúdaíodh réimse topaicí mar chuid de na rannpháirtíochtaí seo, lena n-áirítear:

- Riachtanais an WAPCE agus beartas ciorclaíochta níos leithne;
- Rialáil atá ag forbairt agus spriocanna na chéad ghlúine eile;
- Sonraí agus treochtaí dramhaíola;
- Uaillmhian agus spriocanna an Phlean; agus
- Rannpháirtíocht amach anseo faoin bPlean.

Rinneadh aiseolas ó cheardlanna, cruinnithe agus rannpháirtíochtaí eile leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a chur san áireamh agus a chomhtháthú in ullmhú an Phlean seo.

Tugadh faoi rannpháirtíocht inmheánach mhionsonraithe agus chuimsitheach laistigh den LGS freisin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean. Áiríodh leis seo ceardlanna mionsonraithe agus plé le grúpaí lena n-áirítear an CCMA, WERLAnna, Oifigigh Feasachta Comhshaoil, NWCPO, NTFSO, Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha agus eile.

Bhunaigh an CCMA Grúpa Maoirseachta Náisiúnta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chruthú an Phlean. Is éard a bhí i gceist leis an ngrúpa maoirseachta ná ionadaithe ó réimse grád laistigh den earnáil agus rinne siad gach gné den Phlean a mheas i gcomhar leis na RWMPOnna. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa maoirseachta moladh a dhéanamh maidir leis an bPlean a fhoilsiú faoi réir na gcritéar a aontaíodh agus sa deireadh moladh a dhéanamh maidir le déanamh an Phlean.

Tá an Plean seo faoi réir phróisis reachtúla na Measúnachta Straitéisí Comhshaoil (SEA) agus na Measúnachta Cuí (AA) agus déanfar an Plean agus na measúnachtaí comhshaoil a bhaineann leis a fhoilsiú le tuairimí an phobail i gcoitinne a fháil.

## RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA:

**Le linn réiteach an Phlean seo, tugadh faoi shraith rannpháirtíochtaí mionsonraithe le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon le tuairimí a fháil uathu chun bonn eolais a chur faoi ábhar an Phlean seo. Cuireadh gach tuairim a fuarthas agus gach aighneacht a rinneadh le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí san áireamh agus an Plean deireanach seo á réiteach.**

## 5.2 LEANÚNACHAS RANNPHÁIRTÍOCHT NA bPÁIRTITHE LEASMHARA

Beidh leanúnachas na rannpháirtíochta comhoibríche le linn chur i bhfeidhm an Phlean seo lárnach do bhaint amach uaillmhian, spriocanna, beartais agus gníomhartha an Phlean seo agus tacóidh sé le hobair agus le tosaíochtaí na bpríomhpháirtithe leasmhara.

Tabharfar faoi chineálacha éagsúla rannpháirtíochta, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus beidh sé éagsúil do ghrúpaí ar nós na bpríomh-chomhpháirtithe, príomhpháirtithe leasmhara, páirtithe leasmhara a bhfuil feidhm faoi leith acu i réimse amháin nó níos mó, agus spriocluchta dramhaíola níos leithne.

Sa rannán seo leagtar amach na socruithe rannpháirtíochta molta le linn thréimhse an Phlean.

### 5.2.1 Na Príomh-chomhpháirtithe

I g**Caibidil 4** den imleabhar seo sainaithnítear an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar phríomh-chomhpháirtithe an LGS do sheachadadh an Phlean seo. Cuirfidh an LGS seasamh comhaontaithe i láthair faoi Ghrúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCG) molta agus pléifidh an grúpa seo go díreach agus go foirmiúil agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (NCGWCE) molta.

Tá trí phríomh-chomhpháirtí sa NCGWCE seo a bhfuil freagracht chomhcheangailte agus fhorluiteach acu maidir le beartas a leagan amach, iompraíochtaí a athrú, rialáil/forfheidhmiú, tuairisciú sonraí agus maoirseacht an mhargaidh.

Beidh comhaontú agus comhoibriú idir na trí phríomh-chomhpháirtí riachtanach do sheachadadh na n-idirghabhálacha riachtanacha maidir le dramhaíl a chosc, do chur chun cinn na ciorclaíochta agus do rath an Phlean seo agus pleananna náisiúnta eile.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 28**
**Fóram Náisiúnta**

**Comhoibreoidh an LGS, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun fóram náisiúnta bliantúil maidir le dramhaíl agus an geilleagar ciorclach a éascú chun an rannpháirtíocht chomhoibritheach a choimeád.**

Síltear go dtiocfaidh an grúpa comhordaithe náisiúnta seo le chéile go foirmiúil ar bhonn leathbhliantúil (earrach agus fómhar) chun tosaíochtaí a bhunú agus pleananna oibre a aontú. Taobh amuigh den rannpháirtíocht fhoirmiúil seo, beidh rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil ag dul ar aghaidh leis an LAWPCG molta agus leis an dá cholún eagraíochtúla a léirítear i g**Caibidil 4**.

Éilíonn Croí-Bheartas CB4 an Phlean seo comhoibriú le príomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le croí-bheartais agus beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a sheachadadh.

Éilíonn an beartas seo freisin comhoibriú le cinntiú go gcuirtear na hacmhainní cuí airgeadais agus daonna ar fáil le bonn a chur faoi ról agus freagairt an LGS maidir leis na dúshláin a sainaithníodh in **Imleabhar I** agus do na beartais agus gníomhartha a leagadh amach in **Imleabhar II**.

### 5.2.2 Príomhpháirtithe Leasmhara Eile

Chomh maith leis na príomh-chomhpháirtithe, tá réimse príomhpháirtithe leasmhara ann a mbeidh ról acu i dtaca le huaillmhian agus spriocanna an Phlean seo a bhaint amach agus tá rannpháirtíocht leanúnach leis na grúpaí seo riachtanach. Is féidir na grúpaí príomhpháirtithe leasmhara a rangú mar seo a leanas:

- **Tionscal** – Is grúpa forleathan an tionscal dramhaíola a chuimsíonn bailiú, próiseáil/cóireáil, athchúrsáil, athshlánú, diúscairt agus onnmhairiú ábhar dramhaíola. Léiríonn roinnt eagraíochtaí an tionscal, lena n-áirítear **Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann (IWMA), Cónaidhm Plandaí Eorpacha Dramhaíl go Fuinneamh, Institiúid Chairte na Bainistíochta Dramhaíola, Cré, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus Déantóirí Suiminte Éireann.**
- **Scéimeanna Comhlíontachta** – Oibríonn **Scéimeanna Comhlíontachta** thar ceann táirgeoirí chun earraí agus ábhair a thógáil ar ais ag an gcéim iarthomhaltóra le hathchúrsáil agus le haisghabháil. Tá sé scéim comhlíontachta in Éirinn faoi láthair do dhramhaíl pacáistithe, boinn dramhaíola, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), cadhnraí, feithiclí ré caite agus plaisteach feirme, agus tugadh an seachtú scéim isteach le gairid faoin SUP do tháirgí scagaire tobac. Tá féidearthachtaí ann faoi Threoir an WAPCE agus SUP do scéimeanna comhlíontachta breise a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le linn an Phlean seo.
- **Eagraíochtaí Neamhrialtasacha** – Tríd an bPlean seo tacófar leis an líonra **athúsáide, deisithe agus athchúrsála** a bhfuil borradh faoi laistigh den Stát agus cuirfear chun cinn é. I measc na n-eagraíochtaí atá sa spás seo faoi láthair tá **Líonra Acmhainní Pobail Éireann (CRNI), Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann (ICSA), an Rediscovery Centre and VOICE.**

Is féidir le rannpháirtíocht leis na grúpaí seo a bheith neamhfhoirmiúil agus anois is arís, frithghníomhach seachas réamhghníomhach. Maidir le tionscal, tá rannpháirtíocht fhoirmiúil ar bun fós tríd an gcóras rialála ina mbíonn oifigeach rialála nó forfheidhmithe an údaráis áitiúil ina phríomhphointe teagmhála ag na hoibritheoirí. Tá comhoibriú leis na grúpaí seo riachtanach do bhaint amach spriocanna an Phlean agus an AE agus le go n-éireodh le seachadadh na mbeartas agus na ngníomhartha a leagtar amach in **Imleabhar II**.

Go hiondúil, leagann na páirtithe leasmhara seo béim an-láidir ar ghné faoi leith den mhargadh, is cuma cé acu sruth dramhaíola agus/nó bonneagar bailithe nó cóireála atá i gceist. Dá bharr sin, moltar go gceapfar struchtúr foirmiúil rannpháirtíochta bunaithe ar na 16 réimse béime a sainaithníodh in **Imleabhar II** agus a ndéantar cur síos orthu i g**Caibidil 4** den imleabhar seo.

Áit ar bith ar léir go bhfuil cuid den ábhar céanna i gceist i roinnt réimsí béime (mar shampla, Teaghlach Bardasach agus Tráchtáil Bhardasach), is féidir iad seo a thabhairt le chéile le dúbláil a laghdú agus le clár gníomhaíochta níos leithne a éascú.

Ar dtús, seachadfar na Grúpaí Cumasúcháin Réimse Fócais mar seo a leanas:

- Na páirtithe leasmhara cuí a shainaithint do gach grúpa;
- Cuspóir an ghrúpa a leagan síos le sprioc, beartas nó gníomh ábhartha an Phlean a sheachadadh go comhoibríoch;
- Minicíocht chomhaontaithe rannpháirtíochta dírí foirmiúla idir na comhpháirtithe a shainaithint agus glactar leis go dtarlóidh sé seo ar bhonn leathbhliantúil ar a laghad trí sheimineáir nó imeachtaí grúpa eile; agus
- Na conairí cumarsáide do rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil lasmuigh den mhéid thuas a aontú.

Roinnfear aiseolas ó rannpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara thuas le Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCG) agus leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (NCGWCE) agus úsáidfear é chun bonn eolais a chur le pleananna oibre bliantúla.

Tabharfar faoi rannpháirtíocht freisin le Grúpaí an AE, Cumann na gCathracha agus na Réigiún ar son na Bainistíochta Acmhainní Inbhuanaithe ACR+ san áireamh.

**RANNPHÁIRTÍOCHT LEANÚNACH:**
**Chun cur chuige leanúnach úinéireachta comhoibríche agus comhroinnte i leith chur i bhfeidhm an Phlean seo a éascú, tá moladh déanta ag an LGS maidir le socruithe rannpháirtíochta le príomh-chomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara leis an móiminteam a cruthaíodh agus an Plean á ullmhú a choimeád ag imeacht.**

## 5.3 RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

Tugann réimse páirtithe leasmhara faoi rannpháirtíocht phoiblí maidir le ceisteanna dramhaíola agus moltar go ndéanfaidh bunú molta an NCGWCE agus LAWPCG faoi mar a leagtar amach i g**Caibidil 4** é teachtaireachtaí a chomhtháthú níos fearr go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.

Tá mywaste.ie bunaithe ag na RWMPOnna mar ardán aonair don phobal ar a bhfuil an t-eolas ar fad a bhaineann le dramhaíl agus tá spás forbartha ar an ardán do ghnólachtaí freisin.

Is iad na hOifigigh Feasachta Comhshaoil ionadaithe poiblí na feasachta comhshaoil agus dramhaíola ag leibhéal na n-údarás áitiúil. Tá an ról seo leathan agus is féidir leis ceisteanna éagsúla comhshaoil a chlúdach, mar shampla an aeráid, fuinneamh, bithéagsúlacht, uisce, dramhaíl agus cosc bruscair, mar sin, tá an tiomantas do dhramhaíl agus don gheilleagar ciorclach teoranta.

Chomh maith leis sin, sainaithníodh sa mheastóireacht ar an RWMP neamhleanúnachais ó thaobh chumas na n-údarás áitiúil Oifigigh Feasachta Comhshaoil chuí lánaimseartha a aimsiú agus a choimeád chun an fheidhm seo a sheachadadh.

Moladh sa tuarascáil meastóireachta go leanfaí le agus go bhfeabhsófaí soláthar Oifigeach Feasachta Comhshaoil i ngach údarás áitiúil le cinntiú go leantar leis an bpríomhtheachtaireacht chun críche an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ó thaobh an chomhshaoil de a chosaint.

Sainaithnítear i g**Caibidil 6** an gá le hacmhainní breise ag leibhéal an údaráis áitiúil le cabhrú leis an aistriú go geilleagar ciorclach a bhrostú trí rannpháirtíocht dhíreach leis an bpobal agus le gnólachtaí.

**RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ:**
**Chun dul chun cinn sa bhainistíocht agus iompraíocht dramhaíola a choimeád, de réir uaillmhian an Phlean, is gá acmhainní a chur ar fáil agus a choimeád i ngach ceantar údaráis áitiúil.**

## 5.4 ACHOIMRE AR RANNPHÁIRTÍOCHT


Éascóidh na socruithe molta eagraíochtúla a leagtar amach i g**Caibidil 4** rannpháirtíocht chomhsheasmhach leantach le príomh-chomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara chun comhoibriú leanúnach ar na spriocanna, beartais agus gníomhartha sa Phlean seo a chinntiú.

Cinnteoidh bunú an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach go mbeidh ardán comhaontaithe ar thosaíochtaí agus ar chláir i rith shaolré an Phlean ag na príomh-chomhpháirtithe i bpleanáil agus i rialáil an mhargaidh (Earnáil Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil).

Cumasóidh na Grúpaí Cumasúcháin Réimse Fócais an LGS le socruithe comhoibríocha le príomhpháirtithe leasmhara a dhéanamh de rannpháirtíochtaí reatha chun cur amach teachtaireachtaí agus dul chun cinn na réimsí béime a liostaítear sa Phlean seo a bhainistiú.

Leanfar le rannpháirtíocht phoiblí, le gnólachtaí agus leis an bpobal níos leithne le cinntiú nach gcailltear dul chun cinn agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach ar bun.

Léiríonn **Fíor 5.1** na feabhsuithe molta i dtaca le rannpháirtíocht i gcomhthéacs na moltaí eagraíochtúla a leagtar amach i g**Caibidil 4**.




Fíor 5.1: Feabhsuithe Molta i dtaca le Rannpháirtíocht

# 6 ACMHAINNÍ

## 6.1 FORBHREATHNÚ

Tá leagtha amach in **Imleabhar 1 Caibidil 8** forbhreathnú ar na hacmhainní airgeadais, daonna agus margaidh atá i bhfeidhm i láthair na huaire ar fud earnáil na dramhaíola lena n-áirítear leibhéil reatha ioncaim agus caiteachais an rialtais láir agus rialtais áitiúil agus an acmhainn dhaonna a éilíonn an LGS chun seirbhísí agus dualgais reatha a choimeád.

Léiríonn an treocht ghinearálta go bhfuil laghdú san ioncam don Chiste Comhshaoil agus ag an am céanna go bhfuil athrú iompraíochta (laghdú in úsáid málaí plaisteacha) agus athruithe margaidh (laghdú ar úsáid láithreán líonadh talún) anois leabaithe. Cé go léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann le huirlisí airgeadais ar nós tobhach ó thaobh tionchar a imirt ar iompar agus athrú a chumasú, méadaíonn ioncaim atá ag dul i laghad an gá atá ann don rialtas láir pleanáil, feasacht agus forfheidhmiú dramhaíola a mhaoiniú.

Léirítear freisin in **Imleabhar I Caibidil 8** bunlíne reatha na n-acmhainní airgeadais agus daonna a theastaíonn ón LGS leis an RWMP a sheachadadh agus le leanúnachas an ghnó a choimeád. Léirítear na sonraí a bailíodh mar mhaitrís acmhainní náisiúnta thar gach ceann de phríomhfheidhmeanna na hearnála agus leagtar béim ar ionchuir reatha. Tá airgead á shaothrú as an ionchur acmhainne le léiriú a thabhairt ar thiomantas an rialtais láir agus áitiúil maidir leis an RWMP a sheachadadh agus 'gach rud mar is gnách' a choimeád.

Is é uaillmhian an Phlean seo ná an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a bhrostú agus glactar leis nach mbainfidh 'gach rud mar is gnách' an uaillmhian seo amach. Mar sin féin, is gá leibhéil reatha an mhaoinithe earnála a choimeád ar mhaithe le comhleanúnachas agus is gá dul i ngleic leis na heasnaimh aitheanta bhuiséid san earnáil.

Leagtar amach sa chaibidil seo freisin na hacmhainní breise a theastaíonn chun an t-aistriú go geilleagar ciorclach a bhrostú agus beidh siad seo de dhíth i réimsí ar nós:

- **Cumarsáid** (Feachtasaíocht, Feasacht agus Cur Chun Cinn);
- **Rannpháirtíocht** (Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil);
- **Rialáil** (NWCPO); agus
- **Infheistíocht** (Bonneagar Ciorclach).

Bunaítear acmhainní breise a theastaíonn ar an ngá acmhainne a mheastar chun an uaillmhian, na spriocanna, beartais agus gníomhartha a liostaítear in **Imleabhar II** a bhaint amach agus léiríonn siad an costas airgeadais agus daonna a bhaineann le haistriú an LGS go geilleagar ciorclach.

Tacaíonn an Chaibidil seo le Croí-Bheartas CB13 a bhfuil sé mar aidhm aige na costais a bhaineann le huaillmhian an Phlean a shainaithint agus maoiniú agus tacaíocht a mhealladh do thograí agus tionscadail a chuireann taca faoi na croí-bheartais, na beartais spriocdhírithe agus na gníomhartha tosaíochta.

## 6.2 LEANÚNACHAS GNÓ

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 29**
**Leanúnachas Gnó**

**Tá an LGS tiomanta do leanúnachas gnó ar fud na bhfeidhmeanna dramhaíola go léir faoi réir leanúint de thacaíochtaí seanbhunaithe ón Rialtas.**

Beidh sé riachtanach na leibhéil chaiteachais reatha ar fheidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil a choinneáil chun na struchtúir agus na hoibríochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair a choinneáil agus chun an comhshaol a chosaint.

Tugtar achoimre in **Imleabhar I Caibidil 8** ar chaiteachas fheidhmeanna dramhaíola an LGS in 2021 agus sonraítear ann gurbh ionann an caiteachas iomlán agus €281 milliún in 2021.

Meastar go mbeidh an costas atá le feidhm dramhaíola reatha na n-údarás áitiúil a choinneáil agus €280 milliún gach bliain i rith thréimhse an Phlean go dtí 2030 (lena n-áirítear glanadh sráideanna agus bainistíocht bruscair).

Léiríonn na sonraí freisin gurbh ionann ioncam iomlán ar fud feidhmeanna dramhaíola agus €64 milliún agus easnamh earnála €217 milliún mar thoradh air in 2021. Tá an t-easnamh seo ag teacht le treochtaí le déanaí ó 2018 go 2022 áit ar taifeadadh easnamh €206-225 milliún ag ardú thart ar 1/2% in aghaidh na bliana gach bliain.

I measc na n-oibríochtaí a thabhaíonn na heasnaimh is mó tá glanadh sráideanna (€118 milliún), bainistíocht bruscair (€28 milliún), iarchúram líonta talún (€25 milliún), aisghabháil/athchúrsáil (€24 milliún) agus forfheidhmiú (€14 mhilliún).

Ní féidir leanúint de bheith ag oibriú le heasnamh buiséid den scála seo agus gealltar leis an bPlean seo go scrúdóidh an LGS bearta agus straitéisí féideartha chun na heasnaimh i ngach ceann de na feidhmeanna a sainaithníodh a mhaolú. Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh airgeadais atá ann cheana, tá gá le freagairt straitéiseach agus i gcás ina sainaithnítear idirghabhálacha a thacaíonn le spriocanna a bhaint amach, ciorclaíocht a fheabhsú agus a bheith ag tacú le gníomhú ar son na haeráide, beidh gá le tacaíocht bhreise ón rialtas.

Léirítear scála na tacaíochta atá ann cheana in **Imleabhar I Caibidil 8** agus teastaíonn an maoiniú seo chun leanúnachas gnó agus cosaint leanúnach an chomhshaoil a choinneáil.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 30
### Glanadh Sráideanna/Bainistíocht Bruscair

**Déanfaidh an LGS athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí glantacháin sráideanna agus bainistíochta bruscair chun bearta maolaithe costais agus ranníocaíochtaí féideartha le ciorclaíocht agus rátaí athchúrsála a aithint.**

Is ionann caiteachas ar ghlanadh sráideanna (€121 milliún) agus bainistíocht bruscair (€32 milliún) agus 54% comhcheangailte de chaiteachas dramhaíola uile na n-údarás áitiúil atá ualaithe go mór d'údaráis mhóra uirbeacha.

Agus íosioncam reatha (€6 mhilliún ar an iomlán) bainteach leis na feidhmeanna seo, tá an LGS tiomanta do bhearta maolaithe costais a bhunú agus a thabhairt i gcrích chun cabhrú leis na heasnaimh oibríochtúla reatha a laghdú. Beidh an toradh inréadaithe seo faoi stiúir RWMPO an Oirthir-Láir Tíre agus tacóidh na grúpaí réigiúnacha eile leis.

Áirítear ar na costais iarchúraim líonta talún láisteáit, gás líonta talún, draenáil agus monatóireacht a bhainistiú agus in 2021 chuir údaráis áitiúla buiséad €35 milliún ar fáil don fheidhm seo. Bíodh go ngintear roinnt ioncam (€10 milliún in 2021) tá easnamh suntasach fós ann a bhaineann leis an bhfeidhm seo.

D'aithin an LGS idirghabhálacha féideartha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun costais a laghdú agus beidh RWMPO an Deiscirt i gceannas ar na hidirghabhálacha sin. D'fhéadfadh straitéis náisiúnta iarchúraim líonta talún a bheith forbartha le fócas ar leith inti ar chostais bainistithe láisteacha agus gáis cur le coigilteas costas a thabhairt i gcrích.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 31
### Iarchúram Líonta Talún

**Tabharfaidh an LGS faoi athbhreithniú straitéiseach ar ghníomhaíochtaí iarchúraim líonta talún chun bearta maolaithe costais agus ranníocaíochtaí féideartha le feabhsú comhshaoil agus le gníomhú ar son na haeráide a aithint.**

Rinneadh buiséadú do na hIonaid Fóntas Poiblí agus na hionaid fág anseo ag €39 milliún ag an Earnáil Rialtais Áitiúil in 2021. Gintear roinnt ioncaim trí na córais bailiúcháin seo (€15 mhilliún in 2021) ach tá deis ann na hioncaim seo a mhéadú agus na heasnaimh oibriúcháin a laghdú.

Tá cur i bhfeidhm mholtaí an Athbhreithnithe ar an Ionad Fóntas Poiblí á mheas ag an CCMA. Meastar go mbeidh laghdú easnaimh ina phríomhcheist don ghrúpa seo trí chórais níos comhtháite, soláthar feabhsaithe agus caighdeánú ar mhuirir.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 32
**Tuarascáil CAS**

**Cuirfidh Grúpa Oibre CAS de chuid CCMA na moltaí ó Athbhreithniú CAS chun cinn, lena n-áirítear an bhunlíne agus an infheistíocht bhreise a theastaíonn don líonra a shainaithint.**

Sannadh buiséad €38 milliún d'fheidhm forfheidhmithe dramhaíola na n-údarás áitiúil in 2021. Cé go laghdaíonn tacaíocht rialtais ar luach €24 milliún an t-easnamh oibriúcháin, tá scóip ann le haghaidh éifeachtúlacht níos fearr chun an t-easnamh seo a laghdú tuilleadh a ndéanfaidh Oifig Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí Chonnacht-Uladh athbhreithniú air.

Beidh gá le hacmhainní forfheidhmithe breise le haghaidh gníomhartha forfheidhmithe méadaithe faoin bPlean leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú (féach **Rannán 6.3.3**) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an tsamhail maoinithe reatha.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 33
**Maoiniú Forfheidhmithe**

**Déanfaidh an Earnáil Rialtais Áitiúil athbhreithniú ar shamhail maoinithe forfheidhmithe na n-údarás áitiúil chun na heasnaimh atá ann cheana a mhaolú agus chun riachtanais forfheidhmithe bhreise a aithint.**

Tá gá le hathbhreithniú breise ar shamhail maoinithe forfheidhmithe dramhaíola na n-údarás áitiúil agus ar iomlán an mhaoinithe atá ar fáil chun acmhainní a aithint a theastaíonn chun athruithe a theastaíonn maidir le húsáid agus athúsáid ábhartha a chur chun cinn.

Chomh maith leis na buiséid a cuireadh i láthair le haghaidh 2021 tá tiomantas ann fós maidir le hacmhainneacht theagmhasach chuí do chóireáil dramhaíola a sheachadadh chun leanúnachas gnó a choinneáil ar chostas caipitil réamh-mheasta de thart ar €10-12 milliún agus costas oibriúcháin bliantúil de €2 mhilliún eile.

**LEANÚNACHAS GNÓ:**
**Tá coinneáil na n-ionchur acmhainne atá ann cheana riachtanach chun feidhm dramhaíola 'gach rud mar is gnách' a choinneáil agus táthar ag tuar gurb ionann na hionchuir seo agus thart ar €280 milliún in aghaidh na bliana. Éileoidh sé seo infheistíocht leanúnach ón rialtas láir agus áitiúil leis an LGS ag lorg idirghabhálacha leanúnacha chun easnaimh oibriúcháin a laghdú.**

## 6.3 ACMHAINNÍ BREISE

I measc na n-acmhainní breise chun an Plean seo a sheachadadh is acmhainní airgeadais agus daonna go príomha iad, ach tá formhuiniú nó tacaíocht le tionscnaimh nó poist tábhachtach freisin de réir mar a tharlaíonn an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Titeann na hacmhainní breise a theastaíonn leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a bhrostú faoi cheithre chatagóir, a bheag nó a mhór: Cumarsáid, Rannpháirtíocht, Rialáil agus Infheistíocht.

### 6.3.1 Cumarsáid

Beidh gá le hathrú suntasach in iompar gach saoránaigh san aistriú i dtreo geilleagar ciorclach leis an bhfócas a athrú ó dhearcadh agus ó chleachtais reatha go cur chuige níos dírithe maidir le dramhaíl a chosc, athúsáid, deisiú agus ciorclaíocht. Léirítear é seo i gCroí-Bheartas CB5 ina ndearbhaítear:
*Tuiscint níos fearr a chruthú, trí phobalbhreitheanna, suirbhéanna agus taighde agus ansin tionchar a imirt agus feabhsuithe iompraíochta eolasacha a spreagadh i ngnó agus i dteaghlaigh trí líonraí Údaráis Áitiúla agus seachtracha agus feachtais feasachta ilghníomhaireachta chomhordaithe, lena n-áirítear mywaste.ie, chun dramhaíl a chosc agus acmhainní a bhainistiú chun luach agus acmhainneacht chiorclach na n-ábhar a mhéadú.*

Le CB5 a thabhairt i gcrích, beidh infheistíocht bhreise de dhíth le haghaidh teachtaireachtaí agus feachtais chomhordaithe feasachta ilghníomhaireachta. Déanfar an infheistíocht sin in acmhainní daonna agus i dteicneolaíocht chun an leibhéal riachtanach de theachtaireachtaí comhsheasmhacha agus comhordaithe a fhorbairt agus a sheachadadh le tacaíocht náisiúnta ó ghníomhaireachtaí eile.

Cuirfidh an infheistíocht le socruithe feasachta atá ann cheana le cumarsáid níos dírithe atá deartha chun iompar a fheabhsú go náisiúnta agus chun cosc, athúsáid, deisiú agus ciorclaíocht a chur chun cinn.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 34
**Straitéis Cumarsáide**

**Forbróidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, LGS agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, tríd an NCGWCE, Straitéis Chumarsáide Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach ilbhliantúil atá le cur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht lena chéile.**

Tá sraith beartas agus gníomhartha ag gach ceann de na réimsí fócais srutha ábhair a léirítear in **Imleabhar II** maidir le feachtais agus tionscadail feasachta ar leith a fhorbairt agus a sheachadadh chun feabhas a chur ar iompraíochtaí maidir le cosc, athúsáid agus deisiú. Baineann beartais/ gníomhartha le feachtais LGS araon agus tacaíonn siad le feachtais na bpríomh-chomhpháirtithe ar nós na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 35
**Straitéis Cumarsáide - Cur i bhfeidhm**

**Meastar go mbeidh €1M bhreise ag teastáil gach bliain ón rialtas chun an Straitéis Cumarsáide don Gheilleagar Ciorclach a chur i bhfeidhm.**

Forbróidh na hOifigí Réigiúnacha um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola **Straitéis Cumarsáide Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach** ina gcuimseofar riachtanais an WAPCE, an Phlean seo agus an CEP atá le comhaontú ag an NCGWCE.

## CUMARSÁID:
Meastar go gcosnóidh cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide don Gheilleagar Ciorclach €1 mhilliún ar a laghad in aghaidh na bliana i maoiniú breise.

### 6.3.2 Rannpháirtíocht
Beidh gá le rannpháirtíocht mhéadaithe go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú. Beidh gá le rannpháirtíocht spriocdhírithe le príomhpháirtithe leasmhara chun tionscnaimh agus idirghabhálacha a chumasú a mhéadaíonn ciorclaíocht. Aithnítear 16 réimse fócais in **Imleabhar II** inar féidir ciorclaíocht a chur chun cinn agus a leabú i rith shaolré an Phlean seo agus leagtar béim i g**Caibidil 4** den imleabhar seo ar an bhféidearthacht grúpaí a chumasú i ngach ceann de na réimsí fócais seo.

Ag tógáil ar an Straitéis Cumarsáide don Gheilleagar Ciorclach a bhfuil cur síos uirthi i gCroí-Thoradh Inréadaithe 34, is féidir rannpháirtíocht bhreise a éascú ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil tríd an Earnáil Rialtais Áitiúil.

**Rannpháirtíocht Réigiúnach**

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 36
**Acmhainn Ciorclaíochta Réigiúnach**

Éascóidh an Earnáil Rialtais Áitiúil soláthar acmhainne/acmhainní ciorclaíochta **réigiúnaí** chun comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise cumarsáide agus chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht chiorclaíochta ar fud na hearnála agus le príomhpháirtithe leasmhara faoi réir tacaíocht ón rialtas.

Tá leithdháileadh 11.3 acmhainn lánaimseartha ag na hOifigí Réigiúnacha Pleanála don Bhainistiú Dramhaíola (RWMPO) chun an RWMP a sheachadadh agus chun feidhmeanna pleanála dramhaíola LGS a chomhordú.

Cuireann an Plean seo ceanglais bhreise shuntasacha ar na RWMPOnna chun feidhm phleanála dramhaíola LGS a choinneáil agus chun an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú. Ag eascairt as bearta WAPCE a chur chun feidhme, áirítear na ceanglais bhreise seo a leanas:

- Sonraí bunlíne a cheapadh chun tacú le monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar spriocanna náisiúnta athúsáide agus deisithe;
- Monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar shraith spriocanna breise Plean maidir le tomhaltas agus éilliú;
- Rannpháirteachas i nGrúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil, Colún 1 Pleanáil agus Ciorclaíocht (féach **Caibidil 4**); agus
- Rannpháirteachas sa Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (féach **Caibidil 4**).

Chun an rannpháirtíocht riachtanach a thabhairt i gcrích ar an leibhéal réigiúnach leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú, beidh gá le hacmhainní breise. Tá sé léirithe ag na RWMPOnna go bhfuil ar a gcumas tionscnaimh náisiúnta chomhordaithe ar nós mywaste.ie a chur ar fáil.

Tairgeann acmhainní tiomnaithe a chuirtear ar fáil ar an leibhéal réigiúnach comhcheangailte an acmhainneacht do chomhordú náisiúnta ar chiorclaíocht agus nasc idir NCGWCE (CE1 – Pleanáil agus Ciorclaíocht) agus údaráis áitiúla aonair.

## RANNPHÁIRTÍOCHT RÉIGIÚNACH:
Meastar go gcosnóidh soláthar acmhainní ciorclaíochta tiomnaithe ar leibhéal réigiúnach €0.5 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana i maoiniú breise.

**Rannpháirtíocht Áitiúil**

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 37
**ACMHAINNÍ CIORCLAÍOCHTA ÁITIÚLA**

Éascóidh an Earnáil Rialtais Áitiúil soláthar acmhainne/acmhainní ciorclaíochta **áitiúla** chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht ciorclaíochta ar fud na hearnála agus le príomhpháirtithe leasmhara faoi réir tacaíocht ón rialtas.

Léiríonn **Imleabhar I Caibidil 8** maidir le hAcmhainní Airgeadais Daonna agus Margaidh reatha go n-úsáideann an Earnáil Rialtais Áitiúil 41 acmhainn lánaimseartha faoi láthair maidir le feasacht agus oideachas comhshaoil.

Leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú, tá gá le rannpháirtíocht fheabhsaithe ar fud an LGS leis an bpobal, le gnólachtaí agus le fiontair bheaga go meánmhéide.

Cuireann an Earnáil Rialtais Áitiúil bealach ar fáil do phobail agus d'fhiontar trí shocruithe bunaithe ar nós na nOifigí Fiontair Áitiúla. Ina theannta sin, déanann feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe na hEarnála Rialtais Áitiúil soláthar faoi láthair do theagmháil dhíreach le tionscal na dramhaíola a d'fhéadfaí a fheabhsú chun earnáil níos ciorclaí a chur chun cinn.

Chun athrú fiúntach iompraíocht a bhaint amach, tá gá le hinfheistíocht shuntasach in acmhainní ciorclaíochta tiomnaithe breise i ngach údarás áitiúil.

**RANNPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL:**
**Meastar go gcosnóidh soláthar Acmhainne Ciorclaíochta tiomnaithe i ngach Údarás Áitiúil €2 mhilliún ar a laghad in aghaidh na bliana i maoiniú breise.**

### 6.3.3 Rialáil

Tá feidhm forfheidhmithe dramhaíola LGS á comhordú ag an bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (10 n-acmhainn réigiúnacha in 2022) agus á seachadadh go háitiúil (225 acmhainn in 2022 ar fud na n-údarás áitiúil go léir). Tá beartais nó gníomhartha a éilíonn gníomhaíochtaí forfheidhmithe méadaithe i gcuid mhaith de na réimsí fócais srutha ábhair in **Imleabhar II**.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 38**
**Rialáil**

**Beidh gá le hinfheistíocht bhreise san Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola ón rialtas chun costas dreasaithe a ghearradh a thabhairt i gcrích le haghaidh gníomhartha nach gníomhartha teaghlaigh iad.**

Leagann an Plean seo fócas athnuaite ar chur i bhfeidhm na bhfodhlíthe stórála agus cur i láthair dramhaíola chun an sprioc éillithe atá leagtha síos do na haraidí athchúrsála agus orgánacha a bhaint amach.

Ina theannta sin, ceadaítear leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 úsáid a bhaint as CCTV agus/nó as gléas móibíleach taifeadta chun cabhrú le forfheidhmiú dramhaíola. Is riachtanas acmhainní breise é costais chaipitil agus chothabhála na bhfeistí sin chun cur leis na hacmhainní forfheidhmithe atá ann cheana.

Leanann an Rialtas Láir ag tacú leis na hOifigí Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola agus tá gealltanas tugtha acu do na socruithe feabhsaithe WERLA atá beartaithe. Ina theannta sin, tacaíonn an rialtas láir le gníomhartha forfheidhmithe údaráis áitiúil aonair tríd an tsamhail maoinithe forfheidhmithe.

Tá leithdháileadh acmhainní daonna 17.1 acmhainn lánaimseartha ag an Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) in 2022. Tá róil rialála nua curtha in iúl ag an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach don NWCPO chomh maith le beartais nua a thabhairt isteach a mbeidh tionchar acu ar oibríochtaí reatha (amhail socruithe maidir le costas dreasaithe a ghearradh a thabhairt isteach d'oibreoirí tráchtála a fhaigheann tacaíocht ón bPlean seo). Éileoidh na feidhmeanna méadaithe seo gníomhaíocht bhreise ón NWCPO agus acmhainní feabhsaithe a bheith curtha ar fáil don tseirbhís chomhroinnte seo de chuid an údaráis áitiúil.

**RIALÁIL:**
**Meastar go mbeidh gá le tuilleadh infheistíochta rialála chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus go mbeidh gá le hinfheistíocht ar leith i seirbhís chomhroinnte NWCPO de €0.6 milliún breise gach bliain ar a laghad. Beidh aon infheistíocht faoi réir nósanna imeachta rialachais an Ghrúpa Maoirseachta Seirbhísí Poiblí.**

### 6.3.4 Infheistíocht (Poiblí)

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 39**
**Infheistíocht Phoiblí**

**Tá an Earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta d'athúsáid agus ciorclaíocht a éascú trí líonra CAS, ach beidh gá le tacaíocht shuntasach ón rialtas chun an toradh sin a bhaint amach.**

Léiríonn na spriocanna maidir le hathúsáid agus deisiú a tugadh isteach sa Phlean seo gealltanas suntasach ón Earnáil Rialtais Áitiúil le ciorclach iomchuí a sheachadadh. Is é an phríomhsprioc athúsáid a éascú ag Ionaid Fóntas Poiblí ainmnithe.

Éileoidh an sprioc seo infheistíocht chaipitil shuntasach le feidhm nua a thabhairt don líon suíomhanna forordaithe chun moil athúsáide ag na saoráidí seo a éascú. Beidh leibhéil shuntasacha d'acmhainní caipitil agus oibríochtúla araon ag teastáil leis an bhfeidhm nua seo a thabhairt lena chur i bhfeidhm.

Luadh san 'Athbhreithniú Náisiúnta ar Ionaid Fóntas Poiblí' in 2020[17] gurb ionann an ghnáth-infheistíocht chaipitil d'údarás áitiúil ag CAS agus €2.7 milliún, ach beidh costas níos lú i gceist leis an mbonneagar ciorclach riachtanach a chur i bhfeidhm (meastar go mbeidh thart ar €0.5 milliún in aghaidh an ionaid mar mheán).

Go hoibríochtúil, bheadh an riachtanas bliantúil maidir le hacmhainní teoranta d'oifigí, do stóráil, do threalamh, do chothabháil, do shlándáil agus do phearsanra agus d'fhéadfaí é a chúiteamh trí chóras gearrtha costas athbhreithnithe agus comhsheasmhach mar a mholtar san 'Athbhreithniú Náisiúnta ar Ionaid Fóntas Poiblí'.

Táthar ag súil go mbeidh coigilteas costais don earnáil mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Ionaid Fóntas Poiblí trí éifeachtúlachtaí méadaithe.

**INFHEISTÍOCHT (POIBLÍ):**
**Meastar gurb é €15 mhilliún nó €2.5 milliún in aghaidh na bliana i rith shaolré an Phlean an costas a bhainfidh le líon forordaithe d'ionaid fóntas poiblí a athchóiriú le haghaidh athúsáide/ ciorclaíochta.**

### 6.3.5 Infheistíocht (Príobháideach)

Chomh maith le riachtanas acmhainní bonneagair na hearnála poiblí, tá sraith beartas spriocdhírithe sa Phlean seo a thacaíonn le hinfheistíocht na hearnála príobháidí i mbonneagar ciorclach. Tá na beartais seo ar fud raon réimsí fócais agus léirítear liosta neamh-uileghabhálach mar seo a leanas:

- BS4.3: Feabhsuithe féideartha ar chórais bailithe agus leithscartha atá ann cheana a aithint agus roghanna le haghaidh sruthanna dramhaíola breise, lena n-áirítear ábhar ó ghlanadh sráideanna agus bainistíocht bruscair.
- BS4.4: Líonra bonneagair bailithe dramhaíola poiblí comhtháite, neartaithe agus comhordaithe a fhorbairt a fhreagraíonn go hinbhuanaithe do riachtanais tomhaltóirí, do dhúshláin rialála agus bheartais, agus don gheilleagar ciorclach le tacaíocht ón rialtas láir.
- BS12.1: Forbairt na dtionscnamh deisiúcháin agus ullmhúcháin le haghaidh athúsáide a chur chun cinn le tacaíocht theicniúil, rialála agus airgeadais a sholáthar ag obair i gcomhpháirtíocht leis an earnáil dheonach agus le páirtithe eile tríd an gComhpháirtíocht Náisiúnta Athúsáide agus Deisiúcháin.
- BS12.3: Tacú le forbairt bonneagair agus tionscnamh inmharthana athúsáide/deisiúcháin, lena n-áirítear aisghabháil ábhar nó bonneagar réamhchóireála ardfhorbartha eile a mhéadaíonn acmhainneacht chiorclach na n-ábhar.
- BS12.4: Forbairt gníomhaíochtaí ciorclacha a spreagadh lena spreagtar agus lena dtacaítear le margaí d'ábhair thánaisteacha inmharthana agus le margaí táirgí tánaisteacha in earnálacha na tógála, na tionsclaíochta agus an bhithgheilleagair.
- BS13.1: Tacú le forbairt na hacmhainne réamhchóireála (le haghaidh athchúrsála), athphróiseála agus athchúrsála i gcás ina bhfuil

[17] Nasc: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2021/02/National-Review-of-Civic-Amenity-Sites.pdf

sé indéanta go teicniúil, go heacnamaíoch agus ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le prionsabal na gaireachta.

- BS13.2: Tacú le bonneagar bainistíochta plaisteach a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil bunábhar glan, iontaofa ar fáil do ghléasraí próiseála agus athchúrsála.
- BS13.3: Tacú le forbairt acmhainne athchúrsála agus ionaid asdíola do bhoinn dramhaíola i gcomhréir le prionsabal na gaireachta chun an spleáchas ar onnmhairiú an tsrutha dramhaíola seo a laghdú.
- BS13.4: Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun acmhainneacht chiorclach saoráidí díleá agus múirínithe anaeróbach a uasmhéadú chun aschuir ardchaighdeáin a sholáthar a bhfuil ardchumas ciorclach acu.
- BS13.5: Tacú le soláthar agus cothabháil acmhainne cóireála bitheolaíochta atá scálaithe go hiomchuí laistigh den Stát.

Beidh infheistíocht ón earnáil phríobháideach i mbonneagar bailithe agus cóireála riachtanach chun margadh ciorclach feidhmiúil a chruthú agus a chothabháil. Cuideoidh tacaíocht ón earnáil phoiblí trí bheartais agus gníomhartha trédhearcacha cumasaithe le hinfheistíocht inbhuanaithe agus inmharthana san earnáil phríobháideach a thabhairt i gcrích.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 40**
**Infheistíocht Phríobháideach**

**Chuir an Earnáil Rialtais Áitiúil an creat ar fáil d'infheistíocht i mbonneagar ag an earnáil phríobháideach sa Phlean.**

**ACMHAINNÍ BREISE:**
Ní mór cur leis na hacmhainní atá ann cheana féin leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach a bhrostú. Aithnítear sa Phlean seo gurb ionann an infheistíocht bhreise iomlán agus €6.6 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana chun na feidhmeanna ciorclacha breise seo a mhaoiniú i gcumarsáid, rannpháirtíocht, rialáil agus infheistíocht.


## 6.4 SAMHAIL MAOINITHE

Léirítear samhail maoinithe 'gach rud mar is gnách' in **Imleabhar I Caibidil 8** chun feidhmeanna dramhaíola atá ann cheana a sheachadadh agus léiríonn sé gealltanais bhunlíne ón rialtas láir agus ón rialtas áitiúil chun leanúnachas gnó a chinntiú. Táthar ag tuar gurb ionann ranníocaíochtaí leanúnachais gnó agus thart ar €280 milliún in aghaidh na bliana agus go mbeidh gá le hinfheistíocht leanúnach ón rialtas láir agus ón rialtas áitiúil chun seachadadh leanúnach na bhfeidhmeanna atá ann cheana a chinntiú.

Cuirtear samhail nuashonraithe i láthair i d**Tábla 6.1** ina leagtar béim ar na hacmhainní breise atá ag teastáil leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú, a ndéantar achoimre air i bh**Fíor 6.1**. Go hachomair, is iad seo a leanas na híosacmhainní breise a sainaithníodh:

- **Cumarsáid** — **€1 mhilliún go bliantúil**
- **Rannpháirtíocht**
  - **Réigiúnach** — **€0.5 milliún go bliantúil**
  - **Áitiúil** — **€2 mhilliún go bliantúil**
- **Rialáil** — **€0.6 milliún go bliantúil**
- **Infheistíocht** — **€15 mhilliún i rith shaolré an Phlean (€2.5 milliún in aghaidh na bliana ar an meán)**

**AN T-AISTRIÚ I DTREO GEILLEAGAR CIORCLACH A MHAOINIÚ:**
Infheistíocht €6.6 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana nó €39.6 milliún i rith shaolré an Phlean.




Fíor 6.1: Samhail Maoinithe d'Acmhainní Bliantúla Breise

## SAMHAIL MAOINITHE:

Chun na hacmhainní breise a mhaoiniú leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach a bhrostú, beidh gá le hinfheistíocht ón rialtas láir agus áitiúil chomh maith leis an earnáil phríobháideach.

Tábla 6.1: Acmhainní Breise leis an Aistriú i dtreo Geilleagar Ciorclach a thabhairt i gcrích (€milliún)

| Foinse | Náisiúnta | | Réigiúnach | | Áitiúil | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Rialtas Láir | Dramhaíl a Chosc | €2.67 | Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) | €2.37 | Tionscnaimh Forfheidhmithe | €11.83 |
| | Feasacht Chomhshaoil | €1.86 | Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO) | €0.75 | Dúnadh agus Iarchúram Líonta Talún | €2.80 |
| | Tionscnaimh Frithbhruscair | €1.18 | | | | |
| | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €0.45 | | | | |
| | **Iomlán** | **€6.16** | **Iomlán** | **€3.12** | **Iomlán** | **€14.63** |
| **Riachtanais Bhreise an Phlean seo** | **Feasacht Náisiúnta ar an gCiorclaíocht** | **€1.0** | **Acmhainní Pleanála Ciorclaíochta** | **€0.5** | **Oifigigh an Gheilleagair Chiorclaigh** | **€2.0** |
| Rialtas Áitiúil | Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO) | €0.76 | | | Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún | €35.46 |
| | Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) | €0.87 | | | Oibríochtaí Aisghabhála agus Athchúrsála | €38.65 |
| | | | | | Oibríochtaí Dramhaíl go Fuinneamh | €3.49 |
| | | | | | Soláthar Bailithe Dramhaíola | €6.27 |
| | | | | | Forfheidhmiú Dramhaíola | €37.79 |
| | | | | | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €7.08 |
| | **Total** | **€1.63** | **Total** | **€0** | **Iomlán** | **€128.74** |
| **Riachtanais Bhreise an Phlean seo** | **Rialáil Chiorclach Bhreise** | **€0.6** | | | **Bonneagar Ciorclach Breise** | **€2.5 milliún go bliantúil** |

## ACHOIMRE AR THORTHAÍ INRÉADAITHE CHUID B

Sainaithnítear in **Imleabhar III Cuid B, Rannpháirtíocht agus Acmhainní**, raon de chroí-thorthaí inréadaithe a theastaíonn chun beartais agus gníomhartha tosaíochta a chumasú a leagtar amach in **Imleabhar II**.

Tá na Croí-Thorthaí Inréadaithe ailínithe leis na príomh-chomhpháirtithe chun beartas dramhaíola a sheachadadh ag leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach maidir le forbairt an Phlean agus ag cur béim ar thábhacht na comhúinéireachta maidir le huaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach.

Tá innéacs iomlán de na Croí-Thorthaí Inréadaithe faoin bPlean seo in **Aguisín 11 d'Imleabhar IV** agus déantar na torthaí inréadaithe seo a mhapáil de réir na spriocanna, na mbeartas agus na ngníomhartha atá liostaithe in **Imleabhar II**.

Léiríonn **Fíor 6.2** cás ina bhfuil gníomhaíocht shonrach (A) ag teastáil ó phríomh-chomhpháirtí nó i gcás ina bhfuil tacaíocht (S) ag teastáil ó phríomh-chomhpháirtí le go mbainfear amach na croí-thorthaí inréadaithe d'eagraíocht, rannpháirtíocht agus acmhainní.

| Uimhir | Toradh Inréadaithe | Earnáil Rialtais Áitiúil | | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | | An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Beart | Tacaíocht | Beart | Tacaíocht | Beart | Tacaíocht |
| 22 | Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil | Beart | | | | | |
| 23 | CE1 Pleanáil, Ciorclaíocht agus Bonneagar | Beart | | | | | |
| 24 | CE2 Rialáil agus Forfheidhmiú | Beart | | | | | |
| 25 | Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach | Beart | | Beart | | Beart | |
| 26 | Grúpaí Cumasúcháin | Beart | | Beart | | Beart | |
| 27 | Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara | Beart | | | | | |
| 28 | Fóram Náisiúnta | Beart | | Beart | | Beart | |
| 29 | Leanúnachas Gnó | Beart | | | | | |
| 30 | Glanadh Sráideanna/ Bainistíocht Bruscair | Beart | | | | | |
| 31 | Iarchúram Líonta Talún | Beart | | | | | |
| 32 | Tuarascáil CAS | Beart | | | | | |
| 33 | Maoiniú Forfheidhmithe | Beart | | | | | |
| 34 | Straitéis Cumarsáide | Beart | | Beart | | Beart | |
| 35 | Cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide | Beart | | Beart | | Beart | |
| 36 | Acmhainn Ciorclaíochta Réigiúnach | Beart | | | Tacaíocht | | |
| 37 | Acmhainní Ciorclaíochta Áitiúla | Beart | | | Tacaíocht | | |
| 38 | Rialáil | | | Beart | | | |
| 39 | Infheistíocht Phoiblí | Beart | | | | | |
| 40 | Infheistíocht Phríobháideach | | Tacaíocht | | | | |

Fíor 6.2: Achoimre ar Chroí-Thorthaí Inréadaithe do Chuid B



# CUID C:
# **CUR I BHFEIDHM, MONATÓIREACHT AGUS MAOIRSEACHT**

# 7 STRAITÉIS FORFHEIDHMITHE

## 7.1 FORBHREATHNÚ

Léiríodh sa mheastóireacht ar RWMP (**Aguisín 3 d'Imleabhar IV**) gur oibrigh an múnla cur chun feidhme maidir le gníomhartha tosaíochta a shocrú do thréimhse fhoriomlán an phlean go rathúil agus gur chuir sí go leor gníomhaíochtaí beartais chun cinn. Fuarthas sa mheastóireacht freisin nach raibh an tsolúbthacht ag baint leis an gcur chuige sin maidir le cur chun feidhme chun oiriúnú do shaincheisteanna nach raibh súil leo nó do shaincheisteanna ag teacht chun cinn agus, agus dá réir sin, níor gabhadh tionchar na saincheisteanna sin go hiomlán sa phróiseas meastóireachta toisc go raibh sé teoranta don mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí tosaíochta forordaithe.

Glacann an Plean seo múnla cur chun feidhme níos dinimiciúla a éascaíonn cur i bhfeidhm gníomhartha tosaíochta a shainaithnítear agus ag an am céanna a chumasaíonn freagraí ar shaincheisteanna nach bhfuil súil leo nó ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn trí phleananna oibre bliantúla.

Bainfear cur i bhfeidhm an Phlean seo amach trí shraith pleananna oibre bliantúla a chomhaontófar leis an Earnáil Rialtais Áitiúil leis an mbéim ar ghníomhartha tosaíochta a shainaithnítear i ngach réimse fócais mar atá leagtha amach in **Imleabhar II** agus na Croí-Thorthaí Inréadaithe a leagtar amach san Imleabhar seo. Comhaontófar gníomhartha breise nó oiriúnaithe a thagann chun cinn ar bhonn bliantúil lena gcur san áireamh sna pleananna oibre bliantúla ag an earnáil.

Beidh an cur chuige comhtháite seo i leith chur i bhfeidhm na mbeartas agus na ngníomhartha tosaíochta i ngach ceann de na réimsí fócais a sainaithníodh mar bhonn agus mar thaca ag baint amach na huaillmhéine agus na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean seo.

Tá 13 Chroí-Bheartas, 16 Réimse Fócais agus 73 Réimse Beartais Spriocdhírithe, atá socraithe, in Imleabhar II. Tá 85 Gníomh Tosaíochta ann a d'fhéadfaí a oiriúnú nó a fhorbairt chun freastal ar na dúshláin in earnáil na dramhaíola agus an gheilleagair chiorclaigh.

Déanfar measúnú leanúnach ar Ghníomhartha Tosaíochta atá le tabhairt i gcrích i rith shaolré an Phlean seo chun ordú tosaíochta a bhunú maidir le gnóthachtáil agus seachadadh

## 7.2 PLEAN OIBRE ILBHLIANTÚIL STRAITÉISEACH

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 41**
**Pleanáil Oibre Ilbhliantúil Straitéiseach**

**Cuirfidh an Earnáil Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil plean oibre straitéiseach ilbhliantúil le chéile tríd an NCGWCE molta chun ailíniú cuspóirí, tosaíochtaí agus tacaíochtaí a chinntiú.**

Tugtar aghaidh i g**Caibidil 4** den imleabhar seo ar eagrúchán agus ina leagtar amach croí-thorthaí eagraíochtúla inréadaithe. Molann Croí-thoradh Inréadaithe 25 go mbunófaí Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (NCGWCE) ina bhfuil na trí phríomh-chomhpháirtí chun beartas dramhaíola a sheachadadh, an Earnáil Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Beidh pleanáil straitéiseach cur chun feidhme ar siúl ag an leibhéal seo lena chinntiú go ndéanfar cuspóirí, tosaíochtaí agus tacaíochtaí na bpríomh-chomhpháirtithe a ailíniú go bliantúil agus go hilbhliantúil.

Cuirfidh forbairt Plean Oibre Ilbhliantúil Straitéisigh chomhoibrithigh ar chumas gach ceann de na trí phríomh-chomhpháirtí tosaíochtaí eagraíochtúla a chur chun cinn faoi dhoiciméid bheartais ar leith. Áirítear orthu sin an WAPCE, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an CES agus an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia don Roinn

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an CEP agus an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Plean seo, lena n-áirítear spriocanna nua, don Earnáil Rialtais Áitiúil. Éascaíonn an cur chuige seo freisin scrúdú comhoibritheach ar shineirgí idir na beartais sin trínar féidir le cur i bhfeidhm an phlean oibre roinnt torthaí tairbheacha a bhaint amach.

## 7.3 AN EARNÁIL RIALTAIS ÁITIÚIL – PLEAN OIBRE BLIANTÚIL

### CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 42

**Plean Oibre Bliantúil na hEarnála Rialtas Áitiúil**

**Déanfaidh an LAWPCG machnamh ar an bplean oibre ilbhliantúil straitéiseach arna chur le chéile ag an NCGWCE agus cuirfidh sé plean oibre bliantúil ar fáil don earnáil.**

Déanfaidh Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCG) machnamh ar an bplean oibre ilbhliantúil straitéiseach arna chomhaontú ag an NCGWCE agus cuirfear plean oibre bliantúil le chéile don Earnáil Rialtais Áitiúil. Cruthófar pleananna oibre dírithe ar cholún go sonrach ag an gColún Pleanála/Geilleagair Chiorclaigh (CE1) agus an Colún Rialála agus Forfheidhmithe (CE2).

Cuirfear Croí-Bheartais agus Beartais Spriocdhírithe agus Gníomhartha Tosaíochta san áireamh i bhforbairt pleananna oibre colúin agus tá siad leagtha amach in **Imleabhar II**.

Cuirfidh an Colún Pleanála agus Ciorclaíochta Bearta Tosaíochta Leibhéal a hAon chun cinn agus cuirfidh an Colún Rialála agus Forfheidhmithe Bearta Tosaíochta Leibhéal a Cúig chun cinn. Féadfar gníomhartha tosaíochta Leibhéal a Dó go Leibhéal a Ceathair a roinnt ar fud na gcolún.

## 7.4 PLEANANNA OIBRE COLÚIN EAGRÚCHÁIN

### CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 43

**Plean Oibre Bliantúil - Colún 1**

**Cuirfidh Colún Pleanála agus Ciorclaíochta na hEarnála Rialtas Áitiúil plean oibre bliantúil le chéile le béim ar an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.**

Agus an Plean Oibre Ilbhliantúil Straitéiseach agus Plean Oibre Bliantúil Earnáil na nÚdarás Áitiúil á gcur san áireamh, cuirfidh an Colún Pleanála agus Ciorclaíochta plean oibre bliantúil le chéile freisin.

Cuirfear Croí-Bheartais agus Beartais Spriocdhírithe agus Gníomhartha tosaíochta mar a leagtar amach in **Imleabhar II** san áireamh sa phlean oibre seo le béim ar leith ar an aistriú chuig geilleagar ciorclach, atá comhsheasmhach le huaillmhian fhoriomlán an Phlean seo, a bhrostú. Mar a luadh, beidh an plean oibre seo dírithe ar Ghníomhartha Tosaíochta Leibhéal a hAon a bhaineann go príomha le feasacht agus rannpháirtíocht chun athrú iompraíochta a chur chun cinn i dteannta le dramhaíl agus pleanáil chiorclach. Straitéiseach agus Plean Oibre Bliantúil Earnáil na nÚdarás Áitiúil á gcur san áireamh, cuirfidh an Colún Rialála agus Forfheidhmithe plean oibre bliantúil le chéile freisin.

### CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 44

**Plean Oibre Bliantúil - Colún 2**

**Cuirfidh Colún Rialála agus Forfheidhmithe na hEarnála Rialtas Áitiúil plean oibre bliantúil le chéile le béim ar idirghabhálacha a thacaíonn leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.**

Cuirfear Croí-Bheartais agus Beartais Spriocdhírithe agus Gníomhartha tosaíochta mar a leagtar amach in **Imleabhar II Freagraí Beartais agus Gníomhartha** san áireamh sa phlean seo le béim ar leith ar leith ar idirghabhálacha a thacaíonn leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, atá comhsheasmhach le huaillmhian fhoriomlán an Phlean seo, a bhrostú.

Coinneoidh an Plean seo fócas ar Ghníomhartha Tosaíochta Leibhéal a Cúig a bhaineann go príomha le forfheidhmiú.

Is féidir go mbeadh gá le grúpaí cumasúcháin a bhunú laistigh de réimsí fócais aonair nó thar roinnt réimsí fócais chun pleananna oibre a chur i bhfeidhm. Comhaontóidh an LAWPCG bunú grúpaí cumasúcháin. Déanfaidh na pleananna oibre atá leagtha amach thuas an tréimhse a theastaíonn chun na pleananna a sheachadadh a mheas agus a thomhas mar aon leis na hacmhainní daonna agus airgeadais a theastaíonn.

## PLEANANNA OIBRE DINIMICIÚLA:

**Le hearnáil dramhaíola atá ag teacht chun cinn agus geilleagar ciorclach atá ag fás, teastaíonn cur chuige solúbtha agus dinimiciúil chun an Plean seo a chur i bhfeidhm a sheachadfar trí shraith pleananna oibre bliantúla comhordaithe chun comhsheasmhacht agus treoir a choinneáil do na páirtithe leasmhara go léir maidir le huaillmhian an Phlean seo a bhaint amach.**

## 7.5 MEASTÓIREACHT AR AN BPLEAN OIBRE

### CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 45

**Tionchar pleananna oibre ar chiorclaíocht agus ar ghníomhú ar son na haeráide a mheas**

**Déanfaidh an Earnáil Rialtais Áitiúil meastóireacht ar thionchar pleananna oibre LGS ar chiorclaíocht agus ar ghníomhú ar son na haeráide go bliantúil.**

Déanfar meastóireacht bhliantúil ar thionchar na bpleananna oibre ar chiorclaíocht agus ar ghníomhú ar son na haeráide. Déanfar an mheastóireacht go neamhspleách.

Beidh an mheastóireacht ar na pleananna oibre mar bhonn eolais ag forbairt pleananna oibre ina dhiaidh sin agus cuideoidh na socruithe faireacháin a leagtar amach i g**Caibidil 8** den imleabhar seo seo freisin le tosaíochtaí nua nó tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint.

Déanfaidh an grúpa maoirseachta a bhfuil tuairisc air i g**Caibidil 9** den imleabhar seo an mheastóireacht a cheadú.

Cuirfear achoimre i scríbhinn ar ghníomhaíocht na bliana roimhe sin agus ar dheais ghníomhartha tosaíochta agus thorthaí na bliana roimhe sin san áireamh sa chlár bliantúil don bhliain ina dhiaidh sin a léireoidh an teacht chun cinn agus an réasúnaíocht atá mar bhonn agus mar thaca ag an gclár oibre.

Foilseofar na chéad phleananna oibre bliantúla faoin bPlean seo tar éis an Plean seo a dhéanamh. Comhaontófar gach clár oibre nó plean oibre ina dhiaidh sin i Ráithe 1 den bhliain ábhartha

## MEASTÓIREACHT DHINIMICIÚIL:

**Cuideoidh meastóireacht bhliantúil neamhspleách ar sheachadadh pleananna oibre le bacainní rialála nó margaidh, rioscaí agus deiseanna a shainaithint a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar sheachadadh agus a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais ag pleananna oibre amach anseo.**

## 7.6 ACHOIMRE AR CHUR I BHFEIDHM

Chun beartais, gníomhartha agus torthaí inréadaithe an Phlean seo a chur i bhfeidhm, tá gá le leibhéal oiriúnach solúbthachta chun freagairt do thosaíochtaí atá ag athrú, do mhargaí agus d'imeachtaí nach raibh súil leo. Cuirfear an cur chuige dinimiciúil seo i bhfeidhm trí thimthriall bliantúil pleanála oibre agus meastóireachta chun gur féidir idirghabháil luath a dhéanamh chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a réiteach le spriocanna agus uaillmhian an Phlean a bhaint amach. Teastaíonn an tsolúbthacht agus an leibhéal rialaithe atá ar fáil do na grúpaí comhordúcháin chun dul chun cinn a choinneáil ar uaillmhian an Phlean seo.

Lena chinntiú go gcoinníonn pleanáil oibre fócas ar na príomhthosaíochtaí, ceapfar na pleananna oibre de réir cur chuige cisealaithe agus úsáidfear plean straitéiseach an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach mar bhonn eolais le haghaidh thosaíochtaí agus ghníomhartha phleananna oibre Ghrúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil. Ansin, treoróidh an plean oibre seo forbairt na bpleananna bliantúla oibre don dá cholún forfheidhmithe. Cinnteoidh an cur chuige cisealaithe seo go mbeidh an forfheidhmiú bliantúil comhsheasmhach agus é comhordaithe le comhpháirtithe straitéiseacha agus páirtithe leasmhara eile.

# 8 MONATÓIREACHT

## 8.1 FORBHREATHNÚ

Chun a chinntiú go bhfanann beartais, gníomhartha agus croí-thorthaí inréadaithe an Phlean seo ar an mbóthar ceart, tá córas dinimiciúil monatóireachta ag teastáil. Ba é an RWMP roimhe seo na chéad phleananna dramhaíola chun táscairí intomhaiste a shocrú a ndearnadh measúnú bliantúil orthu agus leanfar den chur chuige seo sa Phlean seo. Leagtar amach sa rannán seo na socruithe monatóireachta don Phlean.

Tá sé de chúram ar roinnt príomhpháirtithe leasmhara monatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl éagsúil agus ar pharaiméadair chiorclacha a bhaineann leis an bPlean seo agus tugtar cuntas orthu sin sna rannáin seo a leanas. Féachann Croí-bheartas CB11 le comhoibriú níos mó maidir le faireachán a dhéanamh leis an ngealltanas 'Cabhrú leis na páirtithe leasmhara go léir a chinntiú go bhfuil sonraí agus réamh-mheastacháin thráthúla ar ardchaighdeán ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus chun faireachán ar dhul chun cinn i gcoinne beartas agus spriocanna a chumasú.' Tá sé i gceist socruithe monatóireachta reatha faoin bPlean seo a chothabháil agus a fheabhsú agus cur leo de réir mar is gá le haghaidh tacair sonraí monatóireachta nua ar nós athúsáide agus deisiú mar atá leagtha amach i **Rannán 8.4**.

## 8.2 TÁIRGEADH NÁISIÚNTA DRAMHAÍOLA

Ceanglaítear le halt 52 d'Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú, ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 'faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chomhshaoil, lena n-áirítear bunachair shonraí i dtaobh faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol a bhunú agus a chothabháil agus socruithe a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin a scaipeadh agus maidir le rochtain a bheith ag an bpobal uirthi'.

Dá réir sin, tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freagrach as tacair sonraí náisiúnta a thiomsú agus a thuairisciú, lena n-áirítear dramhaíl. Meastar gurb iad na sonraí bailíochtaithe a léirítear ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta[18] agus a nuashonraítear go tréimhsiúil, de réir mar atá siad ar fáil, príomhfhoinse an staidrimh náisiúnta dramhaíola a úsáideann na páirtithe leasmhara go léir.

Úsáidtear faisnéis monatóireacht arna comhthiomsú ag an nGníomhaireacht chun tuairisciú don Choimisiún a threorú agus bailítear í trí úsáid a bhaint as méadrachtaí agus aonaid a ailíníonn le ceanglais agus teorainneacha an AE (mar a shonraítear in **Imleabhar II Rannán 3.2**). Dá réir sin, tá na rátaí táirgthe (i dtonnaí de ghnáth), na rátaí athchúrsála, na rátaí bailiúcháin (a chuirtear in iúl mar % de ghnáth) agus méadrachtaí eile ginte ag an nGníomhaireacht inchomparáide go díreach leis na teorainneacha AE a léirítear sa Phlean seo.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 46**
**Cáilíocht agus infhaighteacht sonraí dramhaíola a fheabhsú**

**Oibreoidh an Earnáil Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear NWCPO agus NTFSO leis na príomh-chomhpháirtithe, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus ar infhaighteacht sonraí dramhaíola.**

Próiseas a bhraitheann ar am is ea bailíochtú sonraí monatóireachta dramhaíola agus tá tréimhse mhoillithe ann idir an bhliain tuairiscithe agus dáta an tuairiscithe ar féidir leis moill a chur ar athbhreithniú feidhmíochta agus ar ghníomh ceartaitheach. Tá geallta ag an WAPCE meitheal a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar chórais tuairiscithe bheo, mar shampla i mBallstáit eile, agus ar a indéanta atá sé córais chomhchosúla a chur chun feidhme in Éirinn. Rachadh a leithéid de chóras chun leasa do

[18] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/

na gnéithe monatóireachta faoin bPlean seo mar gur féidir sonraí láidre a sheachadadh ar bhealach níos tráthúla

Ar leithligh ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, tá an NWCPO agus NTFSO ag gabháil freisin do mhonatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl trí fheidhmeanna na mbailiúchán seo mar a leanas:

- Ceanglaítear ar an NWCPO sonraí tuairiscithe bliantúla a bhailiú le haghaidh staitisticí dramhaíola, ó bhailitheoirí dramhaíola agus ó shaoráidí dramhaíola a cheadaítear trí phróiseas toilithe an údaráis áitiúil. Cé gur fo-thacar é an fhaisnéis seo de chóras tuairiscithe níos leithne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, soláthraíonn na sonraí seo faisnéis luath chun cabhrú le rátaí táirgthe agus acmhainne a rianú; agus
- Déanann an NTFSO maoirseacht agus monatóireacht ar gach lastas dramhaíola lasmuigh den Stát agus arís, bíodh is gur fo-thacar de thuairisciú na Gníomhaireachta é, is féidir leis an bhfaisnéis monatóireacht seo léiriú luath a thabhairt ar threochtaí athraitheacha a bhfuil luach ag baint leo maidir le feidhmíocht agus riachtanais a rianú.

Tá sé beartaithe na sásraí tuairiscithe thuas ar fad a choinneáil chun sonraí atá bailíochtaithe go luath agus go hiomlán a sholáthar do RWMPO sa deireadh chun comhlíonadh spriocanna an AE agus spriocanna náisiúnta sa Phlean seo agus rath na mbeartas agus na ngníomhartha sonraithe a rianú. Chuirfí fáilte roimh chóras tuairiscithe beo a fhorbairt chun sonraí bailíochtaithe a ghiniúint ar bhealach níos pras agus thacódh sé le hidirghabhálacha níos luaithe nuair is gá.

## MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR THÁIRGEADH DRAMHAÍOLA

**Tacaíonn an Plean seo le tacaíocht chomhoibritheach don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sa chóras tuairiscithe reatha (nó in aon chóras tuairiscithe beo amach anseo) chun seachadadh éifeachtúil agus tráthúil sonraí láidre dramhaíola a chumasú atá riachtanach chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean seo.**

## 8.3 ACMHAINNEACHT CÓIREÁLA

Faoi na pleananna roimhe seo ó 2015 go dtí seo, tá tuarascáil chuimsitheach ráithiúil ullmhaithe ag an RWMPO maidir le hacmhainn bonneagair chun bonn eolais a chur faoi bhrú an mhargaidh go luath agus chun gur féidir tabhairt faoi ghníomhartha ceartaitheacha. Is éard atá i gceist leis an tuairisciú seo ná idirchaidreamh leis na saoráidí arb iad an ceann scríbe deiridh iad (líonadh talún agus gléasraí dramhaíl go fuinneamh), áitheanna stroighne, an NTFSO agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun na staitisticí ábhartha a bhailiú chun na tuarascálacha ráithiúla a ullmhú. Pléann an córas monatóireachta seo le príomhghnéithe bainistíochta dramhaíola mar seo a leanas:

- Rátaí táirgthe atá bunaithe ar fhreagairtí luatha sonraí nó ar shonraí bailíochtaithe na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, chun treochtaí i rátaí táirgthe a mheas; agus
- Acmhainneacht an mhargaidh glacadh leis an sruth dramhaíola seo ós rud é go bhfuil uasteorainn bhliantúil ag gach saoráid a fhorchuirtear leis an toiliú ábhartha.

## CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 47

**Monatóireacht ar Acmhainneacht**

**Cuirfidh an Earnáil Rialtais Áitiúil achoimre acmhainneachta ráithiúil ar fáil lena n-áireofar Dramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach agus Dramhaíl T&S.**

Ar dtús, dhírigh an tuarascáil ar Dhramhaíl Sholadach Bhardasach ach le déanaí déanann an tuarascáil athbhreithniú freisin ar na treochtaí agus na heasnaimh dramhaíola tógála agus scartála agus thosaigh sí ag rianú sruthanna dramhaíola eile amhail dramhaíl leighis

Is riachtanas monatóireachta criticiúil é seo a sholáthraíonn sonraí leanúnacha agus cothrom le dáta maidir le hacmhainneachtaí agus is beart tábhachtach é i gcónaí le tabhairt faoi go leanúnach tríd an bPlean seo..

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an NWCPO ag tiomsú clár acmhainneachta don Stát freisin ina liostófar na saoráidí cóireála dramhaíola toilithe go léir, cineál na dramhaíola a cóireáladh agus an acmhainneacht cóireála

suiteáilte. A luaithe a bhunófar an bunachar sonraí seo, déanfar é a nuashonrú agus a chothabháil chun toilithe nua, mionathraithe nó géillte a chur san áireamh. Beidh an bunachar sonraí seo ríthábhachtach d'fheidhm an údaráis áitiúil maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanas acmhainneachta chun beartas, iarratais ar thoiliú forbartha, soláthar teagmhasach agus éigeandála a fhoirmiú

**MONATÓIREACHT AR ACMHAINNEACHT:**
**In éineacht le sonraí táirgthe na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, tacaíonn an Plean seo le ról leanúnach an RWMPO maidir le hacmhainneachtaí cóireála a rianú, a thuairisciú agus a réamh-mheas laistigh den Stát chun pleanáil theagmhasach a éascú agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt nua.**

## 8.4 MONATÓIREACHT AR MHAITHE LE MÉADRACHTAÍ NUA

Iarrann an WAPCE agus an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach go n-áireofaí spriocanna nua maidir le tomhaltas, éilliú, athúsáid, deisiú agus athmhonarú sa Phlean seo.

Bunaítear le h**Imleabhar II** na luachanna bunlíne le haghaidh ídiú acmhainní (Sprioc 1A – mar Dhramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, Sprioc 1B mar dhramhaíl T&S in aghaidh an duine in aghaidh na bliana), éilliú (Sprioc 2B – mar chomhlíontacht ábhar san araid iarmharach) agus athúsáid (Sprioc 3A – mar athúsáid in aghaidh an duine in aghaidh na bliana).

Teastaíonn bunlíne láidir 2024 le haghaidh comhlíontacht ábhar (éilliú) san araid athchúrsála tirime (Sprioc 2A) agus tabharfar aghaidh air seo trí anailís mhaischothromaíochta ar ionchuir agus aschuir ag Saoráidí Aisghabhála Ábhar chun a dheimhniú go bhfuil 90% ar a laghad de na hábhair a bhailítear sna haraidí sin oiriúnach lena n-athchúrsáil.

Ar an gcaoi chéanna, níl aon bhunlíne ann maidir le deisiú/athmhonarú in aghaidh an duine (Sprioc 4a) agus tá gá le córas monatóireacht saincheaptha ar dtús chun bunlíne láidir a bhunú agus ina dhiaidh sin chun sprioc iomchuí uaillmhianach a leagan síos chun dul chun cinn amach anseo a rianú.

Tabharfar faoin modheolaíocht seo a leanas:

1. Bunófar Grúpa Cumasúcháin faoi ghrúpa comhordaithe náisiúnta na hEarnála Rialtas Áitiúil, na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an grúpa a thiocfaidh i gcomharbacht agus in ionad an Choiste Náisiúnta Comhordúcháin um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola). Bunóidh an grúpa seo na téarmaí tagartha agus an t-achar ama chun an bhunlíne agus an sprioc náisiúnta do dheisiú agus athmhonarú a fhorbairt. Ina theannta sin, cinnfear méid spásúil na céime bunlíne chun a fháil amach an mbeidh an bhunlíne ar an leibhéal náisiúnta nó an nglacfar léi mar shampla d'údarás nó réigiún áitiúil atá ionadaíoch go cuí.
2. Rannpháirtíocht leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun aon fhorluí i monatóireacht athúsáide a chomhordú chomh maith le méadrachtaí agus modhanna oiriúnacha a fhorbairt le haghaidh tuairisciú náisiúnta don Phlean seo.
3. Bhí baint ag CRNI agus ag an Rediscovery Centre le forbairt na tuarascála taighde don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar fhorbairt na sprice athúsáide d'Éirinn. Beidh ceachtanna a foghlaimíodh ar infhaighteacht sonraí, sruthanna dramhaíola oiriúnacha agus an bhunlíne seo a mhéadú go leibhéal náisiúnta le haghaidh deisiúcháin agus athmhonarú thar a bheith luachmhar don tasc seo agus moltar teagmháil dhíreach leis na grúpaí seo mar bhonn eolais don spriocmheastóireacht seo.
4. I modheolaíocht an Choimisiúin agus i dtuarascáil taighde na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar na sruthanna atá oiriúnach lena dtomhas lena n-athúsáid, cuirtear fo-thacar féideartha i láthair a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun sprioc deisithe nó athmhonaraithe a fhorbairt. Tar éis teagmháil a dhéanamh le CRNI agus leis an Rediscovery Centre, aithneoidh an Grúpa Cumasúcháin na sruthanna ábhair atá le cur san áireamh sa bhunlíne thosaigh.
5. Ag an tús, féadfar bunlíne theoranta de shruth amháin nó dhá shruth a roghnú chun gur féidir samhail tomhais bhailí a bhunú sula gcuirfear sruthanna breise leis. I measc na sruthanna féideartha atá le háireamh sa spriocfhorbairt, tá na nithe seo a leanas agus féadfar fo-thacair gach ceann díobh a fhorbairt níos mó:

- Teicstílí;
- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach;
- Troscán; agus
- Ábhar agus Táirgí Tógála.

6. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar acmhainneacht agus ar fheasacht an phobail, níl mórán eolais ar chineál agus méid an mhargaidh deisithe agus athmhonaraithe sa Stát. Chun an bhearna eolais seo a réiteach, ní mór fardal de chleachtóirí atá ann cheana do na sruthanna ábhair roghnaithe a fhorbairt chun gur féidir comhlíontacht amach anseo a rianú. Cuimseoidh an fardal seo liosta de na cleachtóirí go léir agus na sruthanna ábhair á ndeisiú ag gach cleachtóir.
7. Baileofar sonraí bunlíne i rith tréimhse chomhaontaithe (agus déanfar iad a choigeartú go séasúrach de réir mar is gá) chun go bhféadfar na sruthanna aonair agus na sruthanna iomlána a dheisiú nó a athmhonarú sa tréimhse.
8. Ar deireadh, bunóidh an Grúpa Cumasúcháin spriocanna uaillmhianacha iomchuí maidir le deisiú agus athmhonarú i bhformáid lenar féidir comparáid a dhéanamh leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, e.g. sprioc mar kg in aghaidh an duine in aghaidh na bliana. D'fhéadfadh na spriocanna seo a bheith ina n-iomláine nó d'fhéadfaí iad a fhorbairt mar spriocanna aonair maidir le sruth ábhar.

Nuair a bheidh na spriocanna bunaithe, ceapfar aon fheabhsuithe ar an gcóras monatóireachta thuas chun an measúnú ar thionchar na ngníomhartha sin maidir le tuairisciú don AE a éascú.

Éilíonn modheolaíocht an Choimisiúin maidir le hathúsáid tuairisciú trí bliana agus déanfar an mhinicíocht tuairiscithe do na spriocanna deisiúcháin agus athmhonaraithe a ailíniú leis an minicíocht tuairiscithe sin. Tabharfar faoi athmheastóireacht ar na spriocanna ag na heatraimh trí bliana seo lena chinntiú go bhféadfar uaillmhian an Phlean seo a mhéadú go cuí de réir mar a dhéanfar an méadú beartaithe ar athúsáid, deisiú, athmhonarú agus meicníochtaí coisctheacha eile a bhaint amach.

I d**Tábla 8.1** tugtar breac-chuntas ar na paraiméadair ionchuir atá ag teastáil agus ar na foinsí sonraí ábhartha atá le húsáid chun cabhrú le faisnéis a bhailiú don uaillmhian, don aidhm agus do na spriocanna a chuirtear i láthair sa phlean seo.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 48**
**Grúpaí Cumasúcháin maidir le Deisiú**

**Comhordóidh an Earnáil Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil bunú grúpa cumasúcháin chun na cúraimí a chur i gcrích chun tacú le spriocanna deisiúcháin inbhuanaithe a chinneadh.**

**MÉADRACHTAÍ MONATÓIREACHTA:**
Tá sraith spriocanna nua tugtha isteach ag an bPlean seo maidir le tomhaltas, éilliú, athúsáid, deisiú agus athmhonarú a éileoidh cur i bhfeidhm luath suntasach chun sonraí láidre a bhunú chun feidhmíocht a mheas.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 49**
**Tuairisciú Bliantúil**

**Cuirfidh an Earnáil Rialtais Áitiúil tuarascáil bhliantúil le chéile ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an phlean, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na bpleananna oibre ar chiorclaíocht agus ar ghníomhú ar son na haeráide.**

## 8.5 TUAIRISCIÚ

I rith an RWMP, d'ullmhaigh an RWMPO tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme na bpleananna dramhaíola agus maidir le feidhmíocht faoi gach ceann de na ceannteidil bheartais atá sna pleananna sin. I dTuarascáil Meastóireachta 2021 maidir le cur chun feidhme RWMP, moladh gur cheart machnamh a dhéanamh ar mhinicíocht an tuairiscithe a athrú agus/nó an sceideal tuairiscithe a ailíniú i gcomhthráth leis na croí-staitisticí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú

Tábla 8.1: Méadrachtaí chun Tacú leis an Uaillmhian, an Aidhm agus na Spriocanna Náisiúnta a Rianú

| Paraiméadar | Aonad | Foinse |
|---|---|---|
| **Uaillmhian an Phlean seo: Fás Dramhaíola de 0%** | | |
| Dramhaíl Iomlán a Táirgeadh | Tonnaí | Staitisticí Dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil[19] (bailíochtaithe) le sonraí bliantúla neamhbhailíochtaithe NWCPO le húsáid chun táscairí eatramhacha a léiriú. |
| Daonra Náisiúnta | Líon na n-áitritheoirí | Meastachán daonra na Príomh-Oifige Staidrimh a eisítear go bliantúil[20] |
| Dramhaíl Iomlán per Capita | Tonnaí/duine/go bliantúil | Os cionn na n-ionchur |
| **Sprioc Náisiúnta Tomhaltais 1A: Dramhaíl Bhardasach Iarmharach** | | |
| Dramhaíl Bhardasach Iarmharach Iomlán | Tonnaí | Staitisticí Dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil |
| Daonra Náisiúnta | Líon na n-áitritheoirí | Meastachán daonra na Príomh-Oifige Staidrimh a eisítear go bliantúil |
| Tomhaltas Náisiúnta | Tonnaí/duine/go bliantúil | Os cionn na n-ionchur |
| **Sprioc Náisiúnta Tomhaltais 1B: Ábhair Tógála** | | |
| Dramhaíl Tógála agus Scartála Iomlán | Tonnaí | Staitisticí Dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil |
| **Sprioc Náisiúnta 2A – Comhlíontacht Ábhar don Araid Athchúrsála Tirime** | | |
| Codáin de dhramhaíl thirim in-athchúrsáilte in araid athchúrsála | % | Ríomhanna comhiomlánaithe cothromaíochta maise ó Shaoráidí Aisghabhála Ábhar chun an codán d'ábhair nach bhfuil in-athchúrsáilte a nglactar leo a chinneadh. |
| **Sprioc Náisiúnta 2B – Comhlíontacht Ábhar don Araid Iarmharach** | | |
| Codáin d'ábhair a chuirtear san araid iarmharach go hiomchuí | % | Suirbhéanna ar shaintréithriú dramhaíola iarmharaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar araidí iarmharacha teaghlaigh agus tráchtála |
| **Sprioc Náisiúnta 3A: Athúsáid per Capita** | | |
| Gníomhaíocht Athúsáide (in aghaidh an tsrutha) agus an t-iomlán | kg/duine/go bliantúil | Staitisticí Dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil chun tuairisciú don Choimisiún |
| **Sprioc Náisiúnta 3B: Bonneagar Athúsáide** | | |
| Codán de CAS le gníomhaíocht athúsáide feidhmiúil | % | Clár CAS na nÚdarás Áitiúil forbartha don Phlean seo |
| Codán de Chéim Iomlán CAS le gníomhaíocht athúsáide feidhmiúil | % | Clár CAS na nÚdarás Áitiúil |
| **Sprioc Náisiúnta 4A: Gníomhaíocht Deisithe agus Athmhonaraithe** | | |
| Gníomhaíocht Deisithe/ Athmhonaraithe (in aghaidh an tsrutha) agus an t-iomlán | kg nó tonnaí | Forbartha faoin bPlean seo |
| Daonra Náisiúnta | Líon na n-áitritheoirí | Meastachán daonra na Príomh-Oifige Staidrimh a eisítear go bliantúil |
| Gníomhaíocht Deisiúcháin/ Athmhonaraithe Náisiúnta | kg/duine/go bliantúil | Os cionn na n-ionchur |
| **Sprioc Náisiúnta 4B: Bailiú Deisithe** | | |
| Líon na mBailiúchán Deisithe | Líon/réigiún | Clár na nÚdarás Áitiúil forbartha don Phlean seo |

[19] Foinse: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/
[20] Foinse: https://www.cso.ie/en/statistics/population/populationandmigrationestimates/

Comhshaoil agus aon chóras nua dinimiciúil nó beo tuairiscithe agus bainistíochta sonraí a chuirtear chun feidhme faoi WAPCE.

Níl aon chóras tuairiscithe beo ar tí tarlú ag am foilsithe an Phlean seo le haghaidh comhairliúcháin. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an córas monatóireachta bliantúil don Phlean seo a choinneáil ach féadfar minicíocht na monatóireachta a athbhreithniú i rith thréimhse an Phlean de réir mar is gá.

Liostaítear na príomhpharaiméadair atá le háireamh sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht mar a leanas:

- Leibhéal comhlíontachta le huaillmhian an Phlean agus Spriocanna Tacaíochta;
- Leibhéal comhlíontachta le Spriocanna ábhartha an Aontais Eorpaigh;
- Rath maidir leis na Croí-Bheartais a chur i bhfeidhm;
- Rath maidir leis na Croí-Bheartas agus na Gníomhartha Tosaíochta den Réimse Fócais a chur i bhfeidhm;
- Saincheisteanna atá ag teacht chun cinn ina bhfuil Gníomhartha Tosaíochta nua nó leasaithe ag teastáil le haghaidh pleananna oibre bliantúla ina dhiaidh sin; agus
- Aon ábhar eile a bhfuil machnamh le déanamh air agus an plean oibre bliantúil á fhorbairt.

.

Ullmhófar an tuarascáil i rith an dara ráithe de gach bliain bunaithe ar shonraí don bhliain féilire roimhe sin do gach ceann díobh thuas.

## COMHLÍONTACHT AGUS FEIDHMÍOCHT A THUAIRISCIÚ:

**Trí rianú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean seo trí spriocanna cainníochtúla agus trí thuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, beifear in ann saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt spriocanna athbhreithnithe agus/ nó pleanáil oibre ina dhiaidh sin.**

## 8.6 ACHOIMRE MONATÓIREACHTA

Tá córas monatóireachta láidir agus tráthúil riachtanach chun dul chun cinn ar sheachadadh an Phlean seo agus na beartais, na gníomhartha agus na torthaí inréadaithe ábhartha a rianú. Bíodh is gurb í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an comhlacht ar a bhfuil príomhfhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar shruthanna dramhaíola agus as monatóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht chóireála RWMPO, is gá do gach páirtí leasmhar sonraí cruinne a sheachadadh go héifeachtúil chun an tuairisciú seo a éascú de réir Chroí-Bheartas CB11 a lorgaíonn tuilleadh comhoibrithe ar shonraí monatóireachta.

Beidh an comhoibriú seo riachtanach freisin chun seachadadh sonraí a chumasú chun tacú leis an gcóras monatóireachta nua atá riachtanach chun an uaillmhian agus na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean seo a rianú.

Beidh na méadrachtaí nua agus ciorclacha seo lárnach chun monatóireacht a dhéanamh ar an aistriú chuig ciorclaíocht faoin bPlean seo.

# 9 MAOIRSEACHT

## 9.1 Forbhreathnú

Is feidhm feidhmiúcháin é plean bainistithe dramhaíola a chruthú agus tugann an tAcht um Bainistiú Dramhaíola deis do Phríomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil plean a dhéanamh ar bhonn údaráis áitiúil aonair nó i gcomhar le húdaráis áitiúla eile.

Cruthóidh gach Príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil an Plean seo go comhuaineach tar éis dóibh a bhfreagrachtaí reachtúla a chur i gcrích i bhforbairt an Phlean.

Is é Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) an comhlacht ionadaíoch do Phríomhfheidhmeannaigh na Cathrach agus an Chontae. Tá réimse Fochoistí ag an CCMA a dhéanann maoirseacht ar fheidhmeanna na n-údarás áitiúil. Déanann an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN) maoirseacht ar fheidhmeanna dramhaíola, lena n-áirítear pleananna bainistithe dramhaíola a chruthú.

Bhunaigh an CCMA Grúpa Maoirseachta Náisiúnta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chruthú an Phlean seo thar ceann na hearnála. Bhí ionadaithe ón earnáil ag gráid éagsúla mar chuid den ghrúpa agus thug siad faoi athbhreithniú cuimsitheach ar gach gné den Phlean de réir mar a bhí sé á ullmhú.

Bíodh is go mbeidh an Plean seo ina phlean aonair don tír, coinneofar na socruithe eagraíochta agus rialachais réigiúnacha atá ann cheana le linn na céime forfheidhmithe. Coinneofar na príomhúdaráis bainistíochta dramhaíola atá ann cheana agus leanfar leis na grúpaí stiúrtha, oibriúcháin agus tascghrúpaí réigiúnacha dramhaíola bunaithe.

## 9.2 MAOIRSEACHT NÁISIÚNTA

Tá roinnt eagraíochtaí sa bhreis ar an Earnáil Rialtais Áitiúil a bhfuil feidhm maoirseachta acu chun bainistíocht dramhaíola a chur i bhfeidhm laistigh den Stát, go háirithe an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá an Roinn freagrach as an gcreat beartais agus reachtaíochta a sholáthar d'earnáil na dramhaíola laistigh den Stát. Go háirithe, tá Roinn freagrach as an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach, Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh agus an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 50**
**Maoirseacht**

**Glacfaidh na RWMPOnna páirt i nGrúpaí Náisiúnta Maoirseachta Dramhaíola & CE, lena n-áirítear an NCGWCE molta agus tuairisceoidh siad do Choiste CATCEN de chuid CCMA maidir le dul chun cinn agus saincheisteanna an Phlean.**

Maidir le maoirseacht ar an earnáil, tá an Roinn freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na scéimeanna bunaithe maidir le comhlíontacht freagrachta táirgeora. Beidh an Roinn freagrach freisin as forbairt aon scéimeanna nua comhlíontachta a fhorbrófar faoin bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach nó faoin Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide a éascú.

Tá ról reachtúil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi Alt 63 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-údarás áitiúil maidir le dualgais

reachtúla chun an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola.

Féadfar tabhairt faoin maoirseacht sin trí iniúchtaí a dhéanamh, amhail measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht nó iniúchadh a dhéanamh ar phleananna monatóireachta bliantúla le haghaidh feidhmeanna comhshaoil éagsúla.

Ina theannta sin, feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Creat Feidhmíochta Údaráis Áitiúil le hobair na n-údarás áitiúil a chomhordú agus a dhíriú chun ardfheidhmíocht chomhsheasmhach a bhaint amach ar fud na tíre. Foilsíonn an Ghníomhaireacht tuarascálacha rialta ar thorthaí na ngníomhartha seo ag na húdaráis áitiúla go léir ar fud na tíre.

Is grúpa ilghníomhaireachta é an Coiste Náisiúnta Comhordúcháin um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola (NCCWMP), lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Earnáil Rialtais Áitiúil a bhfuil ról aige pleanáil bainistíochta dramhaíola a chomhordú laistigh den Stát. Mar a sonraíodh i g**Caibidil 4,** moltar leis an bPlean seo go dtiocfadh grúpa níos dírithe in ionad an ghrúpa seo chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Laistigh den Earnáil Rialtais Áitiúil cheap an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) Comhordaitheoir nua Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPC) in 2021 chun gníomhartha na seirbhísí comhroinnte dramhaíola rialtais áitiúil a chomhordú. Féachann **Caibidil 4** le grúpa comhordúcháin náisiúnta a fhorbairt timpeall an phoist seo chun an Earnáil Rialtais Áitiúil a aontú agus a ailíniú mar ghrúpa náisiúnta chun an Plean náisiúnta seo a sheachadadh.

Go sonrach maidir le forfheidhmiú, déanann Coiste Stiúrtha Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola (NWESC), a bhfuil comhchathaoirleacht déanta air ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe náisiúnta eile, maoirseacht ar obair an WERLA.

Molann an Plean seo roinnt athbhreithnithe ar na socruithe maoirseachta náisiúnta atá ann cheana tríd an ngrúpa comhordúcháin náisiúnta a fhorbairt don Earnáil Rialtais Áitiúil chun oibriú leis an LAWPC chun rannpháirtíocht aontaithe agus comhsheasmhach na n-údarás áitiúil a chur ar fáil le páirtithe leasmhara eile.

**MAOIRSEACHT NÁISIÚNTA:**

**Éascóidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach maoirseacht náisiúnta chomhordaithe trínar féidir tosaíochtaí agus sineirgí comhoibríocha na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus na hEarnála Rialtas Áitiúil a sheachadadh.**

## 9.3 MAOIRSEACHT RÉIGIÚNACH

Soláthraíonn na trí RWMPO maoirseacht réigiúnach ar phleanáil agus ar oideachas bainistithe dramhaíola arb é a bpríomhról cur i bhfeidhm an Phlean a bhainistiú trí chúnamh agus éascú na n-údarás áitiúil i ngach réigiún dramhaíola.

**CROÍ-THORADH INRÉADAITHE 51**
**Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha**

**Leanfaidh na RWMPOnna ag tuairisciú do ghrúpaí stiúrtha réigiúnacha chun nascacht a choinneáil le húdaráis áitiúla aonair, le comhaltaí tofa agus le baill foirne.**

Maidir le forfheidhmiú réigiúnach, tá freagracht ag WERLA as gníomhartha um fhorfheidhmiú dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiúin, agus tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna a shocrú maidir le forfheidhmiú dramhaíola chun forfheidhmiú comhsheasmhach a áirithiú.

Faoin bPlean seo moltar leagan amach na bhfeidhmeanna pleanála agus forfheidhmithe ar leith seo a chur ar bhonn foirmiúil faoi dhá cholún údaráis áitiúil ar leith. Meastar go bhfágfaidh an deighilt cumhachtaí seo go mbeifear in ann comhoibriú níos fearr a dhéanamh go réigiúnach

[22] Link: https://www.epa.ie/our-services/compliance--enforcement/support-and-supervision-of-local-councils/la-performance/

agus go náisiúnta agus go mbeifear in ann seirbhís a sholáthar ar bhealach níos fearr.

## MAOIRSEACHT RÉIGIÚNACH:

**Coinneofar agus feabhsófar feidhmeanna maoirseachta réigiúnacha reatha RWMPO agus WERLA trí dhá cholún ar leith chun maoirseacht réigiúnach níos dírithe a éascú.**

## 9.4 ACHOIMRE AR MHAOIRSEACHT

Leagtar amach i g**Caibidil 4** den imleabhar seo na hathruithe eagraíochtúla inmheánacha agus seachtracha (don LGS) atá ag teastáil chun an Plean seo a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear struchtúir atá ann cheana a choinneáil nó a fheabhsú. Ar cheann de phríomhfheidhmeanna an tsocraithe eagraíochtúil athbhreithnithe seo beidh maoirseacht ar sheachadadh an Phlean seo ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Beidh an fheidhm maoirseachta seo riachtanach chun a chinntiú go mbeidh treo beartais agus feidhmíocht na bpáirtithe leasmhara go léir aontaithe agus comhsheasmhach le huaillmhian an Phlean seo.

## ACHOIMRE AR THORTHAÍ INRÉADAITHE CHUID C

Sainaithnítear in **Imleabhar III Cuid C, Cuid C – Cur i bhfeidhm, Monatóireacht agus Maoirseacht**, raon de chroí-thorthaí inréadaithe a theastaíonn chun beartais agus gníomhartha tosaíochta a chumasú a leagtar amach in **Imleabhar II**.

Tá na Croí-Thorthaí Inréadaithe ailínithe leis na príomh-chomhpháirtithe chun beartas dramhaíola a sheachadadh ag leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach maidir le forbairt an Phlean agus ag cur béim ar thábhacht na comhúinéireachta maidir le huaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach.

Tá innéacs iomlán de na Croí-Thorthaí Inréadaithe faoin bPlean seo in **Aguisín 11 d'Imleabhar IV** agus déantar na torthaí inréadaithe seo a mhapáil de réir na spriocanna, na mbeartas agus na ngníomhartha atá liostaithe in **Imleabhar II**.

Léiríonn **Fíor 9.1** cás ina bhfuil gníomhaíocht shonrach (A) ag teastáil ó phríomh-chomhpháirtí nó i gcás ina bhfuil tacaíocht (S) ag teastáil ó phríomh-chomhpháirtí le go mbainfear amach na croí-thorthaí inréadaithe do mhonatóireacht agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm.

| Uimhir | Toradh Inréadaithe | LGS | | DECC | | EPA | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Beart | Tacaíocht | Beart | Tacaíocht | Beart | Tacaíocht |
| 41 | Pleanáil Oibre Ilbhliantúil Straitéiseach | Beart | | Beart | | Beart | |
| 42 | Plean Oibre Bliantúil na hEarnála Rialtas Áitiúil | Beart | | | | | |
| 43 | Plean Oibre Bliantúil - Colún 1 | Beart | | | | | |
| 44 | Plean Oibre Bliantúil - Colún 2 | Beart | | | | | |
| 45 | Tionchar na bpleananna oibre ar chiorclaíocht agus ar thionchar aeráide a mheas | Beart | | | | | |
| 46 | Cáilíocht agus infhaighteacht sonraí dramhaíola a fheabhsú | | Tacaíocht | | Tacaíocht | | Tacaíocht |
| 47 | Monatóireacht ar Acmhainneacht | Beart | | | | | |
| 48 | Grúpaí Cumasúcháin maidir le Deisiú | Beart | | Beart | | | |
| 49 | Tuairisciú Bliantúil | Beart | | | | | |
| 50 | Maoirseacht | | Tacaíocht | | | | |
| 51 | Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha | Beart | | | | | |

Fíor 9.1: Achoimre ar Chroí-Thorthaí Inréadaithe do Chuid C

# ACHOIMRE AR AN TREOCHLÁR SEACHADTA

Is é seo **Imleabhar III**, an Treochlár Seachadta, don Phlean Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030 agus tá leagtha amach ann na riachtanais ó chroí-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara chun an uaillmhian, na spriocanna, na polasaithe agus na gníomhartha atá leagtha amach in **Imleabhar II** a réadú i dteannta Croí-thorthaí Inréadaithe, agus nuair a thógtar le chéile iad, bealach chun uaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach.

Tá na croí-thorthaí inréadaithe atá sainaitheanta ailínithe le príomh-chomhpháirtithe seachadta an bheartais agus rinneadh freagracht as gach ceann de na croí-thorthaí inréadaithe a sainaithníodh a shannadh dóibh. Tá innéacs iomlán de na Croí-Thorthaí Inréadaithe faoin bPlean seo in **Aguisín 11 d'Imleabhar IV** agus déantar na torthaí inréadaithe seo a mhapáil de réir na spriocanna, na mbeartas agus na ngníomhartha atá liostaithe in **Imleabhar II**.

Táthar ag tuar go méadóidh an daonra agus an fás eacnamaíoch táirgeadh na dramhaíola i rith thréimhse an Phlean. Cé gur féidir leis na hidirghabhálacha a luaitear sa Phlean seo, sa WAPCE agus san Acht um an nGeilleagar Ciorclach cabhrú le srian a chur ar tháirgeadh dramhaíola, is é an treocht bhunúsach ná méadú ar tháirgeadh dramhaíola agus is é an príomhfhócas ar chosc dramhaíola ná trí fhíorathrú iompraíochta a thabhairt i gcrích. Ina theannta sin, tá na hidirghabhálacha sonracha seo a leanas riachtanach chun seachadadh a dhéanamh chun cabhrú le srian a chur ar rátaí táirgthe:

- Na spriocanna faoin Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025 (CTI1) a thabhairt i gcrích go rathúil;
- Cur chun feidhme an chórais praghsála dreasaithe le haghaidh dramhaíl bhardasach tráchtála (CTI2); agus
- Cur chun feidhme an chinnidh náisiúnta Rialachán 27 maidir le hithir agus cloch ó láithreáin úrnua (CTI7),

Amhail cosc, tá roinnt idirghabhálacha ann (amhail an Tobhach Athshlánaithe, CTI5) a d'fhéadfadh an ráta athchúrsála náisiúnta a mhéadú. Ag brath ar rathúlacht na n-idirghabhálacha atá beartaithe, d'fhéadfaí an ráta athchúrsála náisiúnta a mhéadú 4% ar a laghad agus 9% ar a mhéad agus ráta féideartha gar do 50% ann faoi dheireadh thréimhse an Phlean in 2030. Tugann an anailís seo le tuiscint, i bhfianaise thionchar toimhdithe na n-idirghabhálacha thuas, nach mbainfidh an Stát amach na spriocanna náisiúnta athchúrsála le haghaidh 2025, 2030 ná 2035, gan idirghabhálacha breise.

Chun an t-aistriú fadtéarmach chuig geilleagar ciorclach a chumasú, tá réamh-mheas déanta sa Phlean seo leis an ngá atá le sraith riachtanas bonneagair a sheachadadh chun saincheisteanna acmhainneachta níos giorra a réiteach agus chun bonneagar dramhaíola agus acmhainní ag céim níos airde (CTI11 go CTI21) níos fadtéarmaí a spreagadh.

Leagtar amach sa Phlean sraith socruithe eagraíochtúla inmheánacha agus seachtracha a mholtar chun freagairt do na dúshláin a shainaithnítear in **Imleabhar II**. I ndeireadh na dála, beidh seachadadh na socruithe molta mar bhonn eolais ag an bpróiseas athbhreithnithe ar sheirbhísí comhroinnte go hinmheánach laistigh den LGS, rud a chinnfidh an struchtúr eagraíochtúil is fearr chun freagairt na hearnála i leith an dúshláin dramhaíola agus ciorclaíochta a chothabháil.

Moltar sa Phlean seo go mbunófaí Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil chun feidhmeanna na socruithe seirbhísí comhroinnte atá ann cheana a chomhordú, mar aon le feidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil aonair (CTI22).

Cinnteoidh bunú molta an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dhramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach (CTI15) go mbeidh ardán comhaontaithe ar thosaíochtaí agus ar chláir i rith shaolré an Phlean ag na príomh-chomhpháirtithe i bpleanáil agus i rialáil an mhargaidh (LGS, an Roinn Comhshaoil, Aeráide

agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil).

Chun leanúnachas gnó a chinntiú i seachadadh fheidhm dramhaíola na n-údarás áitiúil, beidh gá le hinfheistíocht leanúnach ón rialtas áitiúil agus ón rialtas láir dar luach de thart ar €300 milliún in aghaidh na bliana (CTI29). Mar sin féin, gealltar sa Phlean go dtabharfaidh an LGS faoi bhearta agus straitéisí a shocrú chun na heasnaimh chaiteachais reatha a shainaithnítear (CTI30 go 33) a mhaolú.

Chomh maith leis sin, léirítear sa Phlean seo na hacmhainní breise atá ag teastáil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach atá geallta laistigh den Phlean a bhrostú. Is ionann an bhreisíocht chainníochtaithe agus €6.6 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana nó €39.6 milliún i rith shaolré an Phlean (CTI34 go 39).

Chun beartais, gníomhartha agus torthaí inréadaithe an Phlean seo a chur i bhfeidhm, tá gá le leibhéal oiriúnach solúbthachta chun freagairt do thosaíochtaí atá ag athrú, do mhargaí agus d'imeachtaí nach raibh súil leo. Cuirfear an cur chuige dinimiciúil seo i bhfeidhm trí thimthriall bliantúil pleanála oibre (CPI41 go 44) agus meastóireachta chun gur féidir idirghabháil luath a dhéanamh chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a réiteach le spriocanna agus uaillmhian an Phlean a bhaint amach (CPI45).

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

REGIONAL
WASTE
MANAGEMENT
PLANNING OFFICES